AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 11.10.2011
COIM(2011) 635 leagan deireanach

2011/0284 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach

{SEC(2011) 1165 leagan deireanach}
{SEC(2011) 1166 leagan deireanach}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- Forais agus cuspóirí an togra

Cuireann na difríochtaí idir dlí conarthaí na mBallstát bac ar thomhaltóirí ar mian leo trádáil trasteorann a dhéanamh laistigh den mhargadh inmheánach. Fágann sin go mbíonn drogall ar thrádálaithe, fiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe, dul i mbun trádála trasteorann agus a ngnó a leathnú amach chuig margaí Ballstát eile. Níl teacht ag tomhaltóirí, dá dheasca sin, ar tháirgí a dhíolann trádálaithe i mBallstáit eile.

I láthair na huaire, as gach deich dtrádálaí atá ag gabháil do dhíol earraí níl ach duine amháin acu a dhéanann onnmhairiú laistigh den Aontas, agus a bhformhór sin féin, is chuig dornán beag Ballstát a onnmhairíonn siad. Bacainní a bhaineann le dlí na gconarthaí ceann de na príomhchúiseanna leis sin. De réir na suirbhéanna atá déanta[1] ar na bacainní go léir atá le trádáil trasteorann, amhail rialúcháin chánach, ceanglais riaracháin, deacrachtaí seachadta, cúrsaí teanga agus cultúir, is iad na bacainní a bhaineann le dlí na gconarthaí na bacainní is mó tromchúis.

Ó tharla go gcaithfidh trádálaithe dul i dtaithí ar chórais éagsúla de dhlí na gconarthaí agus iad i mbun trádála trasteorann, is casta agus is costasaí i bhfad an trádáil sin i gcomórtas le trádáil intíre, ó thaobh idirbheart idir gnólachtaí agus tomhaltóirí agus ó thaobh idirbheart idir gnólachtaí.

Is gnách freisin go mbíonn costais bhreise idirbheart ar thrádálaithe sa trádáil trasteorann nach mbíonn orthu sa trádáil intíre. Mar shampla, tagann costais as na deacrachtaí a bhíonn acu eolas a fháil ar na forálacha de dhlí conarthaí is infheidhme i dtír iasachtach, comhairle dlí a fháil, an dlí is infheidhme maidir le hidirbhearta idir gnólachtaí a chaibidliú, agus conarthaí a chur in oiriúint do na ceanglais atá i ndlíthe an tomhaltóra maidir le hidirbhearta idir gnólachtaí agus tomhaltóirí.

I gcás idirbheart trasteorann idir gnólachtaí agus tomhaltóirí, beidh éifeacht mhór ag dlí na gconarthaí a bhaineann le costais idirbhearta agus ag bacainní dlí a thagann as difríochtaí idir na rialacha sainordaitheacha náisiúnta maidir le cosaint tomhaltóirí. De bhun Airteagal 6 de Rialachán 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2008 maidir leis an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha (An Róimh 1)[2], aon uair a bhaineann gníomhaíochtaí gnólachta le tomhaltóirí i mBallstát eile, caithfidh an gnólacht sin dlí conarthaí an Bhallstáit sin a chomhlíonadh. I gcásanna ina bhfuil dlí eile infheidhme roghnaithe ag na páirtithe agus ina bhfuil leibhéal níos airde cosanta i bhforálacha Bhallstát an tomhaltóra maidir le cosaint shainordaitheach tomhaltóirí, ní mór na rialacha sainordaitheacha sin de na dlíthe an tomhaltóra a urramú. Fágann sin go gcaithfidh trádálaithe fáil amach roimh ré an bhfuil leibhéal níos airde cosanta i ndlíthe an Bhallstáit ina bhfuil gnáthchónaí ar an tomhaltóir agus féachaint chuige go gcomhlíonann a gconradh ceanglais na ndlíthe sin. An comhchuibhiú atá déanta go dtí seo ar dhlí an tomhaltóra ar leibhéal an Aontais, tháinig roinnt

---

[1] Eorabharaiméadar 320 maidir le Dlí Conarthaí na hEorpa in idirbhearta idir gnólachtaí, 2011, lch. 15 agus Eorabharaiméadar 321 maidir le Dlí Conarthaí na hEorpa in idirbhearta tomhaltóirí, 2011, lch. 19.

[2] IO L 177, 4.7.2008, lch. 6.

neastacháin as i réimsí áirithe ach mar sin féin, tá difríochtaí móra idir dlíthe na mBallstát. Nuair a dhéanann trádálaithe idirbhearta ríomhthráchtála, tabhaíonn siad costais eile a bhaineann le dlíthe conarthaí ós rud é go gcaithfidh siad a suíomh gréasáin a chur in oiriúint do cheanglais dlí gach Ballstáit ina mbíonn siad gníomhach.

I gcás idirbheart trasteorann idir trádálaithe, níl na páirtithe faoi réir na srianta céanna sa dlí is infheidhme. Mar sin féin, tá mórthionchar eacnamaíoch ag baint le dlí iasachtach a chaibidliú agus a chur i bhfeidhm. Ualach an-mhór, ar fhiontair bheaga is mheánmhéide go háirithe, is ea na costais a thagann as an bplé a dhéantar le dlíthe náisiúnta éagsúla. Agus iad a plé le comhlachtaí móra, is gnách go mbíonn ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide toiliú dlí a gcomhpháirtí gnó a chur i bhfeidhm agus na costais a sheasamh a thagann as an dlí iasachtach a scrúdú agus a chomhlíonadh. Is bac mór le trádáil trasteorann go gcaithfidh fiontair bheaga agus mheánmhéide an dlí infheidhme a chaibidliú nuair atá siad ag déanamh conartha le chéile. I gcás gach ceann den dhá chineál conartha (conradh idir gnólachtaí agus conradh idir gnólachtaí agus tomhaltóirí), féadann na costais bhreise ar fhiontair bheaga is mheánmhéide a bheith as compás le luach an idirbhirt.

Méadaíonn na costais bhreise sin i gcomhréir le líon na mBallstát a n-onnmhairíonn an trádálaí chucu. Go deimhin, dá mhéad líon na dtíortha a n-onnmhairíonn trádálaithe chucu is ea is mó a chuireann difríochtaí i ndlí na conarthaí bac le trádáil, dar leo. Tá fiontair bheaga agus mheánmhéide faoi bhac ar leith: dá laghad láimhdeachas an chomhlachta, is ea is mó an sciar de na costais idirbheart a sheasann sé.

Thairis sin, an chastacht dlí a gcaithfidh trádálaithe dul i ngleic léi sa trádáil trasteorann tá sí níos mó ná castacht dlí na trádála intíre de bhrí gur minic a bhíonn siad ag déileáil leis an iliomad dlíthe conarthaí náisiúnta atá éagsúil le chéile.

Cuireann dlíthe iasachtacha le castacht idirbheart trasteorann. Rinne trádálaithe a chasta atá sé forálacha de dhlí conarthaí iasachtach a fháil amach a aicmiú mar an deacracht is mó, i gcás idirbheart idir gnólachtaí agus tomhaltóirí, agus chuir siad sa tríú háit í i gcás idirbheart idir gnólachtaí[3]. Bíonn cúrsaí dlí níos casta nuair atá trádálaí ag trádáil le tír a bhfuil a córas dlí an-éagsúil le córas dlí thír an trádálaí. Tá sé cruthaithe go heimpíreach go ndéanann tíortha ag a bhfuil córas dlí den bhunadh céanna i bhfad níos mó trádála le chéile ná a dhéanann tíortha nach bhfuil córas dlí den bhunadh céanna acu[4].

Fágann na difríochtaí sin i ndlí na gconarthaí, na costais bhreise idirbheart agus an chastacht a thagann as an dá rud sin nuair atáthar i mbun idirbheart trasteorann, go mbíonn drogall ar go leor trádálaithe, fiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe, a ngnó a leathnú amach chuig margaí Ballstát eile. Toradh eile atá air sin go sriantar iomaíocht sa mhargadh inmheánach. Tá luach na mbilliún euro ar an trádáil a ligtear thar ceal gach bliain idir na Ballstáit i ngeall ar dhifríochtaí idir dlí na gconarthaí.

---

[3] Eorabharaiméadar 320 maidir le Dlí Eorpach na gConarthaí in idirbhearta idir gnólachtaí, 2011, lch. 15; Eorabharaiméadar 321 maidir le Dlí Eorpach na gConarthaí in idirbhearta custaiméirí, 2011, lch. 19.

[4] "Agus anailís á déanamh ar thrádáil idirnáisiúnta ar fud thíortha an ECFE, léirítear go n-imrítear mórthionchar ar thrádáil [...] i gcás tíortha a bhfuil córas dlí cosúla acu ag cur san áireamh tosca tír-shonracha, achair, teorainn agus teanga chomónta a bheith a bheith ann [...] . Is gnách go mbíonn sreabha trádála atá 40% níos mó ag na tíortha sin." 'Traders, Courts and the Border Effect Puzzle' le A. Turrini and T. Van Ypersele, Regional Science and Urban Economics 40 (2010), lch.82.

Tá drochthionchar aige sin ar thomhaltóirí Eorpacha freisin. Dá laghad trádáil trasteorann a dhéantar is ea is lú allmhairiú a dhéantar agus is lú iomaíocht idir trádálaithe. D'fhéadfadh a theacht as sin raon níos srianta táirgí ar phraghas níos airde i margadh an tomhaltóra.

Cé go bhféadfadh mórbhuntáistí eacnamaíocha, mar atá méadú ar thairiscintí agus tairiscintí níos fearr, teacht as an tsiopadóireacht trasteorann, déanann formhór tomhaltóirí na hEorpa fós a gcuid siopadóireachta ina dtír féin. Ceann de na príomhchúiseanna leis sin gur minic nach mbíonn a fhios ag tomhaltóirí, i ngeall ar na ndifríochtaí idir dlíthe náisiúnta, cé na cearta atá acu nuair a dhéanann siad siopadóireacht trasteorann. Mar shampla, ceann de na húdair scime is mó atá ag tomhaltóirí is ea fios a bheith acu cé na leigheasanna atá ann má cheannaíonn siad i mBallstát eile táirge nach bhfuil ag teacht leis an gconradh faoinar ceannaigh siad é. Cuireann sé sin drogall ar go leor tomhaltóirí táirgí a cheannach lasmuigh dá dtír féin. Tá tomhaltóirí ag ligean tharastu deiseanna sa mhargadh inmheánach óir is minic a bhíonn tairiscintí níos fearr ó thaobh cáilíochta agus praghsanna i mBallstáit eile.

A bhuí le ríomhthráchtáil is fusa tairiscintí a chuardach, agus praghsanna agus coinníollacha eile a chur i gcomparáid is cuma cá háit a bhfuil an trádálaí lonnaithe. Ach is minic a éiríonn sé do thomhaltóirí, ar ordú a chur isteach dóibh chuig gnólacht i mBallstát eile, go ndiúltaítear aon ní a dhíol leo ar bhonn prionsabail ghnó; is iondúil gur difríochtaí idir dlíthe conarthaí faoi deara sin.

Is éard is aidhm **fhoriomlán** don togra feabhas a chur ar bhunú agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí bhíthin spreagadh a thabhairt don trádáil trasteorann a dhéanann gnólachtaí agus don cheannach trasteorann a dhéanann custaiméirí. Is féidir an aidhm sin a bhaint amach ach tacar rialacha aonfhoirmeacha neamhspleácha maidir le dlí na gconarthaí a thabhairt ar aird, lena n-áirítear forálacha chun custaiméirí a chosaint, i.e. an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach, rud a mheasfar a bheith mar dhara córas de dhlí conarthaí laistigh de dhlí náisiúnta gach Ballstáit.

Ba cheart go mbeadh trádálaithe in ann an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a chur i bhfeidhm san uile chineál gnó trasteorann a dhéanann siad laistigh den Aontas Eorpach seachas bheith ag déanamh oiriúnuithe i ndáil le dlíthe conarthaí náisiúnta éagsúla, má thoilíonn an páirtí eile sa chonradh leis sin. Ba cheart go gclúdódh an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach saolré iomlán an chonartha, ag cuimsiú fhormhór na réimsí a bhíonn ábhartha agus conarthaí trasteorann á dtabhairt i gcrích. Dá thoradh sin, i dtaca le heolas ar dhlí náisiúnta Ballstát eile, ní bheadh ag teastáil ó thrádálaithe ach roinnt gnéithe de nach bhfuil cumhdaithe ag an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach agus ar lú i bhfad a dtábhacht. I gcás idirbheart idir gnólachtaí agus tomhaltóirí níor ghá na forálacha sainordaitheacha maidir le cosaint tomhaltóirí i ndlí náisiúnta an tomhaltóra a shainaithint, de bhrí go mbeadh sa Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach rialacha lán-chomhchuibhithe maidir le cosaint tomhaltóirí a chuirfeadh ardchaighdeán cosanta ar fáil ar fud an Aontais Eorpaigh. I gcás idirbheart trasteorann idir trádálaithe, b'fhusa an chaibidlíocht a dhéanamh ar an dlí is infheidhme ós rud é go bhféadfadh na páirtithe conarthacha comhaontú úsáid a bhaint as an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach, rud a mbeadh fáil ag an dá pháirtí air, chun an conradh eatarthu a rialú.

Mar thoradh díreach air sin, d'fhéadfadh trádálaithe na costais bhreise idirbheart a sheachaint a thagann as dlíthe conarthaí, agus d'fhéadfaidís a gcuid gnó a dhéanamh i gcomhthéacs ina mbeadh an dlí maidir le trádáil trasteorann níos simplí, a bhuí sin le tacar amháin rialacha a bheith i bhfeidhm ar fud an Aontais Eorpaigh. D'fhágfadh sé sin go bhféadfadh trádálaithe leas níos mó a bhaint as an margadh inmheánach trí bhíthin a gcuid gnó a leathnú amach thar theorainneacha, agus ar an dóigh sin mhéadófaí ar iomaíocht sa mhargadh inmheánach.

Bheadh tomhaltóirí thuas leis toisc go mbeadh teacht níos fusa acu ar thairiscintí ó gach tír san Aontas Eorpach ar phraghsanna níos ísle agus toisc gurb annaimhe a dhiúltófaí earraí a dhíol leo. Ina cheann sin bheadh tuiscint níos glaine ag tomhaltóirí ar a gcearta maidir le siopadóireacht trasteorann ós rud é go mbeadh tacar amháin rialacha sainordaitheacha ann a chuirfeadh ardleibhéal cosanta ar fáil dóibh.

Comhthéacs ginearálta

Le teachtaireacht a d'eisigh an Coimisiún in 2001[5] cuireadh tús le próiseas leathan comhairliúcháin phoiblí chun plé a dhéanamh ar an gcreat dlí i réimse dhlí na gconarthaí a bheith ilroinnte agus ar an mbac a chuireann sin le trádáil trasteorann. I mí Iúil 2010 sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí ar fhoilsiú dó an 'Páipéar Uaine ar roghanna beartais chun dul chun cinn a dhéanamh ionsar dhlí Eorpach na gconarthaí le haghaidh tomhaltóirí agus gnólachtaí'[6]. Leagtar amach sa Pháipéar sin na roghanna beartais éagsúla a d'fhéadfaí a úsáid chun an margadh inmheánach a neartú trí bhíthin tosú ar dhlí conarthaí Eorpach a bhunú.

Mar fhreagra ar an bPáipéar Uaine, d'eisigh Parlaimint na hEorpa rún an 8 Meitheamh 2011 inar dhearbhaigh sí go mbeadh sí go mór ar son ionstraim a chuirfeadh feabhas ar bhunú agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus a bheadh le leas trádálaithe, tomhaltóirí agus chórais dlí na mBallstát.

Aithnítear sa Tuarascáil ón gCoimisiún 'Eoraip 2020'[7] nach mór an costas agus an dua a laghdú a bhíonn ar thrádálaithe agus ar thomhaltóirí agus iad ag tabhairt i gcrích conarthaí le comhpháirtithe agus le Ballstáit eile, trí bhíthin, go háirithe, dul chun cinn a dhéanamh ionsar dhlí Eorpach na gconarthaí roghnach. Sa Chlár Oibre Digiteach don Eoraip[8] pléitear ionstraim roghnach a bheith i ndlí Eorpach na gconarthaí chun ilroinnt dhlí na gconarthaí a chealú agus chun muinín tomhaltóirí sa ríomhthráchtáil a mhéadú.

- Forálacha atá ann cheana i réimse an togra

Tá mórdhifríochtaí idir dlíthe conarthaí na mBallstát. Ar dtús, bhí an tAontas ag rialáil réimse dhlí na gconarthaí le Treoracha um chomhchuibhiú íosta a glacadh i réimse na ndlíthe maidir le cosaint tomhaltóirí. D'fhág na Treoracha um chomhchuibhiú íosta sin gur fhéad na Ballstáit ceanglais shainordaitheacha níos déine ná iad sin dá bhforáiltear san *acquis* a choinneáil nó a thabhairt isteach. Is é toradh atá air sin go bhfuil cleachtais na mBallstát díréireach fiú amháin sna réimsí sin a ndearnadh comhchuibhiú orthu ar leibhéal an Aontais. Os a choinne sin, sa Treoir um Chearta Tomhaltóirí a glacadh le déanaí, tá lán-chomhchuibhiú déanta ar an bhfaisnéis réamhchonarthach atá le tabhairt do chustaiméirí, ar an gceart chun tarraingt siar atá ag tomhaltóirí i gcianchonarthaí agus i gconarthaí seacháitribh agus ar ghnéithe áirithe de sheachadadh earraí agus ar riosca a chur ar aghaidh.

Maidir leis an gcaidreamh idir trádálaithe, tá an tAontas tar éis íosrátaí úis a bhunú chun an comhrac in aghaidh íocaíochtaí déanacha a rialáil. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, bíonn feidhm ag Coinbhinsiún Vín ar Dhíolacháin Idirnáisiúnta Earraí (Coinbhinsiún Vín) nuair nach

---

5 COIM (2001) 398, 11.7.2001.

6 COIM (2010) 348 críochnaitheach, 1.7.2010.

7 Tá tagairt don tionscnamh maidir le dlí Eorpach na gconarthaí sa Ghníomh um an Margadh Aonair COIM (2011) 206 críochnaitheach, lch. 19, 13.4.2011 agus sa Suirbhé Bliantúil Fáis, Iarscríbhinn 1, tuarascáil dul chun cinn ar an Eoraip 2020 COIM (2011) 11 – A1/2, 12.1.2010, lch. 5 freisin.

8 COIM (2010) 245 críochnaitheach, 26.8.2010, lch. 13.

dtograíonn na páirtithe dlí eile a chur i bhfeidhm. Rialaíonn Coinbhinsiún Vín ar Dhíolacháin Idirnáisiúnta Earraí gnéithe áirithe de chonarthaí díolacháin earraí ach tá ceisteanna tábhachtacha lasmuigh dá raon feidhme, amhail fabhtanna comhthola, téarmaí éagóracha conartha, agus rúradh. Tá srianta eile ar a infheidhmeacht ar siocair nár shínigh na Ballstáit go léir é[9] agus nach bhfuil aon mheicníocht ann a d'fhéadfadh a áirithiú nach mbeadh ach aon léirmhíniú amháin air.

Tá roinnt gníomhartha reachtacha de chuid an Aontais atá ábhartha don chaidreamh idir gnólachtaí agus tomhaltóirí agus don chaidreamh idir gnólachtaí araon. Tá rialacha sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil[10] a bhaineann le bailíocht conarthaí arna dtabhairt i gcrích go leictreonach agus maidir le ceanglais réamhchonarthacha.

I réimse an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh, tá ionstraimí maidir le roghnú dlí glactha ag an Aontas, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha (Róimh I)[11], agus, i dtaca le dualgais faisnéise réamhchonarthacha, Rialachán (AE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí neamhchonarthacha (Róimh II)[12]. Leagtar amach sa chéad cheann acu sin na rialacha maidir leis an dlí is infheidhme i réimse na n-oibleagáidí conarthacha a chinneadh, agus leagtar amach sa dara ceann na rialacha maidir leis an dlí is infheidhme i réimse na n-oibleagáidí neamhchonarthacha a chinneadh, lena n-áirítear iad sin a thagann as ráitis réamhchonarthacha.

Leanfaidh d'fheidhm a bheith ag Rialachán Róimh I agus ag Róimh II agus ní dhéanfaidh an togra aon difear dóibh, ach beidh sé riachtanach i gcónaí an dlí is infheidhme maidir le conarthaí trasteorann a chinneadh. Déanfar sin de réir ghnáthfheidhmiú Rialachán Róimh I. Féadfaidh na páirtithe féin é sin a dhéanamh (Airteagal 3 de Rialachán Róimh I) agus, mura ndéanann siad é, déanfar é ar bhonn na rialacha réamhshocraithe in Airteagal 4 de Rialachán Róimh I. A fhad a bhaineann le conarthaí le tomhaltóirí, faoi choinníollacha Airteagal 6(1) de Rialachán Róimh I, mura bhfuil an dlí is infheidhme roghnaithe ag na páirtithe, is éard a bheidh sa dlí sin dlí gnátháit chónaithe an tomhaltóra.

Beidh an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach ar an dara córas de dhlí na gconarthaí laistigh de dhlí náisiúnta gach Ballstáit. I gcás ina gcomhaontaíonn na páirtithe an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid, is ag rialacha an dlí sin, agus acu sin amháin, a bheidh feidhm i dtaca le ceisteanna a thagann faoina raon feidhme. I gcás ina dtagann ceist faoi raon feidhme an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh, ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag aon rialacha náisiúnta eile. Is éard atá i gcomhaontú an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpach a úsáid, rogha a dhéanamh idir dhá thacar dlíthe díolacháin laistigh d'aon dlí náisiúnta amháin; ní hionann é, dá bhrí sin, agus roghnú an dlí is infheidhme de réir bhrí rialacha an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh, agus ní ceart é a thógáil in ábhraíocht sin.

Ós rud é nach gcumhdóidh an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach gach gné de chonradh (e.g. neamhdhleathacht conarthaí, ionadaíocht) leanfaidh na rialacha atá ann cheana de dhlí

---

9 Níor shínigh an Ríocht Aontaithe, Éire, an Phortaingéil ná Málta é.

10 Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach IO L 178, 17.7.2000, lch. 1-16.

11 IO L 177, 4.7.2008, lch. 6.

12 IO L 199, 31.7.2007, lch. 40.

sibhialta an Bhallstáit is infheidhme maidir leis an gconradh, leanfaidh siad de bheith ag rialú na gceisteanna iarmharacha sin.

Faoi ghnáthfheidhmiú Rialachán Róimh I, áfach, tá srianta ar roghnú an dlí i gcás idirbheart idir gnólachtaí agus tomhaltóirí. Má roghnaíonn na páirtithe in idirbheart idir gnólachtaí agus tomhaltóirí dlí Ballstáit nach dlí Bhallstát an tomhaltóra é, faoi choinníollacha Airteagal 6(1) de Rialachán Róimh I, ní fhéadfaidh an rogha sin baint den chustaiméir an chosaint atá aige faoi fhorálacha sainordaitheacha an dlí maidir lena gnáthchónaí (Airteagal 6(2) de Rialachán Róimh I). Ní bheidh aon tábhacht phraiticiúil ag an bhforáil dheireanach sin má roghnaíonn na páirtithe an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach laistigh de dlí náisiúnta is infheidhme. Is é is cúis leis sin gurb ionann forálacha Dhlí Coiteann Díolacháin Eorpach dhlí na tíre arna roghnú agus forálacha Dhlí Coiteann Díolacháin Eorpach thír an tomhaltóra. Dá bhrí sin, níl leibhéal na ndlíthe sainordaitheacha maidir le cosaint tomhaltóirí i dtír an tomhaltóra níos airde agus ní bhaintear den tomhaltóirí an chosaint atá aige faoi dhlí a ghnátháit chónaithe.

- Comhsheasmhacht le beartais agus le cuspóirí eile an Aontais

Tá an togra comhsheasmhach leis an gcuspóir ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach, ós rud é go bhfuil rialacha sainordaitheacha maidir le cosaint tomhaltóirí ann nach féidir leis na páirtithe maolú uathu chun aimhleasa an tomhaltóra. Ina theannta sin, tá leibhéal cosanta na bhforálacha sainordaitheacha cothrom leis an leibhéal atá san *acquis* reatha, nó níos airde ná é.

Tá an togra comhsheasmhach freisin le beartas an Aontais cuidiú le fiontair bheaga agus mheánmhéide leas níos mó a bhaint as an margadh inmheánach. Is féidir an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a roghnú i gcás conarthaí idir trádálaithe nuair is fiontar beag nó meánmhéide ar a laghad ceann amháin acu, de réir Mholadh 2003/361[13] maidir le micreafhiontair, fiontar bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainiú, ag cur san áireamh forbairtí a dhéanfar sa todhchaí.

Ar deireadh, tá an togra comhsheasmhach le beartas trádála an Aontais sa mhéid is nach ndéanann sé idirdhealú in aghaidh páirtithe ó thríú tíortha a d'fhéadfadh togradh an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a chur i bhfeidhm ar chuntar go bhfuil páirtí amháin sa chonradh bunaithe i mBallstát.

Tá an togra seo gan dochar do thionscnaimh de chuid an Choimisiúin amach anseo a bhaineann le sáruithe ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, mar shampla tionscnaimh a bhaineann leis na rialacha iomaíochta.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

- Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara

Le foilsiú an Pháipéir Uaine, sheol an Coimisiún comhairliúchán fairsing poiblí a dúnadh an 31 Eanáir 2011. Mar fhreagra ar an bPáipéar Uaine, fuair an Coimisiún 320 freagra ó gach catagóir geallsealbhóirí ó gach cearn den Aontas. Dar le go leor freagróirí go raibh dealramh le Rogha 1 (foilsiú thorthaí an Ghrúpa Saineolaithe) agus le Rogha 2 ('bosca uirlisí' do reachtóir an Aontais). Thacaigh roinnt Ballstát agus roinnt geallsealbhóirí eile le Rogha 4

[13] IO L 124, 20.5.2003, lch. 36.

(ionstraim roghnach de dhlí Eorpach na gconarthaí), ina haonar nó i dteannta an 'bosca uirlisí'. ar chuntar go gcomhlíonfadh sé coinníollacha áirithe, e.g. ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí, soiléire, agus na forálacha a bheith furasta le húsáid. Ar cheann de na príomhchúiseanna imní a bhí i bhfreagraí na ngeallsealbhóirí ar an bPáipéar Uaine bhí an easpa soiléire i leith an méid a d'fhéadfadh a bheith in ionstraim de dhlí Eorpach na gconarthaí. Thug an Coimisiún aghaidh ar an gcúis imní sin trí chaoi a thabhairt do na geallsealbhóirí a dtuairimí a thabhairt uathu maidir leis an staidéar féidearthachta a rinne an Grúpa Saineolaithe ar Dhlí Eorpach na gConarthaí.

Tugadh fabhair le fios sna freagraí ar an bPáipéar Uaine maidir le raon feidhme ábhartha na hionstraime. De thoradh air sin, tá béim sa togra ar chonarthaí maidir le hearraí a dhíol.

Le Cinneadh an 26 Aibreán 2010[14], bhunaigh an Coimisiún an Grúpa Saineolaithe ar dhlí Eorpach na gconarthaí. Cuireadh de chúram ar an ngrúpa sin staidéar féidearthachta a ullmhú maidir le dlí Eorpach na gconarthaí a chumhdódh na príomhghnéithe a thiocfadh anuas in idirbhearta trasteorann.

Rinneadh grúpa príomh-gheallshealbhóirí (gnólachtaí agus comhlachais tomhaltóirí, ionadaithe don earnáil baincéireachta, don earnáil árachais, agus do dhlíodóirí agus nótairí) a bhunú i Meán Fómhair 2010 chun eolas praiticiúil a thabhairt don Ghrúpa Saineolaithe i dtaca le rialacha an staidéir féidearthachta. Foilsíodh an staidéar féideartha an 3 Bealtaine 2011 agus osclaíodh comhairliúchán neamhfhoirmiúil go dtí an 1 Iúil 2011.

- An Measúnú Tionchair

Rinneadh anailís sa mheasúnú tionchair ar na seacht rogha atá leagtha amach sa Pháipéar Uaine; tá an tuairisc iomlán agus an anailís ar na roghanna sin sa tuarascáil ar an measúnú tionchair.

Seo iad na roghanna sin: an cás bunlíne (gan athrú beartais), 'bosca uirlisí' a bheith ag an reachtóir, Moladh maidir le Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach, Rialachán ag bunú Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach roghnach, Treoir (lán-chomhchuibhiú nó comhchuibhiú íosta) maidir le Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach, Rialachán ag bunú dhlí Eorpach na gConarthaí agus Rialachán ag bunú Cóid Shibhialta Eorpaigh.

Tar éis anailís chomparáideach a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag na roghanna sin, thángthas ar an tuairim i dtuarascáil an mheasúnaithe iarmharta go ndéanfadh Treoir um Lán-chomhchuibhiú agus Rialachán ag bunú córas aonfhoirmeach sainordaitheach de dhlí conarthaí na spriocanna beartais a bhaint amach. Laghdódh an dá rogha dheireanacha sin go mór na costais idirbheart a sheasann trádálaithe agus laghdóidís an chastacht dlí dóibh siúd a bhíonn i mbun trádála trasteorann, ach mar sin féin chuirfidís ualach mór ar thrádálaithe ós rud é go mbeadh orthu siúd nach ndéanann ach trádáil intíre oiriúnaithe a dhéanamh do chreat dlí nua. Na costais a bheadh ar dhul i dtaithí ar chóras nua sainordaitheach dá leithéid, bheidís an-mhór i gcomparáid leis an gcostas ar chóras aonfhoirmeach roghnach de dhlí na gconarthaí, de bhrí go mbeadh tionchar acu ar gach trádálaí. Ní thiocfadh as córas aonfhoirmeach roghnach de dhlí na gconarthaí ach costais aonuaire a bheadh ar thrádálaithe a thogródh é a úsáid don trádáil trasteorann. Measadh, dá bhrí sin, go raibh córas aonfhoirmeach roghnach de dhlí na gconarthaí ar an rogha ab oiriúnaí ós rud é go laghdódh sé

[14] IO L 105, 27.4.2010, lch. 109.

na costais idirbheart ar thrádálaithe a onnmhairíonn chuig roinnt Ballstát agus ós rud é go dtabharfadh sé rogha níos leithne táirgí ar phraghas níos ísle do thomhaltóirí. San am céanna, mhéadódh sé an leibhéal cosanta a bheadh ag custaiméirí a dhéanann a gcuid siopadóireachta i dtíortha eile agus chothódh sé muinín iontu ó tharla go mbeadh na cearta céanna acu ar fud an Aontais.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

- Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe

Déantar foráil sa togra maidir le bunú Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach. Seachas leasuithe a dhéanamh ar dhlí náisiúnta conarthaí na mBallstát, déantar dlíthe conarthaí na mBallstát a chomhchuibhiú leis an Rialachán seo trí chóras eile de dhlí na gconarthaí a bhunú laistigh de dhlí náisiúnta gach Ballstáit i dtaca le conarthaí atá laistigh dá raon feidhme, ar córas é a bheidh ann le cois na rialacha náisiúnta maidir le dlí na gconarthaí. Beidh feidhm ag an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach maidir le conradh trasteorann ar bhonn deonach, faoi chomhaontú sainráite na bpáirtithe.

- Bunús dlí

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Déantar foráil sa togra maidir le tacar aonfhoirmeach amháin de rialacha lán-chomhchuibhithe maidir le dlí na gconarthaí, lena n-áirítear rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí i bhfoirm Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh a mheasfar a bheith mar dhara córas de dhlí na gconarthaí laistigh de dhlí náisiúnta gach Ballstáit, córas a bheidh ar fáil d'idirbhearta trasteorann arna chomhaontú sin go bailí ag na páirtithe. Ní hionann an comhaontú sin agus roghnú an dlí is infheidhme de réir bhrí rialacha an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh, agus ní ceart é a thógáil in ábhraíocht sin. Ina ionad sin, déantar an rogha de réir dlí idirnáisiúnta is infheidhme de réir rialacha an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh.

Tá d'aidhm ag an réiteach sin bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Chuirfeadh sé deireadh le bacainní atá le feidhmiú na saoirsí bunúsacha, bacainní a thagann as difríochtaí idir dlíthe náisiúnta, go háirithe na costais bhreise idirbheart agus an chastacht dlí a mheastar a bheith ag trádálaithe agus iad ag tabhairt i gcrích idirbhearta trasteorann agus an easpa muiníne atá ag tomhaltóirí agus iad ag ceannach ó thír eile de chuid an AE, nithe a bhfuil tionchar díreach acu ar bhunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus a chuireann srian leis an iomaíocht.

I gcomhréir le hAirteagal 114(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ráthódh Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí trí thacar rialacha sainordaitheacha dá chuid féin a leagan síos a choinneodh gan athrú an leibhéal cosanta atá ag tomhaltóirí faoi na dlíthe maidir le tomhaltóirí atá san AE faoi láthair nó a chuirfeadh feabhas air.

- Prionsabal na coimhdeachta

Comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta arna leagan amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Tá gné shoiléir trasteorann ag cuspóir an togra – i.e. ceartfheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a éascú trí thacar aonfhoirmeach roghnach rialacha maidir le dlí na gconarthaí a chur ar fáil – agus ní féidir leis na Ballstáit an ghné sin a bhaint amach faoina gcóras náisiúnta.

A fhad a leanfaidh difríochtaí idir na dlíthe náisiúnta de bheith ina siocair le mórchostais bhreise idirbheart i gcás idirbheart trasteorann, ní fhéadfar an margadh inmheánach a chur i gcrích trína ndéanamh níos fusa do thrádálaithe trádáil trasteorann a dhéanamh agus trína ndéanamh níos fusa do thomhaltóirí ceannach trasteorann a dhéanamh.

Fiú amháin má dhéanann na Ballstáit bearta neamh-chomhordaithe ar leibhéal náisiúnta ní fhéadfaidh siad deireadh a chur leis na costais bhreise idirbheart ná leis an gcastacht dlí a thagann as na difríochtaí sna rialacha náisiúnta maidir le conarthaí agus a bhíonn ag cur ar thrádálaithe agus iad i mbun trádála trasteorann san AE. Beidh rogha srianta agus rochtain theoranta ag tomhaltóirí i gcónaí ar tháirgí as Ballstáit eile. Ina theannta sin tá siad gan an mhuinín a bheadh acu dá mbeadh fios a gceart acu.

Dá bhrí sin, is fearr is féidir cuspóir an togra a bhaint amach le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Is don Aontas is fusa dul i ngleic leis na fadhbanna a bhaineann le hilroinnt dlí, trí bhíthin birt arna dhéanamh i réimse dhlí na gconarthaí a chóineasódh na rialacha is infheidhme maidir le hidirbhearta trasteorann. Ina cheann sin, de réir mar a athraíonn treochtaí an mhargaidh agus a spreagtar na Ballstáit chun gníomh aonair, mar shampla rialáil a dhéanamh ar mhargadh borrúil an ábhair dhigitigh, is dóchúil go méadóidh ar éagsúlachtaí rialála agus go rachaidh costais idirbheart agus na bearnaí i gcosaint tomhaltóirí i méadaíocht.

- Prionsabal na comhréireachta

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta arna leagan amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Ní bhaineann raon feidhme an togra ach le ceisteanna atá ina bhfadhbanna tromchúiseacha in idirbhearta trasteorann, agus ní bhaineann sé do cheisteanna is fearr a fhágáil faoi na dlíthe náisiúnta. Maidir lena raon feidhme ábhartha, tá forálacha sa togra a bhaineann le cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe le linn shaolré an chonartha, ach ní bhaineann sé do nithe eile amhail na rialacha maidir le hionadaíocht dhlíthiúil nach dócha a bheith ina gcnámh spairne dlithiúil. Maidir lena raon feidhme críochach, cuimsíonn an togra cásanna trasteorann ina dtagann fadhb na gcostas breise idirbheart agus fadhb na castachta dlí chun cinn. Ar deireadh, ní théann raon feidhme pearsanta an togra thar idirbhearta ina dtagann fadhbanna chun cinn go minic atá bainteach leis an margadh inmheánach, i.e. caidreamh idir gnólachtaí inar fiontar beag nó meánmhéide ar a laghad ceann amháin de na páirtithe, agus caidreamh idir gnólachtaí agus tomhaltóirí. Ní áirítear conarthaí arna dtabhairt i gcrích idir daoine príobháideacha agus trádálaithe nach fiontar beag nó meánmhéide aon cheann acu, ós rud é nach léir aon ghá a bheith le gníomhaíocht sna cineálacha sin conarthaí trasteorann. Fágann an Rialachán dhá rogha ag na Ballstáit: cinneadh a dhéanamh an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a chur ar fáil do pháirtithe lena úsáid i gcomhthéacs atá go hiomlán náisiúnta agus i dtaca le conarthaí arna dtabhairt i gcrích idir trádálaithe nach fiontar beag nó meánmhéide ceachtar den dá pháirtí.

Gníomhaíocht chomhréireach atá sa togra, i gcomórtas le roghanna eile a ndearnadh anailís orthu, toisc gur dlí roghnach deonach an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach. Ciallaíonn sé sin go bhfuil a chur i bhfeidhm ag brath ar chomhaontú na bpáirtithe ar chonradh nuair atá siad ar

aon fhocal go mbeadh sé fónta é aon conradh sin úsáid in idirbheart trasteorann. Ó tharla gurb é atá sa Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach tacar roghnach rialacha nach bhfuil feidhm leis ach i gcásanna trasteorann, is féidir leis bacainní le trádáil trasteorann a laghdú gan cur isteach ar chórais dlí agus ar thradisiúin atá seanbhunaithe. Beidh an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach ina chóras roghnach le cois na rialacha atá ann cheana féin maidir le dlí na gconarthaí – ní ghlacfaidh sé a n-áit. Dá bhrí sin, ní rachaidh an beart reachtach thar a bhfuil gá leis chun deiseanna breise a chruthú do thrádálaithe sa mhargadh aonair.

- Roghnú na n-ionstraimí

Is é ionstraim atá roghnaithe don tionscnamh seo Rialachán maidir le Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach atá roghnach.

Ionstraimí neamhcheangailteacha amhail 'bosca uirlisí' do reachtóir an AE, nó Moladh a bheadh dírithe ar na Ballstáit, ní bhainfidís amach an cuspóir arb é atá ann feabhas a chur ar bhunú agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Aon Treoir nó Rialachán lena gcuirfí dlí Eorpach na gconarthaí neamhroghnach in ionad na ndlíthe náisiúnta, rachaidís thar a bhfuil gá leis ós rud é go gcuirfidís ar thrádálaithe intíre nach mian leo nithe a dhíol i dtíortha eile costais a sheasamh nach gcuirfeadh laghduithe costais ar ceal, ós rud é nach ann do na laghduithe sin ach i gcás idirbheart trasteorann. Ina cheann sin, Treoir ag bunú íoschaighdeán maidir le dlí Eorpach na gconarthaí neamhroghnach, ní bheadh sé oiriúnach ó tharla nach mbainfeadh sé amach an leibhéal is gá deimhneachta dlíthiúla agus an leibhéal is gá aonfhoirmeachta chun costais idirbheart a laghdú.

4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Nuair a ghlacfar an togra, bunóidh an Coimisiún bunachar sonraí ina bhféadfar faisnéis a mhalartú maidir le breitheanna deiridh ina dtagraítear don Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach nó d'aon fhoráil eile den Rialachán, agus maidir le breitheanna ábhartha ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh freisin. Is dóchúil go méadóidh costais an bhunachair shonraí sin de réir mar a chuirtear níos mó breitheanna deiridh ar fáil. San am céanna, eagróidh an Coimisiún seisiúin oiliúna do chleachtóirí dlí a úsáideann an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach[15]. Is dócha go laghdófar ar na costais sin le himeacht aimsire de réir mar a scaipfear eolas ar fheidhmiú an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh.

5. FAISNÉIS BHREISE

- Simpliú

Tá de bhua ag an moladh dara córas de dhlí na gconarthaí a bheith ann go ligeann sé do na páirtithe aon tacar amháin de rialacha maidir le dlí na gconarthaí a úsáid ar fud an AE, gan áit na ndlíthe náisiúnta conarthaí a ghlacadh. D'fhéadfadh an tacar seo de rialacha aonfhoirmeacha a bheith ina réiteach ag páirtithe ar na mórfhadhbanna a thagann chun cinn ó thaobh dhlí na gconarthaí nuair atá gnó trasteorann á dhéanamh. D'fhágfadh sé nach mbeadh ar thrádálaithe dlíthe éagsúla náisiúnta a scrúdú. D'fhonn cuidiú le tomhaltóirí a gcearta faoin

[15] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le muiniú a chothú i gceartas uile-Eorpach: gné nua san oiliúint bhreithiúnach Eorpach, COIM (2011) 551 críochnaitheach, 13.9.2011.

Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a thuiscint, chuirfí fógra caighdeánach faisnéise ar fáil dóibh a chuirfeadh ar an eolas iad maidir leis na cearta sin.

Ar deireadh, d'fhéadfadh an togra comhsheasmhacht a áirithiú i reachtaíocht an AE i réimsí eile beartais ina mbeidh dlí na gconarthaí ábhartha.

- Clásal athbhreithnithe

Déantar foráil sa togra maidir le hathbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh nó cur i bhfeidhm aon fhorála eile den Rialachán cúig bliana tar éis a dháta cur i bhfeidhm, ag cur san áireamh, go háirithe, *inter alia*, an gá an raon feidhme a leathnú a thuilleadh ó thaobh conarthaí idir gnólachtaí, forbairtí sa mhargadh agus forbairtí teicneolaíochtaí a bhaineann le hábhar digiteach, agus forbairtí in acquis an Aontais. Chun na críche sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus beidh ag gabháil léi, más gá, moltaí i dtaca leis an Rialachán a leasú.

- An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)

Ábhar a bhaineann leis an LEE atá sa Rialachán atá beartaithe agus ba cheart, dá bhrí sin, an LEE a chuimsiú ann.

- An togra a mhíniú

Tá trí phríomhchuid sa togra: Rialachán, Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, ina bhfuil na rialacha maidir le dlí na gconarthaí (an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach) agus Iarscríbhinn II ina bhfuil an fógra caighdeánach faisnéise.

<u>A. An Rialachán</u>

In *Airteagal 1* leagtar amach cuspóir agus ábhar an Rialacháin.

In *Airteagal 2* tá liosta sainmhínithe ar théarmaí atá in úsáid sa Rialachán. Cé gurb ann do sainmhínithe áirithe san *acquis* ábhartha cheana, tá coincheapa eile ann atá sainmhínithe anseo den chéad uair.

In *Airteagal 3* mínítear cineál roghnach na rialacha maidir le dlí na gconarthaí i leith conarthaí trasteorann i gcás díol earraí, soláthair ábhair dhigitigh agus soláthair seirbhísí gaolmhara.

In *Airteagal 4* leagtar amach raon feidhme críochach an Rialacháin, atá teoranta do chonarthaí trasteorann.

In *Airteagal 5* tugtar raon feidhme ábhartha na gconarthaí maidir le díol earraí agus soláthar ábhair dhigitigh agus seirbhísí gaolmhara, e.g. suiteáil agus deisiú.

In *Airteagal 6* déantar conarthaí a bhfuil cuspóirí éagsúla acu agus díolacháin suiteála a eisiamh ó raon feidhme an chuir i bhfeidhm.

Tá tuairisc in *Airteagal 7* ar raon feidhme pearsanta an chuir i bhfeidhm a chumhdaíonn conarthaí idir gnólachtaí agus tomhaltóirí agus na conarthaí sin idir gnólachtaí inar fiontar beag nó meánmhéide ar a laghad ceann amháin de na páirtithe.

Mínítear in *Airteagal 8* go bhfuil comhaontú na bpáirtithe ag teastáil chun an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a roghnú. I gconarthaí idir trádálaí agus tomhaltóir níl roghnú an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpach bailí ach amháin má thugann an tomhaltóir toiliú le ráiteas sainráite atá ar leithligh ón ráiteas lena sonraítear an comhaontú an conradh a thabhairt i gcrích.

In *Airteagal 9* tá roinnt ceanglas faisnéise a bhaineann leis an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach i gconarthaí idir trádálaí agus tomhaltóir. Go háirithe, gheobhaidh an tomhaltóir an fógra faisnéise atá in Iarscríbhinn II.

In *Airteagal 10* ceanglaítear ar na Ballstáit féachaint chuige go bhfuil smachtbhannaí i bhfeidhm maidir le trádálaithe a bheith ag sárú an dualgas na ceanglais speisialta arna bhunú le hAirteagal 8 agus 9 a chomhlíonadh.

Mínítear in *Airteagal 11* gurb é an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach an t-aon dlí is infheidhme i gcás saincheisteanna a chumhdaíonn rialacha an dlí sin, nuair a roghnaítear go bailí é, agus nach bhfuil feidhm dá bhrí sin ag rialacha eile i dtaca le ceisteanna a thagann faoina raon feidhme.Feidhmíonn roghnú an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh go siarghabhálach chun comhlíonadh agus neamh-chomhlíonadh dualgas faisnéise réamhchonarthach a chumhdach.

In *Airteagal 12* soiléirítear go bhfuil an Rialachán gan dochar do cheanglais faisnéise Threoir 2006/123/CE maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach[16].

In *Airteagal 13* tugtar an chaoi do na Ballstáit reachtaíocht a achtú a chuireann an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach ar fáil do pháirtithe lena úsáid i gcomhthéacs atá go hiomlán náisiúnta agus i gconarthaí idir trádálaithe nach fiontar beag ná meánmhéide ceachtar acu.

In *Airteagal 14* ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt i leith breitheanna deiridh óna gcúirteanna, ar breitheanna iad ina bhfuil léirmhíniú ar fhorálacha an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh nó ar aon fhoráil eile de chuid an Rialacháin. Bunóidh an Coimisiún bunachar sonraí de bhreitheanna den chineál sin.

Tá clásal athbhreithnithe in *Airteagal 15*.

Foráiltear in *Airteagal 16* go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

B. Iarscríbhinn I

Tá téacs an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh in Iarscríbhinn I.

Leagtar amach i g*Cuid I 'Forálacha Tosaigh'* prionsabail ghinearálta dhlí na gconarthaí nach mór do na páirtithe go léir cloí leo, mar shampla meon macánta agus cóirdhéileáil. Áirithíonn prionsabal na saoirse conarthaí gur féidir le páirtithe imeacht ó rialacha an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh ach amháin má tá sé sonraithe go sainráite gur rialacha sainordaithe iad, mar shampla na rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí.

[16] IO L 376, 27.12.2006, lch. 36

I *gCuid II 'Conradh ceangailteach a dhéanamh'* tá na forálacha maidir le cearta na bpáirtithe faisnéis réamhchonarthach shár-riachtanach a fháil agus na rialacha maidir le conas a thugtar comhaontuithe idir dhá pháirtí i gcrích. Tá sa chuid sin freisin forálacha sonracha a thugann ceart do thomhaltóirí tarraingt siar ó chianchonarthaí agus ó chonarthaí seacháitribh. Ina theannta sin tá forálacha ann maidir le seachaint conarthaí ar thoradh iad ar bhotúin, calaois, bagairtí nó dúshaothrú éagórach.

I g*Cuid III 'Measúnú a dhéanamh ar a bhfuil sa chonradh'* déantar forálacha ginearálta maidir leis an gcaoi nach mór téarmaí conartha a léirmhíniú i gcás amhrais. Tá rialacha ann freisin maidir le hinneachar agus éifeachtaí conarthaí mar aon leis na téarmaí conartha a d'fhéadfadh a bheith éagórach agus, dá bhrí sin, neamhbhailí.

I g*Cuid IV 'Oibleagáidí agus leigheasanna na bpáirtithe maidir le conradh díola'* cíortar go mion na rialacha atá sonrach do chonarthaí díolacháin agus do chonarthaí chun ábhar digiteach a sholáthar, ar conarthaí iad ina bhfuil oibleagáidí an díoltóra agus an cheannaitheora. Tá na rialacha maidir le leigheasanna ar neamh-chomhlíonadh ceannaitheoirí agus díoltóirí ann freisin.

Baineann *Cuid V 'Oibleagáidí agus leigheasanna na bpáirtithe maidir le conradh seirbhíse gaolmhar'* le cásanna ina soláthraíonn díoltóir, i ndlúthbhaint le conradh díolacháin earraí nó soláthar ábhair dhigitigh, seirbhísí áirithe amhail suiteáil, deisiú nó cothabháil. Mínítear sa chuid seo cé go díreach na rialacha a bhfuil feidhm leo i gcás den sórt sin, go háirithe cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe faoi na conarthaí sin.

I g*Cuid VI 'Damáistí agus ús'* tá rialacha breise coiteanna maidir le damáistí de dheasca caillteanais agus maidir le hús atá le híoc as íocaíocht dhéanach.

I g*Cuid VII 'Tabhairt ar ais'* mínítear na rialacha a bhfuil feidhm leo maidir lena bhfuil le tabhairt ar ais nuair a sheachnaítear nó nuair a fhoirceanntar conradh.

Déanann *Cuid VIII 'Rúradh'* rialú ar na héifeachtaí atá ag imeacht aimsire ar fheidhmiú ceart faoi chonradh.

Tá i *bhFoscríbhinn 1* an treoir shamplach maidir le tarraingt siar nach mór don trádálaí a sholáthar don tomhaltóir sula dtugtar cianchonradh nó conradh seacháitribh i gcrích. Tá an fhoirm shamplach tarraigthe siar i *bhFoscríbhinn 2*.

C. Iarscríbhinn II

Is éard atá in Iarscríbhinn II an Fógra Caighdeánach Faisnéise maidir leis an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach nach mór don trádálaí a sholáthar don tomhaltóir sula ndéantar comhaontú an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid.

2011/0284 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[17],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[18],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá roinnt mhaith bac ar ghníomhaíocht eacnamaíoch trasteorann ann go fóill a fhágann nach féidir leis an margadh inmheánach sochar iomlán a bhaint as a acmhainn fás agus fostaíocht a chruthú. Ní onmhairíonn ach aon trádálaí amháin as deich gcinn san Aontas faoi láthair earraí laistigh den Aontas agus ní dhéanann formhór na dtrádálaithe sin ach earraí a onnmhairiú go líon beag Ballstát. De na baic go léir ar thrádáil trasteorann, lena n-áirítear rialacháin chánach, ceanglais riaracháin agus deacrachtaí a bhaineann le seachadadh na n-earraí, le teanga agus le cultúr, measann trádálaithe gurb é ceann de na bacainní is mó ar idirbhearta idir gnólachtaí agus tomhaltóirí agus ar idirbhearta idir gnólachtaí ná eolas a chur ar fhorálacha dlí eachtraigh conarthaí. Bíonn míbhuntáistí ag baint leis sin do thomhaltóirí freisin toisc nach bhfuil ach teacht teoranta acu ar earraí. Sa dóigh sin cuireann dlíthe éagsúla náisiúnta do chonarthaí isteach ar fheidhmiú saoirsí bunúsacha, amhail an tsaoirse chun earraí agus seirbhísí a sholáthar, agus cuireann sin bac ar fheidhmiú agus ar bhunú leanúnach an mhargaidh inmheánaigh. Cuireann na baic sin srian ar iomaíocht freisin, go háirithe i margaí na mBallstát beag.

(2) Uirlis dhlíthiúil fhíor-riachtanach atá i gconarthaí ag gach idirbheart eacnamaíoch. Mar sin féin, tá trádáil trasteorann níos casta agus níos costasaí ná trádáil intíre toisc go mbíonn ar thrádálaithe an dlí is infheidhme a shainaithint nó a chaibidliú, forálacha an

---

[17] IO C […], […], lch. […].
[18] IO C […], […], lch. […].

dlí eachtraigh infheidhme sin a fhiosrú (agus aistriúchán i gceist leis sin go minic), comhairle dlí a fháil chun eolas a chur ar cheanglais an dlí sin agus a gconarthaí a chur in oiriúint do dhlíthe éagsúla náisiúnta. Dá bhrí sin, cuirtear roinnt mhaith trádálaithe atá dírithe ar an onnmhairiú ó thrádáil trasteorann a dhéanamh nó óna n-oibríochtaí a leathnú amach go níos mó Ballstát mar gheall ar bhaic a bhaineann le dlíthe conarthaí. Tá an éifeacht dhíspreagthach sin ann go háirithe i gcás fiontar beag nó meánmhéide (FBManna) toisc go bhfuil na costais a bhaineann le dul isteach i roinnt margaí eachtracha éagsúla iontach ard do na fiontair sin i gcomparáid lena láimhdeachas. Mar gheall air sin, d'fhéadfadh trádálaithe costais a spáráil dá bhféadfaidís earraí agus seirbhísí a chur ar an margadh ar bhonn dlí aonfhoirmigh conarthaí amháin dá n-idirbhearta trasteorann ar fad agus, ó thaobh an idirlín de, ar bhonn aon suímh ghréasáin amháin.

(3) Costais idirbheart atá measartha ard agus a bhaineann le dlíthe conarthaí agus baic dhlíthiúla a bhaineann leis na difríochtaí idir rialacha sainordaitheacha náisiúnta maidir le cosaint tomhaltóirí, tá tionchar díreach acu sin ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh maidir le hidirbhearta idir gnólachtaí agus tomhaltóirí. De bhun Airteagal 6 de Rialachán Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha (Rialachán (CE) Uimh. 593/2008)[19], má dhíríonn trádálaí a ghníomhaíochtaí ar thomhaltóirí i mBallstát eile beidh feidhm ag forálacha cosanta tomhaltóirí an Bhallstáit ina bhfuil gnáthchónaí ar an tomhaltóir, ar forálacha iad a bhfuil leibhéal níos airde cosanta ag baint leo agus nach féidir maolú orthu trí chomhaontú faoin dlí sin, fiú amháin má roghnaíonn na páirtithe dlí infheidhme eile. Dá bhrí sin, ní mór do thrádálaithe fáil amach roimh ré má tá cosaint níos airde ag baint le dlí an tomhaltóra agus a áirithiú go bhfuil a gconradh i gcomhréir le ceanglais an dlí sin. Ina theannta sin, maidir le ríomhthráchtáil, tá tuilleadh costas ag baint fosta leis na hathruithe a dhéantar ar shuímh ghréasáin nach mór a bheith i gcomhréir le ceanglais shainordaitheacha dlíthe conarthaí eachtracha do thomhaltóirí. Tá comhfhogasú áirithe déanta i roinnt réimsí i ngeall ar an gcomhchuibhiú atá déanta cheana ar na dlíthe tomhaltais ar leibhéal an Aontais. Tá na difríochtaí idir dlíthe na mBallstát mór go fóill féin áfach; fágann an comhchuibhiú atá déanta go dtí seo réimse leathan roghanna ag na Ballstáit maidir le conas ceanglais reachtaíochta de chuid an Aontais a chomhlíonadh agus maidir leis an leibhéal cosanta do thomhaltóirí is ceart a roghnú.

(4) Tá drochthionchar ar thomhaltóirí freisin ag na baic a bhaineann le dlíthe conarthaí agus a choisceann trádálaithe ar an leas is mó is féidir a bhaint as an margadh inmheánach. Níos lú allmhairí agus níos lú iomaíochta atá mar thoradh ar níos lú trádála trasteorann. D'fhéadfadh tomhaltóirí a bheith thíos le rogha theoranta earraí ag praghsanna níos airde toisc níos lú trádálaithe eachtracha ag tairiscint a dtáirgí agus a seirbhísí dóibh go díreach agus chomh maith leis sin d'fhéadfaidís a bheith thíos leis go hindíreach toisc go gcuirtear srian le trádáil trasteorann idir gnólachtaí ar leibhéal an mhórdhíola. Cé go bhféadfadh buntáistí móra eacnamaíocha a bheith ag baint le siopadóireacht trasteorann ó thaobh níos mó tairiscintí agus tairiscintí níos fearr a bheith ar fáil, tá drogall ar chuid mhór tomhaltóirí freisin siopadóireacht trasteorann a dhéanamh toisc go bhfuil doiléireacht ann maidir lena gcearta. Baineann cuid de phríomhábhair imní na dtomhaltóirí le dlí na gconarthaí, mar shampla bíonn

[19] IO L 177, 4.7.2008, lch. 6.

tomhaltóirí buartha nach mbeidh cosaint leordhóthanach acu i gcás táirgí lochtacha a cheannach. De thoradh air sin, is fearr le roinnt mhaith tomhaltóirí siopadóireacht a dhéanamh sa bhaile fiú má fhágann sin nach bhfuil an rogha chéanna acu nó go bhfuil orthu praghsanna níos airde a íoc.

(5) Ina theannta sin, na tomhaltóirí sin ar mhaith leo tairbhe a bhaint as na difríochtaí sna praghsanna idir Ballstáit trí earraí a cheannach ó thrádálaí i mBallstát eile, is minic nach féidir leo toisc go ndiúltaíonn trádálaí na hearraí a dhíol. Cé go bhfuil aimsiú tairiscintí agus comparáid praghsanna agus coinníollacha eile i bhfad níos éasca anois a bhuí leis an ríomhthráchtáil, is cuma cá bhfuil an trádálaí lonnaithe, is minic nach nglacann trádálaithe le hordaithe ó thomhaltóirí thar lear toisc nach ndéanann siad idirbhearta trasteorann.

(6) Mar sin de, is baic iad na difríochtaí idir dlíthe náisiúnta conarthaí nach ligeann do thomhaltóirí agus trádálaithe leasanna a bhaint as an margadh inmheánach. Thiocfadh laghdú ar na baic sin a bhaineann le dlíthe conarthaí dá bhféadfaí conarthaí a bhunú ar shraith aonfhoirmeach rialacha maidir le dlí na gconarthaí, is cuma cá bhfuil na páirtithe lonnaithe. Ba cheart saolré iomlán an chonartha, ag cuimsiú na réimsí is tábhachtaí a bhaineann le tabhairt i gcrích conarthaí trasteorann, a chumhdach faoi shraith aonfhoirmeach rialacha maidir le dlí na gconarthaí. Ba cheart forálacha lán-chomhchuibhithe chun tomhaltóirí a chosaint a áireamh freisin.

(7) Cuireann na difríochtaí idir dlíthe náisiúnta conarthaí agus an éifeacht atá acu sin ar thrádáil trasteorann srian le hiomaíocht freisin. I gcás nach ndéantar mórán trádála trasteorann, tá níos lú iomaíochta ann agus níos lú spreagtha mar sin ag trádálaithe bheith níos nuálaí agus cáilíocht a dtáirgí a fheabhsú nó praghsanna a laghdú. Go háirithe i gcás na mBallstát beag a bhfuil líon teoranta oibreoirí baile iontu, má chinneann trádálaithe eachtracha gan dul isteach sna margaí sin mar gheall ar chostais agus castacht féadfar srian a chur le hiomaíocht, rud a mbíonn mórthionchar aige ar rogha agus ar leibhéil praghsanna na dtáirgí atá ar fáil. Ina theannta sin, féadfaidh na baic ar thrádáil trasteorann dochar a dhéanamh d'iomaíocht idir FBManna agus cuideachtaí níos mó ná iad. I bhfianaise an mhórthionchair atá ag costais idirbheart ar FBManna i gcomparáid le láimhdeachas, is dóchúla i bhfad nach rachadh FBM isteach i margadh eachtrach seachas iomaitheoir níos mó.

(8) Chun na baic sin a bhaineann le dlíthe conarthaí a shárú, ba cheart deis a bheith ag páirtithe teacht ar chomhaontú gur cheart a gconarthaí a rialú le sraith aonfhoirmeach rialacha maidir le dlí na gconarthaí a bhfuil an bhrí agus an léiriú céanna ag baint leo sna Ballstáit go léir, i.e. Dlí Coiteann Díolacháin. Rogha bhreise ba cheart a bheith sa Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a chuirfí leis na roghanna atá ar fáil do pháirtithe cheana agus ba cheart a bheith in ann é a úsáid nuair a mheasann na páirtithe go léir go n-éascódh sé trádáil trasteorann agus go laghdódh sé costais idirbheart mar aon le baic eile ar thrádáil trasteorann a bhaineann le dlíthe conarthaí. Níor cheart é a bheith ina bhunús le caidreamh conarthach ach amháin má chinneann na páirtithe ar fad é a úsáid.

(9) Bunaítear Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach leis an Rialachán seo. Seachas leasuithe a dhéanamh ar dhlí náisiúnta conarthaí atá ann cheana, déantar dlíthe conarthaí na mBallstát a chomhchuibhiú leis an Rialachán seo trí chóras eile de dhlí na gconarthaí a bhunú laistigh de dhlí náisiúnta gach Ballstáit maidir le conarthaí laistigh dá raon feidhme. Ba cheart don dara córas sin a bheith comhionann ar fud an Aontais agus a

bheith ann taobh leis na rialacha atá ann cheana maidir le dlíthe náisiúnta conarthaí. Ba cheart feidhm a bheith ag an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach maidir le conradh trasteorann ar bhonn deonach agus faoi chomhaontú sainráite na bpáirtithe.

(10) Rogha is ceart a bheith sa chomhaontú an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid, rogha a dhéanfar a fheidhmiú laistigh de raon feidhme an dlí náisiúnta lena mbaineann agus atá infheidhme de bhun Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 nó, maidir le dualgais faisnéise réamhchonarthacha, de bhun Rialachán (CE) Uimh 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí neamhchonarthacha (Rialachán (CE) Uimh. 864/2007)[20], nó de bhun aon rialach eile maidir le coinbhleacht dlí. Dá bhrí sin níor cheart gurbh ionann úsáid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh agus an dlí is infheidhme a roghnú de réir bhrí rialacha na heasaontachta dlíthe agus níor cheart iad sin a thógáil in ábhraíocht a chéile. Ba cheart freisin go mbeadh úsáid an Dlí gan dochar do na rialacha sin. Dá bhrí sin, ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear d'aon cheann de na rialacha atá ann cheana maidir le heasaontacht dlíthe.

(11) Ba cheart sraith iomlán rialacha sainordaitheacha maidir le cosaint tomhaltóirí a bheith sa Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach. I gcomhréir le hAirteagal 114(3) den Chonradh, ba cheart do na rialacha sin ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a ráthú d'fhonn muinín tomhaltóirí sa Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a fheabhsú agus, ar an mbonn sin, tomhaltóirí a spreagadh le conarthaí trasteorann a dhéanamh. Ba cheart do na rialacha a bheith ar chomhchéim leis an leibhéal cosanta atá ag tomhaltóirí faoi dhlíthe tomhaltais an Aontais nó ba cheart an leibhéal cosanta sin a ardú.

(12) Toisc go bhfuil sraith iomlán rialacha sainordaitheacha lán-chomhchuibhithe maidir le cosaint do thomhaltóirí sa Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach, ní bheidh aon difríochtaí idir dlíthe na mBallstát sa réimse seo má chinneann na páirtithe an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid. Dá bhrí sin, níl aon tábhacht phraiticiúil ag baint le hAirteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 593/2008, a bhaineann le leibhéil éagsúla cosanta a bheith ag tomhaltóirí sna Ballstáit, maidir leis na saincheisteanna a chumhdaítear faoin Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach.

(13) Ba cheart an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a bheith ar fáil chun conarthaí trasteorann a dhéanamh toisc gur sa chomhthéacs sin atá na difríochtaí idir dlíthe náisiúnta as a dtagann castacht agus costais bhreise agus a chuireann páirtithe ó dhul isteach i gcaidreamh conarthach. Ba cheart a mheas cé acu conradh trasteorann é nó nach ea i bhfianaise áit ghnáthchónaithe na bpáirtithe i gconarthaí idir gnólachtaí. I gconradh idir gnólacht agus tomhaltóir ba cheart an ceanglas trasteorann a chomhlíonadh i gcás ina bhfuil an seoladh a thugann an tomhaltóir, an seoladh chun a seachadtar na hearraí nó an seoladh billeála a thugann an tomhaltóir suite i mBallstát seachas an Stát ina bhfuil gnáthchónaí ar an trádálaí.

(14) Níor cheart úsáid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh a theorannú d'idirbhearta trasteorann nach bhfuil ach Ballstáit páirteach iontu ach ba cheart a bheith in ann é a úsáid chun trádáil idir Ballstáit agus tríú tíortha a éascú freisin. Maidir le tomhaltóirí ó thríú tíortha, má chomhaontaíonn siad an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid,

[20] IO L 199, 31.7.2007, lch. 40.

rud a fhágann gur ag roghnú dlí eachtrach atá siad, ba cheart an comhaontú sin a chur faoi réir na rialacha is infheidhme maidir le heasaontacht dlíthe.

(15) D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach freisin do thrádálaithe a dhéanann idirbhearta intíre agus idirbhearta trasteorann conradh aonfhoirmeach amháin a úsáid dá n-idirbhearta ar fad. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an tsaoirse ag na Ballstáit an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a chur ar fáil do pháirtithe nach ndéanann ach idirbhearta intíre.

(16) Ba cheart an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a bheith ar fáil go háirithe do chonarthaí chun earraí sochorraithe a dhíol, lena n-áirítear monarú agus táirgeadh na n-earraí sin, toisc gurb é sin an t-aon chineál conartha atá tábhachtach ó thaobh na heacnamaíochta de sa mhéid is go bhfuil sé d'acmhainn aige fás a chruthú i dtrádáil trasteorann, sa ríomhthráchtáil go háirithe.

(17) Chun an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann leis an ngeilleagar digiteach a thabhairt san áireamh, ba cheart conarthaí chun ábhar digiteach a sholáthar a chumhdach freisin leis an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach. Tá fás as cuimse ag teacht ar aistriú ábhair dhigitigh chun é a stóráil, a phróiseáil nó chun rochtain a fháil air le gur féidir é a úsáid arís is arís eile, amhail ceol a íoslódáil mar shampla. Tá deis iontach ann go dtiocfaidh tuilleadh forbartha ar an réimse seo ach tá roinnt mhaith éagsúlachta dlíthiúla agus doiléireachta ag baint leis go fóill. Ba cheart soláthar ábhair dhigitigh a chumhdach leis an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach, is cuma cé acu a sholáthraítear an t-ábhar sin ar mheán inláimhsithe nó nach soláthraítear.

(18) Is minic nach soláthraítear ábhar digiteach mar mhalairt ar phraghas a íoc ach soláthraítear é in éineacht le hearraí nó seirbhísí íoctha eile agus bíonn baint aige le comaoin neamhairgeadaíochta amhail rochtain shaor in aisce a thabhairt ar shonraí pearsanta i gcomhthéacs straitéise margaíochta atá bunaithe ar an tuiscint go gceannóidh an tomhaltóir táirgí breise ábhair dhigitigh nó táirgí níos sofaisticiúla tráth níos déanaí. I bhfianaise an tsainstructúir margaidh sin agus ós rud é go bhféadfaidh lochtanna in ábhar digiteach arna sholáthar dochar a dhéanamh do leasanna eacnamaíocha tomhaltóirí, is cuma cad iad na coinníollacha faoina soláthraítear é, níor cheart gur ghá praghas a íoc as an ábhar sonrach digiteach i gceist chun úsáid a bhaint as an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach.

(19) D'fhonn bhreisluach an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh a mhéadú a oiread is féidir é, ba cheart seirbhísí áirithe arna soláthar ag an díoltóir a áireamh sa raon feidhme ábhartha, ar seirbhísí iad a bhaineann go díreach agus go dlúth le hearraí sonracha nó ábhar digiteach sonrach a soláthraíodh ar bhonn an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh agus a bhaineann go minic leis an gconradh céanna nó le conradh gaolmhar a rinneadh an tráth céanna, go háirithe maidir le deisiú, cothabháil nó suiteáil na n-earraí nó an ábhair dhigitigh.

(20) Aon chonarthaí gaolmhara lena bhfaigheann an ceannaitheoir earraí ó thríú páirtí nó lena soláthraíonn tríú páirtí seirbhís, níor cheart an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach iad a chumhdach. Níorbh iomchuí sin toisc nach mbaineann an tríú páirtí leis an gcomhaontú idir na páirtithe sa chonradh chun na rialacha maidir leis an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid. Ba cheart conradh gaolmhar le tríú páirtí a rialú leis an dlí náisiúnta lena mbaineann atá infheidhme de bhun Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 agus Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 nó de bhun aon rialach ábhartha eile maidir le heasaontacht dlíthe.

(21) Chun dul i ngleic leis na fadhbanna atá sa mhargadh inmheánach faoi láthair agus leis na fadhbanna iomaíochta ar bhealach spriocdhírithe agus comhréireach, ba cheart raon feidhme pearsanta an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh a dhíriú ar pháirtithe a bhfuil beaguchtach orthu dul i mbun gnó thar lear toisc go bhfuil dlíthe náisiúnta conartha éagsúil lena chéile, rud a mbíonn drochthionchar suntasach aige ar thrádáil trasteorann. Ba cheart mar sin gach idirbheart idir gnólacht agus tomhaltóir agus gach conradh idir trádálaithe a chumhdach faoin dlí nuair is FBM ar a laghad ceann amháin de na páirtithe de réir Mholadh 2003/361 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micreafhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainiú[21]. Ba cheart, áfach, go mbeadh sin gan dochar don fhéidearthacht atá ag Ballstáit reachtaíocht a achtú a chuirfeadh an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach ar fáil do chonarthaí idir trádálaithe nuair nach FBM ceachtar acu. I ngach cás, in idirbhearta idir gnólachtaí tá saoirse iomlán chonarthach ag trádálaithe agus moltar dóibh an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid agus iad ag dréachtú a dtéarmaí conartha.

(22) Tá comhaontú ina leith ó na páirtithe sa chonradh fíor-riachtanach chun an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a chur i bhfeidhm. Ba cheart go mbeadh an comhaontú sin faoi réir ceanglas dian i gcás idirbheart idir gnólachtaí agus tomhaltóirí. Ós rud é gur gnách gurb é an trádálaí a mholann úsáid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh, ní mór do thomhaltóirí a bheith lán ar an eolas go bhfuil siad ag comhaontú rialacha a úsáid nach ionann iad agus na rialacha atá ann cheana a bhaineann lena ndlí náisiúnta. Dá bhrí sin, níor cheart glacadh le toiliú ón tomhaltóir maidir le húsáid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh ach amháin má thugann sé é mar ráiteas sainráite atá ar leithligh ón ráiteas lena sonraítear an comhaontú chun an conradh a thabhairt i gcrích. Níor cheart a bheith in ann mar sin úsáid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh a thairiscint mar théarma sa chonradh atá le tabhairt i gcrích, go háirithe mar ghné de théarmaí caighdeánacha ná de choinníollacha caighdeánacha an trádálaí. Ba cheart don trádálaí daingniú maidir leis an gcomhaontú an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid a thabhairt don tomhaltóir ar mheán buanfasach.

(23) Rogha chomhfhiosach is ceart a bheith i dtoiliú ón tomhaltóir an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid ach ba cheart don rogha sin a bheith eolasach chomh maith. Ní amháin gur cheart don trádálaí aird an tomhaltóra a tharraingt ar úsáid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh atá beartaithe ach ba cheart dó eolas a sholáthar freisin maidir leis an gcineál dlí atá ann agus maidir lena ghnéithe suntasacha. Chun an tasc sin a éascú do thrádálaithe, sa dóigh is go seachnófaí aon ualach neamhriachtanach riaracháin, agus chun comhsheasmhacht a áirithiú i leibhéal agus i gcáilíocht na faisnéise a thugtar do thomhaltóirí, ba cheart do thrádálaithe an fógra caighdeánach faisnéise dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus atá ar fáil mar sin i dteangacha oifigiúla an Aontais a thabhairt do thomhaltóirí. I gcás nach féidir an fógra faisnéise a thabhairt don tomhaltóir (i gcás glao gutháin mar shampla), nó i gcás nár thug an trádálaí an fógra faisnéise, níor cheart go mbeadh an tomhaltóir faoi cheangal ag an gcomhaontú an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid go bhfaighidh sé an fógra faisnéise mar aon le daingniú maidir leis an gcomhaontú agus go dtabharfaidh sé toiliú ina leith ina dhiaidh sin.

(24) Le nach gcuirfí gnéithe áirithe den Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach i bhfeidhm go roghnaíoch, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar an gcothromaíocht idir cearta agus

---

[21] IO L 124, 20.5.2003, lch. 36.

oibleagáidí na bpáirtithe agus a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar an leibhéal cosanta do thomhaltóirí, ba cheart an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach ina iomláine a chumhdach faoin rogha seachas díreach codanna de a chumhdach.

(25) I gcás ina mbeadh feidhm, murach an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach agus maidir leis an gconradh i gceist, ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le conarthaí chun earraí a dhíol go hidirnáisiúnta, ba cheart go dtabharfaí le tuiscint tríd an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a roghnú go gcomhaontaíonn na páirtithe sa chonradh an Coinbhinsiún sin a eisiamh.

(26) Ba cheart a chumhdach faoi rialacha an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh ábhair a bhaineann le dlí na gconarthaí a mbíonn ábharthacht phraiticiúil ag baint leo le linn shaolré na gcineálacha conarthaí a thagann faoin raon feidhme ábhartha agus pearsanta, go háirithe na conarthaí sin a thugtar i gcrích ar líne. I dteannta chearta agus oibleagáidí na bpáirtithe agus na leigheasanna ar neamh-chomhlíonadh, ba cheart na rudaí seo a leanas a rialú faoin Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach: dualgais faisnéise réamhchonarthacha; tabhairt i gcrích conartha lena n-áirítear ceanglais fhoirmiúla, an ceart chun tarraingt siar agus iarmhairtí an chirt sin; neamhniú conartha de thoradh earráide, calaoise, bagairtí nó dúshaothraithe agus iarmhairtí an neamhnithe sin; léiriú; ábhair agus éifeachtaí conartha; measúnú a dhéanamh ar a éagóraí atá téarmaí conartha agus iarmhairtí na héagothroime sin; tabhairt ar ais tar éis neamhnithe; agus foirceannta agus rúradh agus toirmeasc ceart. Ba cheart dó na smachtbhannaí a shainiú a bheadh ar fáil i gcás shárú na n-oibleagáidí agus na ndualgas ar fad a bhaineann le cur i bhfeidhm an dlí.

(27) Gach ábhar conarthach nó neamhchonarthach nach bhfuil foráil déanta ina leith sa Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach, beidh sé faoi rialú na rialacha atá ann cheana maidir leis an dlí náisiúnta taobh amuigh den Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach ar rialacha iad is infheidhme faoi Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 agus Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 nó faoi aon riail ábhartha eile maidir le coinbhleacht dlí. Áirítear i measc na n-ábhar sin pearsantacht dhlítheanach, neamhbhailíocht conartha a thagann as easpa acmhainne, as neamhdhleathacht nó as mímhoráltacht, roghnú na teanga don chonradh, ábhair a bhaineann le neamh-idirdhealú, ionadaíocht, iolracht na bhféichiúnaithe agus na gcreidiúnaithe, athrú sna páirtithe maidir le sannadh, fritháireamh agus sa cumasc, dlí réadmhaoine lena n-áirítear aistriú úinéireachta, dlí na maoine intleachtúla agus dlí na dtortanna. Ina theannta sin, maidir le cé acu is féidir nó nach féidir gabháil d'éilimh chonarthacha agus d'éilimh neamhchonarthacha ar dhliteanas ag an am céanna, ní thagann sin faoi raon feidhme an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh.

(28) Níor cheart go mbeadh aon ábhar nach dtagann faoi shainchúram dhlí na gconartha á rialú faoin Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach. Ba cheart go mbeadh an Rialachán seo gan dochar do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta maidir le haon ábhar den sórt sin. Maidir le dualgais faisnéise a fhorchuirtear chun sláinte agus sábháilteacht a chosaint nó ar chúiseanna comhshaoil mar shampla, níor cheart iad a áireamh faoi raon feidhme an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh. Ba cheart go mbeadh an Rialachán seo gan dochar freisin do na ceanglais faisnéise i dTreoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach[22].

(29) A luaithe agus a bheidh sé ina chomhaontú bailí an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid, is faoi rialú an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh amháin iad na hábhair a thagann faoina raon feidhme. Ba cheart na rialacha maidir leis an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a léiriú go huathrialaitheach agus i gcomhréir leis na prionsabail sheanbhunaithe maidir le reachtaíocht an Aontais a léiriú. Aon cheisteanna a bhaineann le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh ach nach bhfuil socraithe go sainráite inti, ba cheart iad a réiteach trí rialacha an Dlí sin amháin a léiriú agus gan dul i muinín aon dlí eile. Ba cheart na rialacha maidir leis an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a léiriú ar bhonn na bprionsabal agus na gcuspóirí is bun leis agus ar bhonn a gcuid forálacha go léir.

(30) Saoirse chonarthach is ceart a bheith sa phrionsabal treorach is bun leis an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach. Níor cheart srian a chur le neamhspleáchas na bpáirtithe ach amháin má tá sé fíor-riachtanach é sin a dhéanamh, go háirithe ar chúiseanna cosanta tomhaltóirí. I gcás inar gá é sin a dhéanamh, ba cheart a chur in iúl go soiléir gur rialacha sainordaitheacha iad na rialacha i gceist.

(31) Ba cheart go dtabharfadh an prionsabal maidir le meon macánta agus cóirdhéileáil treoir maidir le comhar idir na páirtithe. Ar an ábhar go mbaineann roinnt rialacha le gnéithe sonracha den phrionsabal ginearálta maidir le meon macánta agus cóirdhéileáil, ba cheart tosaíocht a bheith ag na rialacha sin ar an bprionsabal ginearálta. Dá bhrí sin, níor cheart an prionsabal ginearálta a úsáid mar uirlis chun cearta agus oibleagáidí sonracha páirtithe, faoi mar atá siad leagtha amach sna rialacha sonracha, a leasú. Na ceanglais tháigiúla a bhaineann leis an bprionsabal maidir le meon macánta agus cóirdhéileáil, ba cheart go mbeidís ag brath ar leibhéal coibhneasta saineolais na bpáirtithe agus dá bhrí sin níor cheart gurbh ionann iad in idirbheart idir gnólacht agus tomhaltóir agus in idirbheart idir gnólachtaí. Maidir le hidirbhearta idir trádálaithe, ba cheart go mbeadh dea-chleachtas tráchtála sa chás lena mbaineann ina fhachtóir ábhartha sa chomhthéacs sin.

(32) Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach conradh bailí a chaomhnú nuair is féidir agus is iomchuí sin i bhfianaise leasanna dlisteanacha na bpáirtithe.

(33) Ba cheart don Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach réitigh chothroma a shainaithint ag cur leasanna dlisteanacha na bpáirtithe san áireamh agus iad ag ceapadh agus ag feidhmiú na leigheasanna atá ar fáil i gcás nach gcomhlíontar an conradh. I gconarthaí idir gnólacht agus tomhaltóir, ba cheart léiriú a bheith i gcóras na leigheasanna go dtagann neamh-chomhréireacht earraí, ábhair dhigitigh nó seirbhísí faoi shainchúram an trádálaí.

(34) Chun an deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú trí chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na gcúirteanna náisiúnta a chur ar fáil don phobal maidir le léiriú an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh nó léiriú aon fhorála eile de chuid an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún bunachar sonraí a chruthú ina mbeidh na cinntí deireanacha

[22] IO L 376, 27.12.2006, lch. 36.

ábhartha. Le gur féidir é sin a dhéanamh, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear an Coimisiún ar an eolas faoi bhreithiúnais den chineál sin go tapa.

(35) Is iomchuí feidhmiú an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh nó aon fhorála eile de chuid an Rialacháin seo a athbhreithniú freisin tar éis don dlí a bheith i bhfeidhm ar feadh cúig bliana. Ba cheart a thabhairt san áireamh san athbhreithniú sin, i measc rudaí eile, an gá atá le leathnú an raon feidhme maidir le conarthaí idir gnólachtaí, forbairtí sa mhargadh agus forbairtí teicneolaíocha i ndáil le hábhar digiteach agus forbairtí ar *acquis* an Aontais amach anseo.

(36) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach, eadhon cuidiú le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí shraith aonfhoirmeach rialacha maidir le dlí na gconarthaí a chur ar fáil a fhéadfaidh a úsáid le haghaidh idirbheart trasteorann ar fud an Aontais, agus gur fearr is féidir, dá bhrí sin, iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(37) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear, go háirithe, le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 16, 38 agus 47 di,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Cuspóir agus ábhar an Rialacháin

1. Is é is cuspóir don Rialachán seo na coinníollacha a bhaineann le bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí shraith aonfhoirmeach rialacha a chur ar fáil maidir le dlí na gconarthaí mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn I ('an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach'). Is féidir na rialacha sin a úsáid le haghaidh idirbheart trasteorann chun earraí a dhíol, chun ábhar digiteach a sholáthar agus chun seirbhísí gaolmhara eile a chur ar fáil má aontaíonn na páirtithe sa chonradh é sin a dhéanamh.

2. I ngeall ar an Rialachán seo féadfaidh trádálaithe brath ar shraith choiteann rialacha agus na téarmaí conartha céanna a úsáid dá n-idirbhearta trasteorann go léir, rud a laghdóidh costais neamhriachtanacha agus a áiritheoidh ardleibhéal deimhneachta dlíthiúla.

3. Maidir le conarthaí idir trádálaithe agus tomhaltóirí, tá sraith chuimsitheach rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí sa Rialachán seo chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do thomhaltóirí, chun muinín na dtomhaltóirí as an margadh inmheánach a fheabhsú agus chun tomhaltóirí a spreagadh le siopadóireacht a dhéanamh thar theorainneacha.

Airteagal 2
Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'conradh' comhaontú a bhfuil d'aidhm leis oibleagáidí nó éifeachtaí dlíthiúla eile a thionscnamh;

(b) ciallaíonn 'meon macánta agus cóirdhéileáil' caighdeán iompair lena mbaineann macántacht, oscailteacht agus tuiscint do leasanna an pháirtí eile san idirbheart nó sa chaidreamh i gceist;

(c) ciallaíonn 'caillteanas' caillteanas eacnamaíoch agus caillteanas neamheacnamaíoch i bhfoirm péine agus fulaingthe, gan aon chineálacha caillteanais neamheacnamaíoch eile a chur san áireamh amhail laghdú ar cháilíocht an tsaoil agus laghdú ar an taitneamh a bhaintear as an saol;

(d) ciallaíonn 'téarmaí caighdeánacha conartha' téarmaí conartha arna ndréachtú roimh ré le haghaidh roinnt idirbheart lena mbaineann páirtithe éagsúla, ar téarmaí iad nach ndearna na páirtithe a chaibidliú ar leithligh de réir bhrí Airteagal 7 den Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach;

(e) ciallaíonn 'trádálaí' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a ghníomhaíonn chun críocha a bhaineann le gnó, gnólacht, ceird nó gairm beatha an duine sin;

(f) ciallaíonn 'tomhaltóir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a ghníomhaíonn chun críocha nach mbaineann le gnó, gnólacht, ceird nó gairm beatha an duine sin;

(g) ciallaíonn 'damáistí' suim airgid a bhféadfadh duine a bheith ina teideal mar chúiteamh i leith caillteanais, díobhála nó damáiste;

(h) ciallaíonn 'earraí' aon ítimí sochorraithe inláimhsithe; ní áirítear ann:

(i) leictreachas ná gás nádúrtha; agus

(ii) uisce ná cineálacha eile gáis mura gcuirtear ar díol iad i méid teoranta nó i gcainníocht sheasta;

(i) ciallaíonn 'praghas' airgead atá dlite mar mhalairt ar earraí a díoladh, ar ábhar digiteach a soláthraíodh nó ar sheirbhís ghaolmhar a cuireadh ar fáil;

(j) ciallaíonn 'ábhar digiteach' sonraí a tháirgtear agus a sholáthraítear i bhfoirm dhigiteach, bíodh siad déanta de réir sonraíochtaí an cheannaitheora nó ná bíodh, lena n-áirítear físeán, fuaim, pictiúr nó ábhar digiteach scríofa, cluichí digiteacha, bogearraí agus ábhar digiteach lenar féidir crua-earraí nó bogearraí atá ann cheana a oiriúnú; ní áirítear:

(i) seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear seirbhísí baincéireachta ar líne;

(ii) comhairle dlí nó airgeadais a thugtar i bhfoirm leictreonach;

(iii) seirbhísí leictreonacha cúraim sláinte;

(iv) seirbhísí agus gréasáin leictreonacha cumarsáide, agus áiseanna agus seirbhísí gaolmhara eile;

(v) cearrbhachas;

(vi) cruthú ábhair nua dhigitigh agus leasú ábhair dhigitigh atá ann cheana ag tomhaltóirí nó aon idirghníomhaíocht eile le rudaí a chruthaigh úsáideoirí eile;

(k) ciallaíonn 'conradh díolacháin' aon chonradh faoina n-aistríonn an trádálaí ('an díoltóir') úinéireacht na n-earraí chuig duine eile ('an ceannaitheoir') nó faoina ngabhann an trádálaí air féin an úinéireacht a aistriú amhlaidh, agus faoina n-íocann an ceannaitheoir an praghas nó faoina ngabhann an ceannaitheoir air féin an praghas a íoc as; áirítear i gconradh den chineál sin conradh chun earraí atá le monarú nó le táirgeadh a sholáthar agus ní áirítear ann conradh le haghaidh díola éigeantaigh ná iad a bhaineann ar shlí eile le feidhmiú údaráis phoiblí;

(l) ciallaíonn 'conradh díolacháin le tomhaltóir' conradh díolacháin i gcás inar trádálaí é an díoltóir agus inar tomhaltóir é an ceannaitheoir;

(m) ciallaíonn 'seirbhís ghaolmhar' aon seirbhís a bhaineann le hearraí nó le hábhar digiteach, amhail suiteáil, cothabháil, deisiú nó aon phróiseáil eile a chuireann díoltóir na n-earraí nó soláthraí an ábhair dhigitigh ar fáil faoin gconradh díolacháin, faoin gconradh chun ábhar digiteach a sholáthar nó faoi chonradh seirbhíse gaolmhaire eile a tugadh i gcrích tráth a tugadh i gcrích an conradh díolacháin nó an conradh chun ábhar digiteach a sholáthar; agus ní áirítear:

(i) seirbhísí iompair,

(ii) seirbhísí traenála,

(iii) seirbhísí tacaíochta teileachumarsáide; agus

(iv) seirbhísí airgeadais;

(n) ciallaíonn 'soláthróir seirbhíse' díoltóir earraí nó soláthraí ábhair dhigitigh a ghabhann air féin seirbhís a bhaineann leis na hearraí sin nó leis an ábhar digiteach sin a chur ar fáil do chustaiméir;

(o) ciallaíonn 'custaiméir' aon duine a cheannaíonn seirbhís ghaolmhar;

(p) ciallaíonn 'cianchonradh' aon chonradh idir an trádálaí agus an tomhaltóir faoi chianscéim eagraithe díolacháin a thugtar i gcrích gan an trádálaí agus an tomhaltóir a bheith i láthair le chéile san am céanna nó, i gcás inar duine dlítheanach é an trádálaí, gan an duine nádúrtha a fheidhmíonn ar son an trádálaí agus an tomhaltóir a bheith i láthair le chéile san am céanna, agus úsáid eisiach á baint as modh cianchumarsáide nó as modhanna cianchumarsáide go dtugtar an conradh i gcrích agus tráth a thugtar an conradh i gcrích san áireamh;

(q) ciallaíonn 'conradh seacháitribh' aon chonradh idir trádálaí agus tomhaltóir:

(i) a thugtar i gcrích le linn don trádálaí nó, i gcás inar duine dlítheanach é an trádálaí, le linn don duine nádúrtha a fheidhmíonn ar son an trádálaí agus don tomhaltóir a bheith i láthair le chéile san am céanna in áit seachas in áitreabh gnó an trádálaí, nó a thugtar i gcrích ar bhun tairiscint arna déanamh ag an tomhaltóir sna himthosca céanna; nó

(ii) a thugtar i gcrích in áitreabh gnó an trádálaí nó trí aon mhodh cianchumarsáide díreach tar éis forrán a chur ar an tomhaltóir féin, agus airsean amháin, in áit nach áitreabh gnó an trádálaí í le linn don trádálaí nó, i gcás inar duine dlítheanach é an trádálaí, don duine nádúrtha a fheidhmíonn ar son an trádálaí, agus don tomhaltóir a bheith i láthair le chéile san am céanna; nó

(iii) a thugtar i gcrích le linn turais arna eagrú ag an trádálaí nó, i gcás inar duine dlítheanach é an trádálaí, ag an duine nádúrtha a fheidhmíonn ar son an trádálaí, arb é is aidhm nó is éifeacht don turas earraí a chur chun cinn nó a dhíol nó ábhar digiteach nó seirbhísí gaolmhara a sholáthar don tomhaltóir;

(r) ciallaíonn 'áitreabh gnó':

(i) aon áitreabh dochorraithe miondíola ina mbíonn an trádálaí i mbun gníomhaíochtaí ar bhonn buan, nó

(ii) aon áitreabh sochorraithe miondíola inar gnách le trádálaí a bheith i mbun gníomhaíochaí;

(s) ciallaíonn 'ráthaíocht tráchtála' aon ghealltanas a thugann an trádálaí nó táirgeoir don tomhaltóir, i dteannta oibleagáidí dlíthiúla faoi Airteagal 106 i gcás easpa comhréireachta, go ndéanfaidh sé an praghas a íocadh a aisíoc nó go malartóidh, go ndeiseoidh nó go seirbhíseoidh sé earraí nó ábhar digiteach mura gcomhlíonann siad na sonraíochtaí nó aon cheanglais eile nach mbaineann le comhréireacht arna leagan amach i ráiteas na ráthaíochta nó san fhógraíocht ábhartha tráth a tugadh an conradh i gcrích nó roimhe sin;

(t) ciallaíonn 'meán buanfasach' aon mheán trínar féidir le páirtí faisnéis a díríodh chuig an bpáirtí sin féin a stóráil sa dóigh is gur féidir tagairt di sa todhchaí go ceann tréimhse leordhóthanaí chun críocha na faisnéise sin agus sa dóigh is gur féidir an fhaisnéis atá stóráilte a atáirgeadh gan í a athrú;

(u) ciallaíonn 'ceant poiblí' modh díola ina dtairgeann an trádálaí earraí nó ábhar digiteach don tomhaltóir atá i láthair nó a bhfuil an deis aige a bheith i láthair é féin ag an gceant, trí nós imeachta trédhearcach iomaíoch tairisceana atá á reáchtáil ag ceantálaí agus ina gceanglaítear ar an tairgeoir a n-éiríonn leis na hearraí nó an t-ábhar digiteach a cheannach;

(v) ciallaíonn 'riail shainordaitheach' aon fhoráil nach bhféadfaidh na páirtithe a feidhmiú a eisiamh ná maolú uirthi ná a héifeachtaí a athrú;

(w) ciallaíonn 'creidiúnaí' duine a bhfuil sé de cheart aige comhlíonadh a chur á dhéanamh ag duine eile, i.e. an féichiúnaí, is cuma cé acu oibleagáid airgeadaíochta nó oibleagáid neamhairgeadaíochta atá ann;

(x) ciallaíonn 'féichiúnaí' duine atá faoi oibleagáid do dhuine eile, .i. an creidiúnaí, is cuma cé acu oibleagáid airgeadaíochta nó oibleagáid neamhairgeadaíochta atá ann;

(a) ciallaíonn 'oibleagáid' dualgas atá ar pháirtí amháin i gcaidreamh dlíthiúil rud a chomhlíonadh do pháirtí eile.

Airteagal 3
An Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a bheith roghnach

Féadfaidh na páirtithe a chomhaontú go rialóidh an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a gconarthaí trasteorann chun earraí a dhíol, chun ábhar digiteach a sholáthar agus chun seirbhísí gaolmhara a chur ar fáil laistigh den raon feidhme críochach, ábhartha agus pearsanta atá leagtha amach in Airteagail 4–7.

Airteagal 4
Conarthaí trasteorann

1. Féadfar an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid le haghaidh conarthaí trasteorann.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, conradh trasteorann atá i gconradh idir trádálaithe má tá gnáthchónaí ar na trádálaithe i dtíortha éagsúla ar Ballstát é ar a laghad ceann amháin de na Stáit sin.

3. Chun críocha an Rialacháin seo, conradh trasteorann atá i gconradh idir trádálaí agus tomhaltóir sna cásanna seo a leanas:

   (a) má tá an seoladh a thugann an tomhaltóir, an seoladh chun a seachadtar na hearraí nó an seoladh billeála suite i dtír seachas an tír ina bhfuil gnáthchónaí ar an trádálaí; agus

   (b) más Ballstát é ar a laghad ceann amháin de na tíortha sin.

4. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gurb í áit an riaracháin lárnaigh áit ghnáthchónaithe cuideachtaí nó gnólachtaí agus comhlachtaí eile, corpraithe nó neamhchorpraithe. Is ionann áit ghnáthchónaithe trádálaí ar duine nádúrtha é agus príomháit ghnó an duine sin.

5. I gcás ina dtugtar an conradh i gcrích i rith oibríochtaí de chuid brainse, gníomhaireachta nó bunaíochta eile trádálaí, glacfar leis gurb é an áit ina bhfuil an brainse, an ghníomhaireacht nó an bhunaíocht eile suite áit ghnáthchónaithe an trádálaí.

6. Chun a chinneadh an conradh trasteorann é conradh nó nach ea is é an tráth a thagtar ar chomhaontú faoi úsáid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh an tráth is ábhartha.

Airteagal 5
Conarthaí is féidir an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid lena n-aghaidh

Féadfar an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid le haghaidh na gconarthaí seo a leanas:

(a) conarthaí díolacháin;

(b) conarthaí chun ábhar digiteach a sholáthar, bíodh sin á sholáthar ar mheán inláimhsithe nó ná bíodh, ar ábhar é a fhéadfaidh an úsáideoir a stóráil, a phróiseáil

nó rochtain a fháil air, agus a úsáid arís, is cuma má sholáthraítear an t-ábhar digiteach mar mhalairt ar phraghas a íoc.

(c) conarthaí seirbhíse gaolmhaire, is cuma má comhaontaíodh praghas ar leith don tseirbhís ghaolmhar.

Airteagal 6

Eisiamh conarthaí a bhfuil cuspóirí éagsúla acu agus conarthaí a bhfuil nasc acu le creidmheas tomhaltais

1. Ní fhéadfar an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid le haghaidh conarthaí a bhfuil cuspóirí éagsúla acu, lena n-áirítear aon ní seachas earraí a dhíol, ábhar digiteach a sholáthar agus seirbhísí gaolmhara a chur ar fáil de réir bhrí Airteagal 5.

2. Ní fhéadfar an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid le haghaidh conarthaí idir trádálaí agus tomhaltóir i gcás ina dtugann an trádálaí creidmheas don tomhaltóir nó ina ngeallann sé go dtabharfaidh sé creidmheas dó, ar creidmheas é i bhfoirm íocaíochta iarchurtha, iasachta nó cineál comhréitigh eile dá samhail. Féadfar an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid le haghaidh conarthaí idir trádálaí agus tomhaltóir i gcás ina soláthraítear earraí, ábhar digiteach nó seirbhísí gaolmhara den chineál céanna ar bhonn leanúnach agus go n-íocann an tomhaltóir as na hearraí sin nó as an ábhar digiteach nó na seirbhísí gaolmhara sin ar feadh an tsoláthair sin trí bhíthin tráthchodanna a íoc.

Airteagal 7

Páirtithe sa chonradh

1. Ní fhéadfar an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid ach amháin más trádálaí é díoltóir na n-earraí nó soláthraí an ábhair dhigitigh. I gcás inar trádálaithe iad na páirtithe go léir i gconradh, féadfar an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid más fiontar beag nó meánmhéide ('FBM') é ceann de na páirtithe sin.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, is ionann FBM agus trádálaí

   (c) a fhostaíonn níos lú ná 250 duine; agus

   (d) a bhfuil láimhdeachas bliantúil aige nach mó ná EUR 50 milliún nó clár comhardaithe bliantúil iomlán nach mó ná EUR 43 milliún, nó, i gcás fiontar beag nó meánmhéide a bhfuil a áit ghnáthchónaithe i mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige nó a bhfuil a áit ghnáthchónaithe i dtríú tír, má tá láimhdeachas bliantúil nó clár comhardaithe bliantúil iomlán aige nach mó ná na méideanna coibhéiseacha in airgeadra an Bhallstáit nó an tríú tír sin.

Airteagal 8

Comhaontú maidir le húsáid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh

1. Chun an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid ní mór do na páirtithe teacht ar chomhaontú ina leith. Déanfar cinneadh maidir le comhaontú den chineál sin a bheith ann agus maidir le bailíocht an chomhaontaithe ar bhonn mhír 2 agus mhír 3 den

Airteagal seo agus ar bhonn Airteagal 9 mar aon leis na forálacha ábhartha sa Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach.

2. I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir ní bheidh an comhaontú maidir le húsáid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh bailí ach amháin má thugann an tomhaltóir toiliú le sainráiteas atá ar leithligh ón ráiteas lena sonraítear an comhaontú chun conradh a thabhairt i gcrích. Tabharfaidh an trádálaí daingniú don tomhaltóir maidir leis an gcomhaontú sin ar mheán buanfasach.

3. I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir ní fhéadfar páirt den Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a roghnú ach ní mór an t-iomlán de a roghnú.

Airteagal 9

Fógra Caighdeánach Faisnéise i gconarthaí idir trádálaí agus tomhaltóir

1. I dteannta na ndualgas faisnéise réamhchonarthach atá leagtha síos sa Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach, i gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir tabharfaidh an trádálaí le tuiscint don tomhaltóir go bhfuil sé ar intinn aige feidhm a bhaint as an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach, agus sin sula ndéantar an comhaontú, tríd an bhfógra faisnéise in Iarscríbhinn II a thabhairt don tomhaltóir ar bhealach suntasach. I gcás ina dtugtar an comhaontú maidir le húsáid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh i gcrích ar an nguthán nó ar dhóigh eile a fhágann nach féidir an fógra faisnéise a thabhairt don tomhaltóir, nó i gcás nár thug an trádálaí an fógra faisnéise, ní bheidh an tomhaltóir faoi cheangal ag an gcomhaontú go bhfaighidh sé an daingniú dá dtagraítear in Airteagal 8(2) agus an fógra faisnéise agus go dtoileoidh sé go sainráite an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid.

2. Má thugtar an fógra faisnéise dá dtagraítear i mír 1 i bhfoirm leictreonach, beidh hipearnasc ann nó, i ngach cás eile, luafar suíomh gréasáin ann trínar féidir teacht ar théacs an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh saor in aisce.

Airteagal 10

Pionóis i leith sáruithe ar cheanglais shonracha

Leagfaidh na Ballstáit síos pionóis i leith sáruithe ag trádálaithe i gcaidreamh le tomhaltóirí ar na ceanglais atá leagtha síos in Airteagal 8 agus in Airteagal 9 agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirtear na pionóis sin i bhfeidhm. Beidh na pionóis sin dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na forálacha ábhartha tráth nach déanaí ná [*aon bhliain ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*] agus tabharfaidh siad fógra dó faoi aon athruithe ina dhiaidh sin a luaithe is féidir.

Airteagal 11

Na hiarmhairtí a bhaineann le húsáid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh

I gcás ina n-aontaíonn na páirtithe an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid le haghaidh conradh, is faoi rialú an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh amháin a bheidh na hábhair i rialacha an chonartha. Ar choinníoll go bhfuil an conradh tugtha i gcrích iarbhír, rialóidh an

Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach freisin comhlíonadh na ndualgas faisnéise réamhchonarthach agus na leighis i gcás neamhchomhlíonadh na ndualgas sin.

Airteagal 12
Ceanglais faisnéise a bhaineann leis an Treoir um Sheirbhísí

Tá an Rialachán seo gan dochar do na ceanglais faisnéise atá leagtha síos ag dlíthe náisiúnta a thrasuíonn forálacha Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach agus ar ceanglais iad a chomhlánaíonn na ceanglais faisnéise atá leagtha síos sa Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach.

Airteagal 13

Roghanna na mBallstát

Féadfaidh Ballstát cinneadh a dhéanamh an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a chur ar fáil i gcás na gcineálacha conarthaí seo a leanas:

(a) conarthaí ina bhfuil áit ghnáthchónaithe na dtrádálaithe nó, i gcás conartha idir trádálaí agus tomhaltóir, áit ghnáthchónaithe an trádálaí, an seoladh a thugann an tomhaltóir, an seoladh chun a seachadtar na hearraí agus an seoladh billeála suite sa Bhallstát sin; agus/nó

(b) conarthaí inar trádálaithe iad na páirtithe go léir ach nach FBM aon cheann acu de réir bhrí Airteagal 7(2).

Airteagal 14
Breithiúnais lena gcuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm a chur in iúl

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar breithiúnais chríochnaitheacha a gcúirteanna lena gcuirtear rialacha an Rialacháin seo i bhfeidhm, go ndéanfar iad a chur in iúl don Choimisiún gan moill mhíchuí.

2. Cuirfidh an Coimisiún córas ar bun trínar bhféadfar dul i gcomhairle na faisnéise a bhaineann leis na breithiúnais dá dtagraítear i mír 1 agus le breithiúnais ábhartha eile ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Beidh teacht ag an bpobal ar an gcóras sin.

Airteagal 15
Athbhreithniú

1. Faoi ... [*4 bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], tabharfaidh na Ballstáit faisnéis don Choimisiún a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, go háirithe maidir leis an méid ar glacadh leis an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach, a mhéid a d'éirigh dlíthíocht as forálacha an dlí agus maidir le haon difear sa leibhéal cosanta do thomhaltóirí idir an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach agus an dlí náisiúnta. Beidh san fhaisnéis sin forbhreathnú cuimsitheach ar chásdlí na gcúirteanna náisiúnta lena léirítear forálacha an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh.

2. Faoi ... [*5 bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mhionshonraithe a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta lena n-athbhreithneofar feidhmiú an Rialacháin seo, agus lena gcuirfear san áireamh, i measc nithe eile, an gá atá le leathnú an raon feidhme maidir le conarthaí idir gnólachtaí, forbairtí sa mhargadh agus forbairtí teicneolaíocha i ndáil le hábhar digiteach agus forbairtí ar *acquis* an Aontais sa todhchaí.

Airteagal 16
Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón [*6 mhí óna theacht i bhfeidhm*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

IARSCRÍBHINN I
AN DLÍ COITEANN DÍOLACHÁIN EORPACH

CLÁR NA nÁBHAR

Cuid I Forálacha tosaigh 35

Caibidil 1: Prionsabail ghinearálta agus cur i bhfeidhm 35

Roinn 1: Prionsabail ghinearálta 35

Roinn 2: Cur i bhfeidhm 35

Cuid II: Conradh ceangailteach a dhéanamh 40

Caibidil 2: Faisnéis réamhchonarthach 40

Roinn 1: Faisnéis réamhchonarthach atá ar thrádálaí a thabhairt agus é ag déileáil le tomhaltóir 40

Roinn 2: Faisnéis réamhchonarthach atá le tabhairt ag trádálaí agus é ag déileáil le trádálaí eile 46

Roinn 3: Conarthaí a thugtar i gcrích trí mhodh leictreonach 46

Roinn 4: An dualgas a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis arna soláthar ceart 48

Roinn 5: Leigheasanna ar shárú ar dhualgais faisnéise 48

Caibidil 3: Conradh a thabhairt i gcrích 49

Caibidil 4: Ceart tarraingt siar ó chianchonarthaí agus ó chonarthaí seacháitribh idir trádálaithe agus tomhaltóirí 52

Caibidil 5: Lochtanna sa toiliú 58

Cuid III: Measúnú a dhéanamh ar a bhfuil sa chonradh 62

Caibidil 6 Léiriú 62

Caibidil 7 Ábhair agus Éifeachtaí 63

Caibidil 8 Téarmaí éagóracha conartha 68

Roinn 1: Forálacha ginearálta 68

Roinn 2: Téarmaí éagóracha i gconarthaí idir trádálaí agus tomhaltóir 69

Roinn 3: Téarmaí éagóracha i gconarthaí idir trádálaithe 72

Cuid IV: Oibleagáidí agus leigheasanna páirtithe i gconradh díola nó i gconradh chun ábhar digiteach a sholáthar 74

Caibidil 9: Forálacha ginearálta 74

Caibidil 10: Oibleagáidí an díoltóra 76

Roinn 1: Forálacha ginearálta 76

Roinn 2: Seachadadh 77

Roinn 3: Comhréireacht na nearraí agus an ábhair dhigitigh 79

Caibidil 11: Leigheasanna an cheannaitheora 82

Roinn 1: Forálacha ginearálta 82

Roinn 2: Leigheas an díoltóra 83

Roinn 3: Comhlíonadh a cheangal 84

Roinn 4: Comhlíonadh oibleagáidí an díoltóra a choinneáil siar 85

Roinn 5: Foirceannadh 86

Roinn 6: An praghas a laghdú 87

Roinn 7: Ceanglais scrúdúcháin agus ceanglais um fhógra a thabhairt i gconradh idir trádálaithe 88

Caibidil 12: Oibleagáidí an cheannaitheora 89

Roinn 1: Forálacha ginearálta 89

Roinn 2: An praghas a íoc 89

Roinn 3: Glacadh le seachadadh 91

Caibidil 13: Leigheasanna an díoltóra 92

Roinn 1: Forálacha ginearálta 92

Roinn 2: Comhlíonadh a cheangal 93

Roinn 3: Comhlíonadh oibleagáidí an díoltóra a choinneáil siar 93

Roinn 4: Foirceannadh 94

Caibidil 14: An riosca a chur ar aghaidh 95

Roinn 1: Forálacha ginearálta 95

Roinn 2: Riosca a chur ar agahdih i gconarthaí díola le tomhaltóirí 96

Roinn 3: An riosca a chur ar aghaidh i gcás conarthaí idir trádálaithe 97

Cuid V: Oibleagáidí agus leigheasanna na bpáirtithe maidir le conradh seirbhíse gaolmhaire 99

Caibidil 15: Oibleagáidí agus leigheasanna na bpáirtithe 99

Roinn 1: Rialacha áirithe ginearálta a chur i bhfeidhm ar chonarthaí díola 102

Roinn 2: Oibleagáidí an tsoláthróra seirbhíse 99

Roinn 3: Oibleagáidí an chustaiméara 101

Roinn 4: Leigheasanna 101

Cuid VI: Damáistí agus ús 104

Caibidil 16: Damáistí agus ús 104

Roinn 1: Damáistí 104

Roinn 2: Ús ar íocaíochtaí déanacha: forálacha ginearálta 105

Roinn 3: Íocaíochtaí déanacha trádálaithe 106

Cuid VII: Tabhairt ar ais 109

Caibidil 17: Tabhairt ar ais 109

Cuid VIII: Rúradh 112

Caibidil 18: Rúradh 112

Roinn 1: Forálacha ginearálta 112

Roinn 2: Tréimhsí rúraidh agus a dtosach feidhme 112

Roinn 3: Na tréimhsí rúraidh a shíneadh 113

Roinn 4: Na tréimhsí rúraidh a athnuachan 114

Roinn 5: Éifeachtaí rúraidh 114

Roinn 6: Modhnú trí theacht ar chomhaontú 114

Foscríbhinn 1 119

Foscríbhinn 2 119

Cuid I Forálacha tosaigh

Caibidil 1 Prionsabail ghinearálta agus cur i bhfeidhm

ROINN 1 PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Airteagal 1
Saoirse chonarthach

1. Tá an tsaoirse ag páirtithe conradh a thabhairt i gcrích agus ábhar an chonartha a shocrú, faoi réir aon rialacha sainordaitheacha infheidhme.

2. Féadfaidh páirtithe feidhmiú aon fhorálacha de chuid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh a eisiamh, maolú ar a n-éifeachtaí nó na héifeachtaí sin a athrú, mura bhforáiltear a mhalairt sna forálacha sin.

Airteagal 2
Meon macánta agus cóirdhéileáil

1. Tá de dhualgas ar gach páirtí gníomhú i gcomhréir leis na ceanglais maidir le meon macánta agus cóirdhéileáil.

2. Nuair a sháraítear an dualgas sin, féadfar cosc a chur ar an bpáirtí a bhfuil an dualgas á shárú aige ceart, leigheas nó cosaint a fheidhmiú nó dul i muinín iontu, ar ceart, leigheas nó cosaint é a bheadh ag an bpáirtí murach an sárú sin, é sin nó féadfaidh an sárú dliteanas aon chaillteanais a éiríonn don pháirtí eile a chur ar an bpáirtí.

3. Ní fhéadfaidh na páirtithe feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 3
Comhar

Tá sé d'oibleagáid ar na páirtithe dul i gcomhar lena chéile a mhéid is féidir a bheith ag súil leis sin chun a n-oibleagáidí conarthacha a chomhlíonadh.

ROINN 2 CUR I BHFEIDHM

Airteagal 4
Léiriú

1. Déanfar an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a léiriú go neamhspleách agus i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail is bun leis.

2. Aon saincheisteanna a thagann faoi raon feidhme an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh ach nach bhfuil socraithe go sainráite ann, déanfar iad sin a shocrú i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail is bun leis agus lena fhorálacha go léir, gan leas a bhaint as an dlí náisiúnta a mbeadh feidhm aige mura mbeadh comhaontú ann an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach a úsáid ná leas a bhaint as aon dlí eile.

3. I gcás ina bhfuil feidhm ag riail ghinearálta agus ag riail speisialta maidir le himthosca ar leith a thagann faoi raon feidhme na rialach ginearálta, is ag an riail speisialta a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontais.

Airteagal 5
Réasúnacht

1. Déanfar réasúntacht a fhionnadh go hoibíochtúil, ag féachaint do chineál agus cuspóir an chonartha, ag féachaint d'imthosca an cháis agus d'úsáidí agus cleachtais na ngnóthaí nó na ngairmeacha lena mbaineann.

2. Aon tagairt a dhéantar don mhéid is féidir a bheith ag súil leis ó dhuine nó don mhéid is féidir le duine a bheith ag súil leis, nó don mhéid is féidir a bheith ag súil leis in imthosca ar leith, is tagairt í don mhéid is féidir le réasún a bheith ag súil leis.

Airteagal 6
Ní cheanglaítear foirm ar leith a úsáid

Mura sonrófar a mhalairt sa Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach, ní gá conradh, ráiteas ná aon bheart eile a rialaítear leis an Dlí, ní gá é a dhéanamh i bhfoirm áirithe nó a fhianú i bhfoirm áirithe.

Airteagal 7
Téarmaí nár caibidlíodh ar leithligh

1. Téarma nár caibidlíodh ar leithligh is ea téarma conartha má sholáthair páirtí amháin é agus nach raibh an páirtí eile in ann tionchar a imirt ar a ábhar.

2. I gcás ina soláthraíonn páirtí amháin rogha téarmaí conartha don pháirtí eile, ní mheasfar gur téarma a caibidlíodh ar leithligh é de bhrí go roghnaíonn an dara páirtí é ón rogha sin, agus dá bhrí sin amháin

3. Aon pháirtí a mhaíonn go ndearnadh téarma conartha a soláthraíodh mar chuid de théarmaí caighdeánacha conartha, go ndearnadh é a chaibidliú ar leithligh ó soláthraíodh é, is airsean atá dualgas a chruthaithe.

4. Maidir le conradh idir trádálaí agus tomhaltóir, is ar an trádálaí atá an dualgas a chruthú gur caibidlíodh ar leithligh an téarma conartha arna sholáthar aige.

5. Maidir le conradh idir trádálaí agus tomhaltóir, meastar gurb é an trádálaí a sholáthair aon téarmaí conartha a dhréachtaigh tríú páirtí, ach amháin más é an tomhaltóir a thug isteach sa chonradh iad.

Airteagal 8
Conradh a fhoirceannadh

1. Ciallaíonn 'conradh a fhoirceannadh' deireadh a chur le cearta agus le hoibleagáidí na bpáirtithe faoin gconradh cé is moite dóibh siúd a éiríonn as aon téarma conartha lena ndéantar foráil maidir le díospóidí a réiteach nó as aon téarma conartha eile a bheidh feidhm aige fiú amháin tar éis an conradh a fhoirceannadh.

2. Aon íocaíochtaí a bhí dlite agus aon chúiteamh ar neamh-chomhlíonadh a bhí le híoc roimh an gconradh a fhoirceannadh, beidh siad fós le híoc ina dhiaidh. I gcás ina ndéantar conradh a fhoirceannadh toisc nach bhfuil sé á chomhlíonadh nó toisc go bhfuiltear ag súil le neamh-chomhlíonadh, tá an páirtí a fhoirceannann an conradh i dteideal damáistí freisin i leaba fheidhmíocht todhchaí an pháirtí eile.

3. Na héifeachtaí atá ag foirceannadh maidir le haisíoc an phraghais agus tabhairt ar ais na n-earraí nó an ábhair dhigitigh agus éifeachtaí eile a bhaineann le haiseag, déanfar iad a rialú leis na rialacha maidir le haiseag atá leagtha amach i gCaibidil 17.

Airteagal 9
Conarthaí a bhfuil cuspóirí éagsúla acu

1. I gcás ina ndéantar foráil i gconradh maidir le hearraí a dhíol nó ábhar digiteach a sholáthar agus maidir le seirbhís ghaolmhar a sholáthar, tá feidhm ag na rialacha i gCuid IV maidir le hoibleagáidí agus leigheasanna na bpáirtithe mar dhíoltóir agus mar cheannaitheoir earraí nó ábhair dhigitigh agus tá feidhm ag na rialacha i gCuid V maidir le hoibleagáidí agus leigheasanna na bpáirtithe mar sholáthróir seirbhíse agus mar chustaiméir.

2. Maidir le conradh a thagann faoi réim mhír 1, i gcás ina bhfuil oibleagáidí an díoltóra agus an tsoláthraí seirbhíse faoin gconradh le comhlíonadh i gcodanna ar leith nó i gcás inar féidir iad a dheighilt ar bhealach eile, agus má tá foras le foirceannadh toisc nach bhfuil cuid amháin á comhlíonadh, cuid ar féidir cuid den phraghas a shannadh di, ní fhéadfaidh an díoltóir agus an custaiméir an foirceannadh a dhéanamh ach i dtaobh na coda sin.

3. Níl feidhm ag mír 2 i gcás nach féidir a bheith ag súil go nglacfaidh an ceannaitheoir agus an custaiméir le comhlíonadh na gcodanna eile nó más amhlaidh a bheidh údar cuí le foirceannadh an chonartha ina iomláine de thoradh an neamh-chomhlíonta.

4. Nuair nach féidir oibleagáidí an díoltóra agus an tsoláthraí seirbhíse faoin gconradh a dheighilt nó nuair nach féidir an praghas a chionroinnt, ní fhéadfaidh an ceannaitheoir agus an custaiméir foirceannadh a dhéanamh ach amháin más amhlaidh a bheidh údar cuí le foirceannadh an chonartha ina iomláine de thoradh an neamh-chomhlíonta.

Airteagal 10
Fógra

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le fógra a thabhairt chun aon chríche faoi rialacha an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh agus an chonartha. Cumhdaíonn 'fógra'

cur in iúl aon ráitis a bheartaítear éifeacht dhlíthiúil a bheith aige nó a bheartaítear chun faisnéis a chur in iúl chun críche dlíthiúla.

2. Féadfar fógra a thabhairt trí aon mhodh is iomchuí do na himthosca sin.

3. Tagann fógra in éifeacht nuair a fhaigheann an seolaí é, ach amháin má dhéantar foráil san fhógra maidir le héifeacht mhoillithe a bheith aige.

4. Meastar go bhfuil fógra faighte ag an seolaí:

   (a) nuair atá sé seachadta ar an seolaí sin;

   (b) nuair atá sé seachadta ar áit ghnó an tseolaí nó, i gcás nach bhfuil a léithéid d'áit ghnó ann nó go bhfuil an fógra dírithe chuig tomhaltóir, nuair atá sé seachadta ar an áit ina bhfuil gnáthchónaí ar an seolaí;

   (c) i gcás fógra a tharchuirtear le ríomhphost nó le modh cumarsáide aonair eile, nuair atá rochtain ag an seolaí air; nó

   (d) nuair a chuirtear an fógra ar fáil don seolaí ar dhóigh eile ag áit agus ar bhealach a d'fhéadfaí a bheith ag súil go mbeadh rochtain ag an seolaí air gan moill mhíchuí.

   Meastar go bhfuil fógra faighte ag an seolaí nuair a chomhlíontar ceann de na ceanglais i bpointe (a), (b), (c) nó (d), cibé acu is túisce.

5. Níl aon éifeacht ag fógra má fhaigheann an seolaí cúlghairm sula bhfaigheann sé an fógra féin nó má fhaigheann sé cúlghairm agus an fógra féin ag an am céanna.

6. I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú mhír 3 agus mhír 4 a eisiamh, ná maolú ar a n-éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 11
Tréimhsí ama a ríomh

1. Tá feidhm ag forálacha an Airteagail seo i ndáil le tréimhsí a ríomh chun aon chríche faoin Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach.

2. Faoi réir mhíreanna 3 go 7:

   (a) aon tréimhse arna sloinneadh i laethanta, tosaíonn sí ag tús na chéad uaire an chloig den chéad lá agus críochnaíonn sí ag deireadh na huaire an chloig deireanaí ar lá deireanach na tréimhse;

   (b) aon tréimhse arna sloinneadh i seachtainí, i míonna nó i mblianta, tosaíonn sí ag tús na chéad uaire an chloig den chéad lá sa tréimhse agus críochnaíonn sí ag deireadh na huaire an chloig deireanaí cibé lá den tseachtain dheireanach, den mhí dheireanach nó sa bhliain dheireanach atá ar an lá céanna den tseachtain, nó a thiteann ar an dáta céanna, leis an lá a thosaíonn an tréimhse; i gcás tréimhse arna sloinneadh i míonna nó i mblianta, mura bhfuil an lá ar

cheart don tréimhse dul in éag ann sa mhí dheireanach, críochnóidh an tréimhse ag deireadh na huaire an chloig deireanaí ar an lá deireanach den mhí sin.

3. I gcás tréimhse arna sloinneadh i laethanta, i seachtainí, i míonna nó i mblianta a ríomh ó imeacht, ó bheart nó ó am sonrach éigin, ní áirítear sa tréimhse i gceist an lá atá an imeacht ar siúl, an lá a dhéantar an beart ná an lá atá an t-am sonrach sin.

4. Áirítear sna tréimhsí sin an Satharn, an Domhnach agus laethanta saoire poiblí, seachas i gcás ina ndéantar eisceacht díobh sin go sainráite nó i gcás ina bhfuil sé sonraithe gur laethanta oibre atá i gceist.

5. I gcás inar Satharn, Domhnach nó saoire phoiblí é lá deireanach na tréimhse san áit a bhfuil beart forordaithe le déanamh, críochnaíonn an tréimhse ag deireadh na huaire an chloig deireanaí den chéad lá oibre eile. Níl feidhm ag an bhforáil sin maidir le tréimhsí arna ríomh go haisghníomhach ó dháta nó ó imeacht sonraithe.

6. Más rud é go seolann duine doiciméad chuig duine eile lena leagtar síos an fad ama atá ag an seolaí freagra a thabhairt nó beart eile a dhéanamh ach nach sonraítear ann cathain a chuirfear tús leis an tréimhse sin, sa chás sin, in éagmais comharthaí dá mhalairt, déantar an tréimhse a ríomh ón uair a fhaigheann an seolaí an doiciméad.

7. Chun críocha an Airteagail seo:

   (a) ciallaíonn "saoire phoiblí", i dtagairt do Bhallstát nó do chuid de Bhallstát den Aontas Eorpach, aon lá atá ainmnithe amhlaidh don Bhallstát sin nó don chuid sin de Bhallstát i liosta arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; agus

   (b) ciallaíonn "laethanta oibre" gach lá seachas an Satharn, an Domhnach agus laethanta saoire poiblí.

Airteagal 12

Ráitis aontaobhacha nó iompar aontaobhach

1. Aon ráiteas aontaobhach a chuireann intinn in iúl, léireofar é sa dóigh a bhféadfaí a bheith ag súil go dtuigfeadh an duine ar a bhfuil sé dírithe é.

2. I gcás ina raibh sé ar intinn ag an duine a bhí ag déanamh an ráitis brí áirithe a bheith ag focail a úsáidtear ann agus má bhí an páirtí eile ar an eolas faoin intinn sin nó dá bhféadfaí a bheith ag súil go raibh sé ar an eolas fúithi, déanfar na focail a léiriú sa dóigh a raibh sé ar intinn ag an duine a bhí ag déanamh an ráitis iad a léiriú.

3. Tá feidhm ag Airteagail 59 go 65 mar aon le hoiriúnuithe iomchuí maidir le léiriú ráiteas aontaobhach a chuireann intinn in iúl.

4. Na rialacha maidir le lochtanna sa toiliú i gCaibidil 5, tá feidhm acu mar aon le hoiriúnuithe iomchuí maidir le ráitis aontaobhacha a chuireann intinn in iúl.

5. Aon tagairt a dhéantar do ráiteas dá dtagraítear san Airteagal seo, cumhdaíonn sí tagairt d'iompar a fhéadfar a mheas a bheith coibhéiseach le ráiteas.

Cuid II Conradh ceangailteach a dhéanamh

Caibidil 2 Faisnéis réamhchonarthach

ROINN 1 FAISNÉIS RÉAMHCHONARTHACH ATÁ AR THRÁDÁLAÍ A THABHAIRT AGUS É AG DÉILEÁIL LE TOMHALTÓIR

Airteagal 13

Dualgas faisnéis a sholáthar agus cianchonradh nó conradh seacháitribh á thabhairt i gcrích

1. Aon trádálaí a thugann cianchonradh nó conradh seacháitribh i gcrích, tá de dhualgas air an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don tomhaltóir ar bhealach soiléir sothuigthe, sula dtugtar an conradh i gcrích nó sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag aon tairiscint:

   (a) príomh-shaintréithe aon earraí, ábhair dhigitigh nó seirbhísí gaolmhara atá le soláthar, a mhéid is iomchuí don mhodh cumarsáide agus do na hearraí, don ábhar digiteach nó do na seirbhísí gaolmhara;

   (b) an praghas iomlán agus na muirir agus na costais bhreise, i gcomhréir le hAirteagal 14;

   (c) ainm agus seoladh an trádálaí, i gcomhréir le hAirteagal 15;

   (d) na téarmaí conartha, i gcomhréir le hAirteagal 16;

   (e) na cearta chun tarraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 17;

   (f) nuair is infheidhme, aon chúnamh iardhíola do chustaiméirí, seirbhísí iardhíola, ráthaíochtaí tráchtála agus aon bheartas chun gearáin a láimhseáil atá ann agus na coinníollacha a bhaineann leo sin;

   (g) nuair is infheidhme, an fhéidearthacht dul i muinín na meicníochta um Réiteach Malartach Díospóide a mbeidh an trádálaí faoina réir agus na modhanna chun rochtain a fháil ar an meicníocht sin;

   (h) nuair is infheidhme, feidhmiúlacht ábhair dhigitigh, lena n-áirítear aon bhearta cosanta teicniúla atá infheidhme; agus

   (i) nuair is infheidhme, aon idir-inoibritheacht ábhartha idir ábhar digiteach agus crua-earraí agus bogearraí a bhfuil an trádálaí ar an eolas fúithi nó a d'fhéadfaí a bheith ag súil go bhfuil sé ar an eolas fúithi.

2. Cuid dhílis den chonradh is ea an fhaisnéis atá le soláthar, cé is moite de na seoltaí a cheanglaítear le pointe (c) de mhír 1, agus ní athrófar iad ach amháin má chomhaontaíonn na páirtithe a mhalairt.

3. I gcás cianchonartha, is mar seo a leanas a bheidh an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Airteagal seo:

(a) ní mór í a thabhairt nó a chur ar fáil ar dhóigh is iomchuí don mhodh cianchumarsáide arna úsáid;

(b) ní mór í a bheith i dteanga shoiléir shothuigthe; agus

(c) toisc go bhfuil sé á soláthar ar mheán buanfasach, ní mór í a bheith soléite.

4. I gcás cianchonartha, is mar seo a leanas a bheidh an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Airteagal seo:

(a) ní mór í a thabhairt ar pháipéar nó, má chomhaontaíonn an tomhaltóir leis, ar mheán buanfasach eile; agus

(b) ní mór í a bheith soléite agus sothuigthe.

5. Níl feidhm ag an Airteagal seo nuair is conradh den chineál seo atá i gceist:

(a) conradh chun earraí bia, deochanna nó earraí eile a sholáthar atá ceaptha lena gcaitheamh sa bhaile, ar earraí iad a sholáthraíonn an trádálaí féin don tomhaltóir trí theacht go minic agus go rialta chuig baile an tomhaltóra, chuig a áit chónaithe nó chuig a áit oibre;

(b) conradh a thugtar i gcrích ag úsáid meaisín díola uathoibríoch nó uatháitribh tráchtála;

(c) conradh seacháitribh mura bhfuil an praghas nó, i gcás ina dtugtar níos mó ná conradh amháin i gcrích ag an am céanna, mura bhfuil praghas iomlán na gconarthaí níos mó ná EUR 50 nó suim choibhéiseach san airgeadra arna chomhaontú do phraghas an chonartha.

Airteagal 14

Faisnéis faoin bpraghas agus faoi mhuirir agus costais bhreise

1. Ní mór an méid seo a leanas a áireamh san fhaisnéis atá le soláthar faoi Airteagal 13(1):

(a) praghas iomlán na n-earraí, an ábhair dhigitigh nó na seirbhísí gaolmhara, agus cáin san áireamh, nó, i gcás earraí, ábhair dhigitigh nó seirbhísí gaolmhara de chineál nach féidir le réasún an praghas a ríomh roimh ré, modh ríofa an phraghais a lua; agus

(b) nuair is infheidhme, aon last-táille, muirir le haghaidh seachadta nó costais phoist agus aon chostais eile nó, i gcás nach féidir le réasún iad sin a ríomh roimh ré, ráiteas á rá go bhféadfadh sé go mbeadh na muirir agus costais bhreise sin le híoc.

2. I gcás conartha faid éiginnte nó conartha a bhfuil suibscríbhinn ann, ní mór an praghas iomlán in aghaidh na tréimhse billeála a áireamh sa phraghas iomlán. I gcás

ina ndéantar conarthaí den chineál sin a mhuirearú ag ráta seasta, ní mór an praghas iomlán in aghaidh na míosa a áireamh sa phraghas iomlán. I gcás nach féidir le réasún an praghas iomlán a ríomh roimh ré, ní mór an chaoi ina ndéanfar an praghas a ríomh a sholáthar.

3. Nuair is infheidhme, ní mór don trádálaí an tomhaltóir a chur ar an eolas faoin gcostas atá ar an modh cianchumarsáide a úsáid chun an conradh a thabhairt i gcrích i gcás nach ndéantar an costas sin a ríomh ag an mbunráta.

Airteagal 15
Faisnéis faoi ainm agus seoladh an trádálaí

Ní mór an méid seo a leanas a áireamh san fhaisnéis atá le soláthar faoi phointe (c) d'Airteagal 13(1):

(a) ainm an trádálaí, e.g. a ainm trádála;

(b) an seoladh poist ag a bhfuil an trádálaí lonnaithe;

(c) uimhir ghutháin, facs agus seoladh ríomhphoist an trádálaí, má bhíonn a leithéid ar fáil, le gur féidir leis an tomhaltóir dul i dteagmháil leis an trádálaí go tapa agus cumarsáid a dhéanamh leis go héifeachtúil;

(d) nuair is infheidhme, ainm agus seoladh poist aon trádálaí eile atá ag gníomhú thar ceann an trádálaí; agus

(e) i gcás nach ionann é agus an seoladh arna lua de bhun phointe (b) agus phointe (d) den Airteagal seo, seoladh poist an trádálaí, agus nuair is infheidhme seoladh an trádálaí atá ag gníomhú thar a cheann, ar féidir an tomhaltóir aon ghearáin a dhíriú air.

Airteagal 16
Faisnéis faoi na téarmaí conartha

Ní mór an méid seo a leanas a áireamh san fhaisnéis atá le soláthar faoi phointe (d) d'Airteagal 13(1):

(a) na socruithe maidir le híocaíocht, seachadadh na n-earraí, soláthar an ábhair dhigitigh nó comhlíonadh na seirbhísí gaolmhara agus maidir leis an am faoina ngabhfaidh an trádálaí air féin na hearraí a sheachadadh, an t-ábhar digiteach a sholáthar nó na seirbhísí gaolmhara a chomhlíonadh;

(b) nuair is infheidhme, fad an chonartha, fad íosta oibleagáidí an tomhaltóra nó, más conradh faid éiginnte é an conradh nó má tá síneadh le cur leis go huathoibríoch, na coinníollacha a bhaineann le foirceannadh an chonartha; agus

(c) nuair is infheidhme, aon éarlaisí nó ráthaíochtaí airgeadais eile atá le híoc nó le soláthar ag an tomhaltóir arna iarraidh sin don trádálaí agus na coinníollacha a bhaineann leo sin;

(d) nuair is infheidhme, aon chóid ábhartha iompair atá ann agus an dóigh ar féidir cóipeanna díobh sin a fháil.

Airteagal 17

Faisnéis faoi chearta chun tarraingt siar agus cianchonradh nó conradh seacháitribh á thabhairt i gcrích

1. I gcás ina bhfuil ceart chun tarraingt siar ag an tomhaltóir faoi Chaibidil 4, ní mór a áireamh san fhaisnéis atá le soláthar faoi phointe (e) d'Airteagal 13(1) na coinníollacha, an teorainn ama agus na nósanna imeachta a bhaineann le feidhmiú an chearta sin i gcomhréir le hIarscríbhinn 1, chomh maith leis an bhfoirm shamplach tarraingthe siar atá leagtha amach in Iarscríbhinn 2.

2. Nuair is infheidhme, ní mór a áireamh san fhaisnéis atá le soláthar faoi phointe (e) d'Airteagal 13(1) gur faoin tomhaltóir a bheidh sé an costas a íoc as na hearraí a thabhairt ar ais i gcás tarraingthe siar agus, maidir le cianchonarthaí, gur faoin tomhaltóir a bheidh sé an costas a íoc as na hearraí a thabhairt ar ais i gcás tarraingthe siar murar féidir na hearraí a sheoladh ar ais ar an ngnáthbhealach tríd an bpost.

3. I gcás inar féidir leis an tomhaltóir an ceart chun tarraingt siar a fheidhmiú tar éis dó a iarraidh go gcuirfear tús le soláthar na seirbhísí gaolmhara le linn na tréimhse tarraingthe siar, ní mór a áireamh san fhaisnéis atá le soláthar faoi phointe (e) d'Airteagal 13(1) go mbeadh an tomhaltóir faoi dhliteanas an méid dá dtagraítear in Airteagal 45(5) a íoc leis an trádálaí.

4. Maidir leis an dualgas an fhaisnéis a cheanglaítear le mír (1), mír (2) agus mír (3) a sholáthar, féadfar é a chomhlíonadh trí na treoracha samplacha maidir le tarraingt siar atá leagtha amach in Iarscríbhinn 1 a sholáthar don tomhaltóir. Measfar go bhfuil na ceanglais faisnéise sin comhlíonta ag an trádálaí má thugann sé na treoracha sin don tomhaltóir agus iad líonta isteach i gceart.

5. I gcás nach bhfuil foráil déanta maidir le ceart chun tarraingt siar i gcomhréir le pointí (c) go (i) d'Airteagal 40(2) agus le mír 3 den Airteagal sin, ní mór ráiteas a áireamh san fhaisnéis atá le soláthar faoi phointe (e) d'Airteagal 13(1) á rá nach mbainfidh an tomhaltóir leas as ceart chun tarraingt siar nó, nuair is infheidhme, ní mór na himthosca a áireamh ann faoina gcailleann an tomhaltóir an ceart chun tarraingt siar.

Airteagal 18

Conarthaí seacháitribh: ceanglais bhreise faisnéise agus daingniú

1. Ní mór don trádálaí cóip shínithe den chonradh a sholáthar don tomhaltóir nó cóip de dhaingniú an chonartha, lena n-áireofar, nuair is infheidhme, daingniú go bhfuil toiliú agus aitheantas faighte ón tomhaltóir mar a fhoráiltear i bpointe (d) d'Airteagal 40(3), agus iad sin a sholáthar ar pháipéar nó ar mheán buanfasach eile.

2. I gcás inar mian leis an tomhaltóir tosú ar na seirbhísí gaolmhara a sholáthar le linn na tréimhse tarraingthe siar dá bhforáiltear in Airteagal 42(2), ní mór don trádálaí a

cheangal ar an tomhaltóir iarraidh sainráite den chineál sin a dhéanamh ar mheán buanfasach.

Airteagal 19

Cianchonarthaí: faisnéis bhreise agus ceanglais eile

1. Nuair a chuireann trádálaí glao gutháin ar thomhaltóir, d'fhonn cianchonradh a thabhairt i gcrích, ní mór don trádálaí, ag tús an chomhrá leis an tomhaltóir, a chéannacht a nochtadh agus, nuair is infheidhme, céannacht an duine a bhfuil sé ag cur an ghlao thar a cheann a nochtadh mar aon le cuspóir tráchtála an ghlao.

2. Má thugtar an cianchonradh i gcrích trí mheán cianchumarsáide a fhágann nach bhfuil ach slí teoranta nó tréimhse teoranta ann chun an fhaisnéis a thaispeáint, ní mór don trádálaí an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo ar a laghad a sholáthar ar an meán áirithe sin sula dtugtar an conradh i gcrích. Soláthróidh an trádálaí an fhaisnéis eile dá dtagraítear in Airteagal 13 don tomhaltóir ar bhealach iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 13(3).

3. Is é seo a leanas an fhaisnéis a cheanglaítear faoi mhír 2:

   (a) príomh-shaintréithe na n-earraí, an ábhair dhigitigh nó na seirbhísí gaolmhara, de réir mar a cheanglaítear le pointe (a) d'Airteagal 13(1);

   (b) céannacht an trádálaí, de réir mar a cheanglaítear le pointe (a) d'Airteagal 15;

   (c) an praghas iomlán, lena n-áirítear na hítimí ar fad dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 14(1) agus (2);

   (d) an ceart chun tarraingt siar; agus

   (e) nuair is ábhartha, fad an chonartha nó, más conradh faid éiginnte é an conradh, na ceanglais a bhaineann le foirceannadh an chonartha, faoi mar a thagraítear dóibh i bpointe (b) d'Airteagal 16.

4. I gcás cianchonartha a thugtar i gcrích ar an nguthán, níl sé bailí ach amháin má tá an tairiscint sínithe ag an tomhaltóir nó má tá toiliú scríofa seolta aige lena sonraítear go gcomhaontaíonn sé leis an gconradh a thabhairt i gcrích. Ní mór don trádálaí daingniú a thabhairt don tomhaltóir maidir leis an gcomhaontú sin ar mheán buanfasach.

5. Ní mór don trádálaí daingniú a sholáthar don tomhaltóir maidir leis an gconradh arna thabhairt i gcrích, lena n-áireofar, nuair is infheidhme, daingniú go bhfuil toiliú agus aitheantas faighte ón tomhaltóir dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 40(3), agus an fhaisnéis ar fad dá dtagraítear in Airteagal 13, agus iad sin a sholáthar ar mheán buanfasach. Ní mór don trádálaí an fhaisnéis sin a thabhairt laistigh de thréimhse réasúnta tar éis an cianchonradh a thabhairt i gcrích, agus ar a dhéanaí tráth a sheachadtar na hearraí nó sula gcuirtear tús le soláthar an ábhair dhigitigh nó na seirbhíse gaolmhaire, ach amháin má tugadh an fhaisnéis don tomhaltóir cheana ar mheán buanfasach roimh thabhairt i gcrích an chianchonartha.

6. I gcás inar mian leis an tomhaltóir tosú ar na seirbhísí gaolmhara a sholáthar le linn na tréimhse tarraingthe siar dá bhforáiltear in Airteagal 42(2), ní mór don trádálaí a cheangal ar an tomhaltóir iarraidh sainráite a dhéanamh ina leith ar mheán buanfasach.

Airteagal 20

An dualgas faisnéis a sholáthar agus conarthaí á dtabhairt i gcrích nach cianchonarthaí ná conarthaí seacháitribh iad

1. I gconarthaí seachas cianchonarthaí agus conarthaí seacháitribh, tá de dhualgas ar thrádálaí an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don tomhaltóir ar bhealach soiléir sothuigthe, sula dtugtar an conradh i gcrích nó sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag aon tairiscint, mura bhfuil an fhaisnéis sin soiléir cheana ón gcomhthéacs:

   (a) príomh-shaintréithe aon earraí, ábhair dhigitigh nó seirbhísí gaolmhara atá le soláthar, a mhéid is iomchuí don mhodh cumarsáide agus do na hearraí, don ábhar digiteach nó do na seirbhísí gaolmhara i gceist;

   (b) an praghas iomlán agus na muirir agus na costais bhreise, i gcomhréir le hAirteagal 14(1);

   (c) céannacht an trádálaí, e.g. ainm trádála an trádálaí, an seoladh poist ag a bhfuil sé lonnaithe agus a uimhir ghutháin;

   (d) na téarmaí conartha, i gcomhréir le pointí (a) agus (b) d'Airteagal 16;

   (e) nuair is infheidhme, aon seirbhísí iardhíola, ráthaíochtaí tráchtála agus aon bheartas chun gearáin a láimhseáil atá ag an trádálaí agus na coinníollacha a bhaineann leo sin;

   (f) nuair is infheidhme, feidhmiúlacht ábhair dhigitigh, lena n-áirítear aon bhearta cosanta teicniúla atá infheidhme; agus

   (g) nuair is infheidhme, aon idir-inoibritheacht ábhartha idir ábhar digiteach agus crua-earraí agus bogearraí a bhfuil an trádálaí ar an eolas fúithi nó a d'fhéadfaí a bheith ag súil go bhfuil sé ar an eolas fúithi.

2. Níl feidhm ag an Airteagal seo i gcás ina mbaineann an conradh le hidirbheart ó lá go lá a dhéantar láithreach ar thabhairt i gcrích an chonartha.

Airteagal 21

Dualgas cruthúnais

Is ar an trádálaí atá an dualgas a chruthú gur sholáthair sé an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Roinn seo.

Airteagal 22

Cur i bhfeidhm sainordaitheach fhorálacha na Roinne seo

Ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú na Roinne seo a eisiamh ná maolú ar a héifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

ROINN 2 FAISNÉIS RÉAMHCHONARTHACH ATÁ LE TABHAIRT AG TRÁDÁLAÍ AGUS É AG DÉILEÁIL LE TRÁDÁLAÍ EILE

Airteagal 23

An dualgas faisnéis faoi earraí agus seirbhísí gaolmhara a nochtadh

1. Sula dtugtar conradh i gcrích le go bhféadfaidh trádálaí earraí a dhíol, ábhar digiteach a sholáthar nó seirbhísí gaolmhara a sholáthar do thrádálaí eile, tá de dhualgas ar an soláthraí aon fhaisnéis a bhaineann le príomh-shainthréithe na n-earraí, an ábhair dhigitigh nó na seirbhísí gaolmhara atá le soláthar a nochtadh don trádálaí eile, ar faisnéis í atá ag an soláthraí nó a bhféadfaí a bheith ag súil go bhfuil sí aige agus a bheadh contrártha le meon macánta agus cóirdhéileáil mura nochtfá é don pháirtí eile.

2. Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil sé de cheangal ar an soláthraí aon fhaisnéis a nochtadh faoi mhír 1, ba cheart aird a thabhairt ar na himthosca uile, lena n-áirítear:

   (a) má bhí saineolas ar leith ag an soláthraí;

   (b) an costas ar an soláthraí maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a fháil;

   (c) a éasca agus a d'fhéadfadh an trádálaí eile an fhaisnéis a fháil ar dhóigh eile;

   (d) cineál na faisnéise;

   (e) an tábhacht is dócha a bheith ag an bhfaisnéis leis an trádálaí eile; agus

   (f) dea-chleachtas tráchtála sa chás i gceist.

ROINN 3 CONARTHAÍ A THUGTAR I gCRÍCH TRÍ MHODH LEICTREONACH

Airteagal 24

Dualgais bhreise maidir le faisnéis a sholáthar i gcianchonarthaí a thugtar i gcrích trí mhodh leictreonach

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo i gcás ina soláthraíonn trádálaí na modhanna chun conradh a thabhairt i gcrích agus gur modhanna leictreonacha iad sin nach mbaineann go heisiach le malartú ríomhphost ná le haon chumarsáid aonair eile.

2. Ní mór don trádálaí a chur ar fáil don pháirtí eile modhanna teicniúla atá oiriúnach, éifeachtach agus inrochtana chun botúin ionchuir a aithint agus a cheartú sula ndéanann an páirtí eile tairiscint nó sula nglacann sé le tairiscint.

3. Ní mór don trádálaí faisnéis a sholáthar faoi na hábhair seo a leanas sula ndéanann an páirtí eile tairiscint nó sula nglacann sé le tairiscint:

(a) na bearta teicniúla ata le déanamh chun an conradh a thabhairt i gcrích;

(b) cé acu a chomhdóidh an trádálaí an doiciméad conartha nó nach gcomhdóidh agus cé acu a bheidh fáil air nó nach mbeidh;

(c) na modhanna teicniúla chun botúin ionchuir a aithint agus a cheartú sula ndéanann an páirtí eile tairiscint nó sula nglacann sé le tairiscint;

(d) na teangacha inar féidir an conradh a thabhairt i gcrích;

(e) na téarmaí conartha.

4. Ní mór don trádálaí a áirithiú go bhfuil téarmaí an chonartha dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 3 curtha ar fáil i gcarachtair aibítreacha nó i gcarachtair shothuigthe eile ar mheán buanfasach trí mheán aon tacaíochta lenar féidir an fhaisnéis atá sa téacs a léamh agus a thaifeadadh agus a atáirgeadh i bhfoirm inláimhsithe.

5. Ní mór don trádálaí a thabhairt le fios, trí mhodh leictreonach agus gan moill mhíchuí, go bhfuair sé tairiscint nó glacadh ón bpáirtí eile.

Airteagal 25

Ceanglais bhreise i gcás cianchonarthaí a thugtar i gcrích trí mhodh leictreonach

1. I gcás ina gcuirfeadh cianchonradh a thugtar i gcrích trí mhodh leictreonach iallach ar an tomhaltóir íocaíocht a dhéanamh, ní mór don trádálaí an tomhaltóir a chur ar an eolas faoin bhfaisnéis a cheanglaítear le pointe (a) d'Airteagal 13(1), le hAirteagal 14(1) agus (2), agus pointe (b) d'Airteagal 16, agus é sin a dhéanamh ar bhealach soiléir sonrach go díreach sula gcuireann an tomhaltóir ordú isteach.

2. Ní mór don trádálaí a áirithiú go n-aithníonn an tomhaltóir go sainráite, agus an t-ordú á chur isteach aige, go dtugtar le tuiscint leis an ordú go bhfuil oibleagáid íocaíochta ann. I gcás ina ngníomhachtaítear cnaipe nó feidhm chomhchosúil chun ordú a chur isteach, ní mór an lipéadú ar an gcnaipe nó ar an bhfeidhm chomhchosúil a bheith soiléite agus gan ach na focail "ordú le hoibleagáid íocaíochta" nó foclaíocht shoiléir chomhchosúil le léamh air a thugann le tuiscint gurb ionann ordú a chur isteach agus a bheith faoi oibleagáid íocaíocht a íoc leis an trádálaí. I gcás nach bhfuil an mhír seo comhlíonta ag an trádálaí, níl an tomhaltóir faoi cheangal ag an gconradh ná ag an ordú.

3. Ní mór don trádálaí a thabhairt le tuiscint go soiléir soléite ar a shuíomh gréasáin trádála ag tús an phróisis ordúcháin ar a dhéanaí má tá feidhm ag aon shrianta maidir le seachadadh agus cé na modhanna íocaíochta a nglactar leo.

Airteagal 26
An dualgas cruthúnais

I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir, is ar an trádálaí atá an dualgas a chruthú gur sholáthair sé an fhaisnéis a cheanglaítear leis an Roinn seo.

Airteagal 27
Cur i bhfeidhm sainordaitheach fhorálacha na Roinne seo

I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú na Roinne seo a eisiamh, ná maolú ar a héifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

ROINN 4 AN DUALGAS A ÁIRITHIÚ GO bhFUIL AN FHAISNÉIS ARNA SOLÁTHAR CEART

Airteagal 28
An dualgas a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis arna soláthar ceart

1. Aon pháirtí a sholáthraíonn faisnéis roimh chonradh a thabhairt i gcrích nó tráth a thugtar conradh i gcrích, bíodh sin chun na dualgais a fhorchuirtear leis an gCaibidil seo a chomhlíonadh nó ná bíodh, tá de dhualgas ar an bpáirtí sin féachaint chuige go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear ceart agus nach bhfuil sí míthreorach.

2. Aon pháirtí dá soláthraítear faisnéis mhícheart nó faisnéis mhíthreorach de shárú ar an dualgas dá dtagraítear i mír 1, agus atá ag brath le réasún ar an bhfaisnéis sin agus conradh á thabhairt i gcrích aige leis an bpáirtí a sholáthair an fhaisnéis, tá ar fáil dó na leigheasanna atá leagtha amach in Airteagal 29.

3. I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh, ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

ROINN 5 LEIGHEASANNA AR SHÁRÚ AR DHUALGAIS FAISNÉISE

Airteagal 29
Leigheasanna ar shárú ar dhualgais faisnéise

1. Aon pháirtí nár chomhlíon aon dualgas a fhorchuirtear leis an gCaibidil seo, tá sé faoi dhliteanas aon chaillteanais a éiríonn don pháirtí eile mar gheall air sin.

2. I gcás nár chomhlíon an trádálaí na ceanglais faisnéise maidir le muirir bhreise nó costais eile dá dtagraítear in Airteagal 14 nó maidir leis na costais a bhaineann leis na hearraí a thabhairt ar ais dá dtagraítear in Airteagal 17(2), níl an tomhaltóir faoi dhliteanas na muirir bhreise ná na costais eile a íoc.

3. Tá na leigheasanna a bhfuil foráil déanta ina leith faoin Airteagal seo gan dochar d'aon leigheas a d'fhéadfadh a bheith ar fáil faoi Airteagal 42(2), Airteagal 48 nó Airteagal 49.

4. I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh, ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Caibidil 3 Conradh a thabhairt i gcrích

Airteagal 30
Ceanglais maidir le conradh a thabhairt i gcrích

1. Tá conradh tugtha i gcrích;

   (a) má thagann na páirtithe ar chomhaontú;

   (b) má tá sé ar intinn acu éifeacht dhlíthiúil a bheith ag an gcomhaontú; agus

   (c) más leor ábhar agus deimhneacht an chomhaontaithe, arna fhorlíonadh más gá le rialacha an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh, chun éifeacht dhlíthiúil a thabhairt dó.

2. Tagtar ar chomhaontú trí ghlacadh le tairiscint. Féadfar glacadh le tairiscint go sainráite nó trí ráitis nó iompar eile.

3. Is le ráitis agus iompar na bpáirtithe a chinnfear an bhfuil sé ar intinn acu éifeacht dhlíthiúil a bheith ag an gcomhaontú.

4. I gcás ina gceanglaíonn ceann de na páirtithe nach mór comhaontú a bheith ann maidir le hábhar sonrach éigin chun conradh a thabhairt i gcrích, ní bheidh conradh ann go dtiocfar ar chomhaontú maidir leis an ábhar sin.

Airteagal 31
Tairiscint

1. Tairiscint is ea togra:

   (a) má tá sé beartaithe gur conradh a bheidh sa togra sin má ghlactar leis; agus

   (b) más leor ábhar agus deimhneacht an togra chun conradh a dhéanamh.

2. Féadfar tairiscint a dhéanamh do dhuine ar leith nó do roinnt daoine ar leith.

3. Ní tairiscint é togra a dhéantar don phobal, mura dtugann na himthosca a mhalairt le fios.

Airteagal 32
Tairiscint a chúlghairm

1. Féadfar tairiscint a chúlghairm má fhaigheann an tairgí an chúlghairm sula seolann sé glacadh, nó, i gcás tairiscint a ghlactar trí bhíthin iompair, sula dtugtar an conradh i gcrích.

2. I gcás inar tairiscint é togra a dhéantar don phobal, is féidir an tairiscint sin a chúlghairm sa dóigh chéanna a ndearnadh an tairiscint.

3. Tá cúlghairm tairisceana gan éifeacht sna cásanna seo a leanas:

   (c) má thugtar le fios sa tairiscint nach féidir í a chúlghairm;

   (d) má tá tráth socraithe luaite sa tairiscint maidir lena glacadh; nó

   (e) má bhí sé réasúnach, ar dhóigh eile, go gcreidfeadh an tairgí gur thairiscint neamh-chúlghairthe í agus gur ghníomhaigh an tairgí sin ar an mbonn sin.

Airteagal 33
Tairiscint a dhiúltú

Nuair a fhaigheann an tairgeoir diúltú do thairiscint téann an tairiscint in éag.

Airteagal 34
Glacadh le tairiscint

1. Glacadh atá in aon chineál ráitis nó iompair de chuid an tairgí má léiríonn an ráiteas nó an t-iompar sin go n-aontaítear leis an tairiscint.

2. Ní ionann tost nó gan ghníomhú iontu féin agus glacadh.

Airteagal 35
Tráth thabhairt i gcrích an chonartha

1. I gcás ina seolann an tairgí glacadh, tugtar an conradh i gcrích tráth a fhaigheann an tairgeoir an glacadh sin.

2. I gcás ina nglactar le tairiscint trí bhíthin iompair, tugtar an conradh i gcrích tráth a fhaigheann an tairgeoir fógra maidir leis an iompar sin.

3. D'ainneon mhír 2, más rud é, de bhua na tairisceana, de bhua cleachtas atá bunaithe ag na páirtithe eatarthu féin nó de bhua úsáide, go bhféadfaidh an tairgí glacadh leis an tairiscint trí bhíthin iompair gan fógra a thabhairt don tairgeoir, tugtar an conradh i gcrích nuair a thosaíonn an tairgí ag gníomhú.

Airteagal 36
Teorainn ama chun glacadh le tairiscint

1. Níl éifeacht le glacadh le tairiscint ach amháin má fhaigheann an tairgeoir an glacadh sin laistigh d'aon teorainn ama atá socraithe sa tairiscint ag an tairgeoir.

2. I gcás nach bhfuil aon teorainn ama socraithe ag an tairgeoir níl éifeacht leis an nglacadh ach amháin má fhaigheann an tairgeoir an glacadh sin laistigh de thréimhse réasúnta tar éis an tairiscint a dhéanamh.

3. I gcás ina bhféadfar glacadh le tairiscint trí bheart a dhéanamh gan fógra a thabhairt don tairgeoir, níl éifeacht leis an nglacadh ach má dhéantar an beart laistigh den tréimhse atá socraithe ag an tairgeoir chun glacadh leis an tairiscint nó, mura bhfuil a leithéid de thréimhse socraithe, laistigh de thréimhse réasúnta.

Airteagal 37
Glacadh leis an tairiscint go déanach

1. Tá éifeacht le glacadh déanach mar ghlacadh má chuireann an tairgeoir in iúl don tairgí, gan moill mhíchuí, go bhfuil sé ag caitheamh leis an nglacadh mar ghlacadh éifeachtach.

2. Más rud é go léiríonn litir nó cumarsáid de chineál eile ina bhfuil glacadh déanach gur seoladh an glacadh in imthosca de shórt a d'fhág go mbeadh sé faighte ag an tairgeoir in am trátha dá mbeadh sé seolta ar an ngnáthbhealach, tá éifeacht leis an nglacadh déanach sin mar ghlacadh mura gcuireann an tairgeoir in iúl don tairgí, gan moill mhíchuí, go bhfuil an tairiscint dulta in éag.

Airteagal 38
Glacadh modhnaithe

1. Aon fhreagra a thugann an tairgí ina luaitear nó ina dtugtar le tuiscint téarmaí conartha breise nó téarmaí conartha difriúla a dhéanann athrú ábhartha ar théarmaí na tairisceana, is diúltú é agus tairiscint nua atá ann.

2. Aon téarmaí conartha breise nó téarmaí conartha difriúla a bhaineann, i measc rudaí eile, leis an bpraghas, le híocaíocht, le cáilíocht agus cainníocht na n-earraí, leis an ionad seachadta agus am an tseachadta, leis an méid a bhfuil páirtí amháin faoi dhliteanas don pháirtí eile nó a bhaineann le réiteach díospóidí, meastar go ndéanann na téarmaí sin athrú ábhartha ar théarmaí na tairisceana.

3. Glacadh le tairiscint is ea aon fhreagra lena léirítear go cinnte go n-aontaítear le tairiscint, fiú má luaitear téarmaí conartha breise nó téarmaí conartha difriúla ann nó má thugtar le tuiscint go bhfuil a leithéid ann, ar choinníoll nach ndéanfaidh siad athrú ábhartha ar théarmaí na tairisceana. Cuid den chonradh atá sna téarmaí breise nó sna téarmaí difriúla ansin.

4. Aon fhreagra ina luaitear téarmaí conartha breise nó téarmaí conartha difriúla nó ina dtugtar le fios go bhfuil a leithéid ann, is diúltú atá ann i gcónaí, más rud é:

(a) go sonraítear go sainráite sa tairiscint nach féidir glacadh leis an tairiscint ach faoi théarmaí na tairisceana, agus fúthu sin amháin;

(b) go gcuireann an tairgeoir i gcoinne na dtéarmaí breise nó na dtéarmaí difriúla gan moill mhíchuí; nó

(c) go gcuireann an tairgí de choinníoll ar an nglacadh go n-aontóidh an tairgeoir leis na téarmaí breise nó leis na téarmaí difriúla, agus nach bhfaigheann an tairgí an t-aontú laistigh de thréimhse réasúnta.

Airteagal 39
Téarmaí caighdeánacha conartha a thagann salach ar a chéile

1. I gcás ina dtagann na páirtithe ar chomhaontú ach go dtagann téarmaí caighdeánacha conartha na tairisceana agus téarmaí caighdeánacha conartha an ghlactha salach ar a chéile, tugtar conradh i gcrích ar a shon sin. Cuid den chonradh is ea iad na téarmaí caighdeánacha conartha a mhéid is ionann iad ó thaobh substainte de.

2. D'ainneoin mhír 1, ní thugtar conradh i gcrích má dhéanann páirtí amháin ceann de na nithe seo a leanas:

(a) má chuireann sé in iúl go sainráite roimh ré, gan téarmaí caighdeánacha a úsáid, go bhfuil sé ar intinn aige gan an conradh a bheith ina cheangal air ar bhonn mhír 1; nó

(b) má chuireann sé in iúl don pháirtí eile, gan moill mhíchuí, gurb é sin atá ar intinn aige.

Caibidil 4 Ceart tarraingt siar ó chianchonarthaí agus ó chonarthaí seacháitribh idir trádálaithe agus tomhaltóirí

Airteagal 40
An ceart chun tarraingt siar

1. Le linn na tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 42, tá ceart ag an tomhaltóir tarraingt siar ó na conarthaí seo a leanas gan cúis a thabhairt, agus gan aon chostas a ghearradh ar an tomhaltóir ach amháin mar a dhéantar foráil in Airteagal 45:

(a) cianchonradh;

(b) conradh seacháitribh, ar choinníoll go bhfuil an praghas nó, i gcás ina dtugtar níos mó ná conradh amháin i gcrích ag an am céanna, praghas iomlán na gconarthaí níos mó ná EUR 50 nó suim choibhéiseach san airgeadra arna chomhaontú do phraghas an chonartha tráth a thugtar an conradh i gcrích.

2. Níl feidhm ag mír (1) maidir leis na conarthaí seo a leanas:

(a) conradh a thugtar i gcrích ag úsáid meaisín díola uathoibríoch nó uatháitribh tráchtála;

(b) conradh chun earraí bia, deochanna nó earraí eile a sholáthar atá ceaptha lena gcaitheamh sa bhaile, ar earraí iad a sholáthraíonn an trádálaí féin don tomhaltóir trí theacht go minic agus go rialta chuig baile an tomhaltóra, chuig a áit chónaithe nó chuig a áit oibre;

(c) conradh chun earraí nó seirbhísí gaolmhara a sholáthar a bhfuil a bpraghas ag brath ar luaineachtaí sa mhargadh airgeadais nach féidir leis an trádálaí a rialú agus a d'fhéadfadh titim amach le linn na tréimhse tarraingthe siar;

(d) conradh chun earraí nó ábhar digiteach a sholáthar atá déanta de réir sonraíochtaí an tomhaltóra nó ar léir gur cuireadh in oiriúint iad don tomhaltóir;

(e) conradh chun earraí a sholáthar ar baol go dtiocfaidh meath orthu nó go rachaidh siad in éag go gasta;

(f) conradh chun deochanna meisciúla a sholáthar, a mbeidh comhaontú déanta maidir lena bpraghas tráth a thugtar an conradh díola i gcrích, ar deochanna iad nach féidir a sheachadadh ach 30 lá tar éis an conradh a thabhairt i gcrích agus a bhfuil a luach iarbhír ag brath ar luaineachtaí sa mhargadh nach féidir leis an trádálaí a rialú;

(g) conradh chun nuachtán, tréimhseachán nó irisleabhar a dhíol cé is moite de chonarthaí suibscríbhinne chun foilseacháin den chineál sin a sholáthar;

(h) conradh a thugtar i gcrích ag ceant poiblí; agus

(i) conradh maidir le lónadóireacht nó maidir le soláthar seirbhísí a bhaineann le gníomhaíochtaí fóillíochta, ar conradh é ina ndéantar foráil maidir le dáta sonrach nó maidir le tréimhse shonrach comhlíonta.

3. Níl feidhm ag mír 1 sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina raibh na hearraí a soláthraíodh séalaithe, gur oscail an tomhaltóir iad agus nach féidir iad a thabhairt ar ais ansin ar chúiseanna cosanta sláinte nó ar chúiseanna sláinteachais;

(b) i gcás inar meascadh na hearraí a soláthraíodh, de réir a gcineáil, le hearraí eile tar éis iad a sheachadadh, sa mhéid agus nach féidir iad a scaradh arís óna chéile;

(c) i gcás inar taifeadtaí séalaithe fuaime nó físe nó bogearraí séalaithe ríomhaireachta iad na hearraí a soláthraíodh agus gur oscail an tomhaltóir an séala;

(d) i gcás inar tosaíodh ar ábhar digiteach a sholáthar, ar ábhar é nach soláthraítear ar mheán inláimhsithe, i ndiaidh don tomhaltóir toiliú sainráite a thabhairt agus i ndiaidh dó a aithint go gcaillfidh sé an ceart chun tarraingt siar;

(e) i gcás ina n-iarrann an tomhaltóir go sonrach ar an trádálaí cuairt a thabhairt air chun deisiúcháin phráinneacha nó obair chothabhála a dhéanamh. I gcás cuairte den chineál sin, má sholáthraíonn an trádálaí seirbhísí gaolmhara chomh maith

leis na seirbhísí a d'iarr an tomhaltóir go sonrach nó má sholáthraíonn sé earraí seachas páirteanna athsholáthair a úsáidtear chun obair chothabhála nó deisiúcháin a dhéanamh, tá feidhm ag an gceart chun tarraingt siar maidir leis na seirbhísí breise gaolmhara nó na maidir leis na hearraí breise sin.

4. I gcás ina bhfuil tairiscint déanta ag an tomhaltóir a d'fhágfadh, dá nglacfaí leis, go dtabharfaí conradh i gcrích ina mbeadh ceart chun tarraingt siar faoin gCaibidil seo, féadfaidh an tomhaltóir an tairiscint a tharraingt siar fiú dá mba thairiscint neamh-chúlghairithe é murach sin.

Airteagal 41
An ceart chun tarraingt siar a fheidhmiú

1. Féadfaidh an tomhaltóir an ceart chun tarraingt siar a fheidhmiú am ar bith roimh dheireadh na tréimhse tarraingthe siar dá bhforáiltear in Airteagal 42.

2. Déanann an tomhaltóir an ceart chun tarraingt siar a fheidhmiú trí fhógra a thabhairt don trádálaí. Chun na críche sin, féadfaidh an tomhaltóir an fhoirm shamplach tarraingthe siar atá leagtha amach in Iarscríbhinn 2 a úsáid nó féadfaidh sé aon ráiteas aonchiallach eile a úsáid lena leagtar amach an cinneadh maidir le tarraingt siar.

3. I gcás ina dtugann an trádálaí an rogha don tomhaltóir tarraingt siar go leictreonach ar shuíomh gréasáin an trádálaí, agus go ndéanann an tomhaltóir sin, tá de dhualgas ar an trádálaí a chur in iúl don tomhaltóir, gan mhoill agus ar mheán buanfasach, go bhfuil an tarraingt siar sin faighte aige. Tá an trádálaí faoi dhliteanas aon chaillteanais a éiríonn don pháirtí eile mar gheall ar shárú ar an dualgas sin.

4. Meastar go bhfuil cumarsáid maidir le tarraingt siar in am má sheoltar é roimh dheireadh na tréimhse tarraingthe siar.

5. Is ar an tomhaltóir atá an dualgas a chruthú go ndéantar an ceart chun tarraingt siar a fheidhmiú i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Airteagal 42
Tréimhse tarraingthe siar

1. Téann an tréimhse tarraingthe siar in éag tar éis ceithre lá dhéag ó cheann de na laethanta seo a leanas:

   (a) an lá a sheachadtar na hearraí ar an tomhaltóir i gcás conartha díolacháin, lena n-áirítear conradh díolacháin faoina n-aontaíonn an díoltóir seirbhísí gaolmhara a sholáthar freisin;

   (b) an lá a sheachadtar an ítim dheireanach ar an tomhaltóir i gcás conradh díola earraí éagsúla a d'ordaigh an tomhaltóir in aon ordú amháin agus a seachadadh ar leithligh, lena n-áirítear conradh faoina n-aontaíonn an díoltóir seirbhísí gaolmhara a sholáthar freisin;

(c) an lá a sheachadtar an mhír dheireanach nó an píosa deireanach ar an tomhaltóir i gcás conartha maidir le hearraí a mbaineann míreanna nó píosaí éagsúla leo, lena n-áirítear conradh faoina n-aontaíonn an díoltóir seirbhísí gaolmhara a sholáthar freisin;

(d) an lá a sheachadtar an chéad ítim ar an tomhaltóir i gcás conartha chun earraí a sheachadadh go rialta le linn tréimhse sonraithe ama, lena n-áirítear conradh faoina n-aontaíonn an díoltóir seirbhísí gaolmhara a sholáthar freisin;

(e) an lá a thugtar an conradh i gcrích, i gcás conartha chun seirbhísí gaolmhara a sholáthar a thugtar i gcrích tar éis sheachadadh na n-earraí;

(f) an lá a sheachadtar an meán inláimhsithe ar an tomhaltóir i gcomhréir le pointe (a) i gcás conartha chun ábhar digiteach a sholáthar agus ina soláthraítear an t-ábhar digiteach ar mheán inláimhsithe;

(g) lá thabhairt i gcrích an chonartha i gcás conartha nach soláthraítear an t-ábhar digiteach leis ar mheán inláimhsithe.

2. I gcás nach dtugann an trádálaí an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17(1) don tomhaltóir, téann an tréimhse tarraingthe siar in éag:

(a) bliain ó dheireadh na buntréimhse tarraingthe siar, arna chinneadh i gcomhréir le mír 1; nó

(b) i gcás ina soláthraíonn an trádálaí an fhaisnéis is gá don tomhaltóir laistigh de bhliain ó dheireadh na tréimhse tarraingthe siar faoi arna chinneadh i gcomhréir le mír 1, tar éis ceithre lá dhéag ón lá a fhaigheann an tomhaltóir an fhaisnéis.

Airteagal 43
Eifeachtaí na tarraingthe siar

I gcás tarraingthe siar, foirceanntar oibleagáidí an dá pháirtí faoin gconradh:

(a) an conradh a chomhlíonadh; nó

(b) an conradh a thabhairt i gcrích i gcás ina ndéanann an tomhaltóir tairiscint.

Airteagal 44
Oibleagáidí an trádálaí i gcás tarraingthe siar

1. Ní mór don trádálaí na híocaíochtaí go léir a fuair sé ón tomhaltóir a íoc ar ais, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, na costais seachadta, gan moill mhíchuí agus i ngach cás tráth nach déanaí ná ceithre lá dhéag ón lá ar a dtugtar le tuiscint don trádálaí go bhfuil sé beartaithe ag an tomhaltóir tarraingt siar ón gconradh i gcomhréir le hAirteagal 41. Ní mór don trádálaí na híocaíochtaí sin a íoc ar ais leis na modhanna céanna íocaíochta agus a úsáideadh don chéad idirbheart, ach amháin má

chomhaontaigh an tomhaltóir a mhalairt go sainráite agus ar choinníoll nach dtabhaíonn an tomhaltóir aon taillí mar gheall ar an aisíocaíocht sin.

2. D'ainneoin mhír 1, ní cheanglaítear ar an trádálaí na costais bhreise a aisíoc má roghnaigh an tomhaltóir go sainráite cineál seachadta seachas an cineál seachadta chaighdeánaigh is saoire a thairgeann an trádálaí.

3. I gcás conartha chun earraí a dhíol, féadfaidh an trádálaí an t-aisíoc a choinneáil siar go bhfaighidh sé na hearraí ar ais, nó go soláthróidh an tomhaltóir fianaise go bhfuil na hearraí seolta ar ais aige, cibé acu is luaithe, mura bhfuil tairiscint déanta ag an trádálaí go rachaidh sé féin faoi choinne na n-earraí.

4. I gcás conartha seacháitribh ina seachnaítear na hearraí ar bhaile an tomhaltóra tráth a thugtar an conradh i gcrích, ní mór don trádálaí dul faoi choinne na n-earraí ar a chostas féin más earraí iad de chineál nach féidir a chur ar ais tríd an bpost.

Airteagal 45
Oibleagáidí an tomhaltóra i gcás tarraingthe siar

1. Ní mór don tomhaltóir na hearraí a sheoladh ar ais nó iad a thabhairt don trádálaí nó do dhuine atá údaraithe ag an trádálaí gan moill mhíchuí agus i ngach cás tráth nach déanaí ná ceithre lá dhéag ón lá a chuireann an tomhaltóir in iúl don trádálaí go bhfuil sé beartaithe aige tarraingt siar ón gconradh i gcomhréir le hAirteagal 41, ach amháin má thairg an trádálaí go rachadh sé faoi choinne na n-earraí. Meastar go gcomhlíontar an spriocdháta sin má sheolann an tomhaltóir na hearraí ar ais sula n-imíonn an tréimhse ceithre lá dhéag in éag.

2. Ní mór don tomhaltóir na costais dhíreacha a íoc as na hearraí a thabhairt ar ais, ach amháin má chomhaontaigh an trádálaí na costais sin a íoc nó murar chuir an trádálaí in iúl don tomhaltóir go mbeadh ar an tomhaltóir iad a íoc.

3. Níl an tomhaltóir faoi dhliteanas luach laghdaithe na n-earraí ach i gcás ina bhfuil an luach laghdaithe sin ann de thoradh a láimhseála ar aon bhealach seachas an bealach is gá chun cineál, saintréithe agus feidhmiú na n-earraí a bhunadh. Níl an tomhaltóir faoi dhliteanas luacha laghdaithe i gcás nach soláthraíonn an trádálaí an fhaisnéis ar fad faoin gceart chun tarraingt siar i gcomhréir le hAirteagal 17(1).

4. Gan dochar do mhír 3, níl an tomhaltóir faoi dhliteanas aon chuiteamh a íoc as úsáid na n-earraí le linn na tréimhse tarraingthe siar.

5. I gcás ina bhfeidhmíonn an tomhaltóir an ceart chun tarraingt siar ó chianchonradh tar éis dó iarraidh go sainráite go dtosnófar ar sheirbhísí gaolmhara a sholáthar le linn na tréimhse tarraingthe siar, ní mór don tomhaltóir méid a íoc leis an trádálaí atá i gcomhréir lenar soláthraíodh sular fheidhmigh an tomhaltóir an ceart chun tarraingt siar, i gcomparáid le cumhdach iomlán an chonartha. Ní mór an méid comhréireach atá le híoc ag an tomhaltóir leis an trádálaí a ríomh ar bhonn an phraghais iomláin a comhaontaíodh sa chonradh. I gcás ina bhfuil an praghas iomlán ró-ard, ní mór an méid comhréireach a ríomh ar bhonn mhargadhluach na seirbhísí a soláthraíodh.

6. Níl an tomhaltóir faoi dhliteanas chostas an méid seo a leanas:

(a) soláthar seirbhísí gaolmhara, ina n-iomláine nó i bpáirt, le linn na tréimhse tarraingthe siar, sna cásanna seo a leanas:

(i) má theipeann ar an trádálaí faisnéis a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 17(1) agus (3); nó

(ii) mura n-iarrann an tomhaltóir go sainráite go dtosófar ar na seirbhísí a sholáthar le linn na tréimhse tarraingthe siar i gcomhréir le hAirteagal 18(2) agus Airteagal 19(6);

(b) soláthar ábhair dhigitigh, ina iomláine nó i bpáirt, ar ábhar é nach soláthraítear ar mheán inláimhsithe, sna cásanna seo a leanas:

(i) mura bhfuil toiliú sainráite tugtha roimh ré ag an tomhaltóir chun tús a chur le soláthar an ábhair dhigitigh roimh dheireadh na tréimhse tarraingthe siar dá dtagraítear in Airteagal 42(1);

(ii) mura dtugann an tomhaltóir le fios nuair a thugann sé toiliú go n-aithníonn sé go gcaillfidh sé an ceart chun tarraingt siar; nó

(iii) má theipeann ar an trádálaí daingniú a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 18(1) agus le hAirteagal 19(5).

7. Seachas mar a fhoráiltear san Airteagal seo, ní théann an tomhaltóir faoi aon dliteanas i ngeall ar an gceart chun tarraingt siar a fheidhmiú.

Airteagal 46
Conarthaí coimhdeacha

1. I gcás ina bhfeidhmíonn tomhaltóir an ceart chun tarraingt siar ó chianchonradh nó ó chonradh seacháitribh i gcomhréir le hAirteagal 41 agus le hAirteagal 45, foirceanntar aon chonarthaí coimhdeacha láithreach gan aon chostas a ghearradh ar an tomhaltóir seachas de réir mar a fhoráiltear i mír 2 agus i mír 3. Chun críche an Airteagail seo, ciallaíonn conradh coimhdeach conradh trína bhfaigheann tomhaltóir earraí, ábhar digiteach nó seirbhísí gaolmhara a bhaineann le cianchonradh nó le conradh seacháitribh agus soláthraíonn an trádálaí nó tríú páirtí na hearraí, an t-ábhar digiteach nó na seirbhísí gaolmhara sin ar bhonn socraithe idir an tríú páirtí sin agus an trádálaí.

2. Tá feidhm ag forálacha Airteagail 43, 44 agus 45 dá réir maidir le conarthaí coimhdeacha a mhéid a bhfuil na conarthaí sin faoi rialú ag an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach.

3. I gcás conarthaí coimhdeacha nach bhfuil faoi rialú ag an Dlí Coiteann Díolacháin Eorpach, rialaíonn an dlí is infheidhme oibleagáidí na bpáirtithe i gcás tarraingthe siar.

Airteagal 47
Cur i bhfeidhm sainordaitheach fhorálacha na Caibidle seo

Ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú na Caibidle seo a eisiamh ná maolú ar a héifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Caibidil 5 Lochtanna sa toiliú

Airteagal 48
Earráid

1. Féadfaidh páirtí conradh a neamhniú toisc earráid fhíorais nó earráid dlí a bheith ann nuair a tugadh an conradh i gcrích más rud é:

   (a) nach mbeadh an conradh tugtha i gcrích ag an bpáirtí murach an earráid nó nach mbeadh sin déanta aige ach ar théarmaí conartha iomlán difriúil agus go raibh an páirtí eile ar an eolas faoi sin nó go bhféadfaí a bheith ag súil go raibh sé ar an eolas faoi; agus

   (b) más rud é:

      (i) gurbh é an páirtí eile ba chúis leis an earráid;

      (ii) gurbh é an páirtí eile ba chúis leis an gconradh a thabhairt i gcrích agus earráid ann toisc nár chomhlíon sé dualgas faisnéise réamhchonarthach faoi Chaibidil 2, Ranna 1 go 4;

      (iii) go raibh an páirtí eile ar an eolas faoin earráid nó go bhféadfaí a bheith ag súil go raibh sé ar an eolas fúithi agus gurbh é ba chúis leis an gconradh a thabhairt i gcrích agus earráid ann toisc nár chuir sé an fhaisnéis ábhartha ar shúile an chéad pháirtí, ar choinníoll go bhfágfadh meon macánta agus cóirdhéileáil go mbeadh ar pháirtí atá ar an eolas faoin earráid í sin a chur ar shúile an pháirtí eile; nó

      (iv) go ndearna an páirtí eile an earráid chéanna.

2. Ní fhéadfaidh páirtí conradh a neamhniú mar gheall ar earráid más rud é gur ghlac an páirtí sin air féin an riosca a bhain leis an earráid, nó sna himthosca i gceist gur chóir dó glacadh air féin an riosca a bhain leis an earráid.

3. Aon mhíchruinneas atá i nochtadh ráitis nó i dtarchur an ráitis sin, caithfear leis mar earráid de chuid an duine a rinne nó a sheol an ráiteas.

Airteagal 49
Calaois

1. Féadfaidh páirtí conradh a neamhniú más rud é gur spreag an páirtí eile tabhairt i gcrích an chonartha trí mhífhaisnéis chalaoiseach a thabhairt, lena fhocail nó lena iompar, nó trí neamhnochtadh calaoiseach aon fhaisnéise a bhí de cheangal ar an

bpáirtí sin a nochtadh i gcomhréir leis na ceanglais maidir le meon macánta agus cóirdhéileáil.

2. Tá mífhaisnéis calaoiseach má thugann an páirtí í agus fios nó barúil aige go bhfuil an fhaisnéis bréagach, nó má thugann sé í ar nós cuma liom maidir lena bheith fíor nó bréagach, agus má tá sé tugtha chun an faighteoir a mhealladh le hearráid a dhéanamh. Tá neamhnochtadh calaoiseach má dhéantar é chun an duine óna gcoinnítear an fhaisnéis siar a mhealladh le hearráid a dhéanamh.

3. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le cé acu a chuireann nó nach gcuireann meon macánta agus cóirdhéileáil de cheangal ar pháirtí faisnéis ar leith a nochtadh, ba cheart aird a thabhairt ar na himthosca uile, lena n-áirítear:

(a) má bhí saineolas ar leith ag an bpáirtí;

(b) an costas ar an bpáirtí maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a fháil;

(c) a éasca agus a d'fhéadfadh an páirtí eile an fhaisnéis a fháil ar dhóigh eile;

(d) cineál na faisnéise;

(e) an tábhacht is cosúil a bheith ag an bhfaisnéis leis an bpáirtí eile; agus

(f) i gconarthaí idir trádálaí, dea-chleachtas tráchtála sa chás i gceist.

Airteagal 50
Bagairtí

Féadfaidh páirtí conradh a neamhniú má spreag an páirtí eile tabhairt i gcrích an chonartha le gardhíobháil éagórach thromchúiseach a bhagairt, nó le beart éagórach a bhagairt.

Airteagal 51
Dúshaothrú éagórach

Féadfaidh páirtí conradh a neamhniú más rud é, nuair a tugadh an conradh i gcrích:

(a) go raibh an páirtí ag brath ar an bpáirtí eile nó go raibh gaol muiníne aige leis an bpáirtí eile, go raibh sé i gcruachás eacnamaíoch nó go raibh géarriachtanais aige, go raibh sé éigríonna, aineolach nó neamhchleachtach; agus

(b) go raibh an páirtí eile ar an eolas faoi sin nó go bhféadfaí a bheith ag súil go raibh sé ar an eolas faoi agus go ndearna sé, i bhfianaise na n-imthiosca agus chuspóir an chonartha, dúshaothrú ar an gcéad pháirtí trí thairbhe iomarcach nó leas éagórach a bhaint as.

Airteagal 52
Fógra maidir le neamhniú

1. Is trí fhógra a thabhairt don pháirtí eile a dhéantar conradh a neamhniú.

2. Níl éifeacht ag fógra maidir le neamhniú ach amháin má thugtar é laistigh den tréimhse seo a leanas tar éis don pháirtí atá ag déanamh neamhniú fáil amach faoi na himthosca ábhartha nó tar éis dó a bheith in ann gníomhú faoi shaoirse:

(a) laistigh de shé mhí i gcás earráide; agus

(b) laistigh de bhliain amháin i gcás caolaoise, bagairtí agus dúshaothrú éagórach;

Airteagal 53
Daingniú

I gcás ina ndéanann an páirtí atá i dteideal conradh a neamhniú faoin gCaibidil seo an conradh sin a dhaingniú, go sainráite nó go hintuigthe, tar éis dó fáil amach faoi na himthosca ábhartha, nó tar éis dó a bheith in ann gníomhú faoi shaoirse, ní fhéadfaidh an páirtí sin an conradh a neamhniú a thuilleadh.

Airteagal 54
Éifeachtaí an neamhnithe

1. Aon conradh is féidir a neamhniú, tá sé bailí go ndéantar é a neamhniú ach, a luaithe atá sé neamhnithe, tá sé neamhbhailí go cúlghabhálach ón tús.

2. I gcás nach ndéanann foras le haghaidh neamhniú difear ach do théarmaí conartha áirithe, tá éifeacht an neamhnithe teoranta do na téarmaí sin amháin mura bhfuil sé míréasúnta an chuid eile den chonradh a chomhlíonadh.

3. Maidir le ceart a bheith ag ceachtar de na páirtithe aon rud a aistríodh nó a soláthraíodh faoin gconradh neamhnithe a fháil ar ais, nó a choibhéis in airgead a fháil, déantar an ceart sin a rialáil leis na rialacha maidir le haiseag i gCaibidil 17.

Airteagal 55
Damáistí a fháil ar chaillteanas

Aon pháirtí a bhfuil de cheart aige conradh a neamhniú faoin gCaibidil seo, nó a raibh an ceart sin aige sular cuireadh ar ceal é mar gheall ar theorainneacha ama nó daingniú, tá an páirtí sin, is cuma má tá an conradh neamhnithe nó nach bhfuil, tá sé i dteideal damáistí a fháil ón bpáirtí eile i ngeall ar chaillteanas a tharla de thoradh na hearráide, na calaoise, na mbagairtí nó an dúshaothraithe éagóraigh, ar choinníoll go raibh an páirtí eile ar an eolas faoi na himthosca ábhartha nó go bhféadfaí a bheith ag súil go raibh sé ar an eolas faoi.

Airteagal 56
Leigheasanna a eisiamh nó srian a chur leo

1. Ní fhéadfar leigheasanna ar chalaois, bagairtí agus dúshaothrú éagórach a eisiamh ná srian a chur leo go díreach ná go hindíreach.

2. I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, leigheasanna ar earráid a eisiamh ná srian a chur leo go díreach ná go hindíreach.

Airteagal 57
Leigheas a roghnú

Aon pháirtí atá i dteideal leigheas faoin gCaibidil seo in imthosca ina bhfuil leigheas ar neamh-chomhlíonadh ar fáil dó freisin, féadfaidh an páirtí sin ceachtar den dá leigheas a lorg.

Cuid III Measúnú a dhéanamh ar a bhfuil sa chonradh

Caibidil 6 Léiriú

Airteagal 58
Rialacha ginearálta maidir le léiriú conarthaí

1. Déanfar conradh a léiriú de réir intinn choiteann na bpáirtithe fiú murab ionann sin agus gnáthbhrí na bhfocal a úsáidtear ann.

2. I gcás ina raibh sé ar intinn ag páirtí amháin brí áirithe a bheith ag focail a úsáidtear sa chonradh agus go raibh an páirtí eile ar an eolas faoi sin tráth a tugadh an conradh i gcrích, nó dá bhféadfaí a bheith ag súil go raibh sé ar an eolas faoi, déanfar na focail a léiriú sa dóigh a raibh sé ar intinn ag an gcéad pháirtí iad a léiriú.

3. Mura bhforáiltear a mhalairt i mír 1 agus i mír 2, déanfar an conradh a léiriú de réir na brí a thuigfeadh duine réasúnta as.

Airteagal 59
Nithe ábhartha

Agus conradh á léiriú, féadfar aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) na himthosca inar tugadh an conradh i gcrích, lena n-áirítear an réamhchaibidlíocht;

(b) iompar na bpáirtithe, fiú roimh thabhairt i gcrích an chonartha;

(c) an léiriú atá bainte cheana féin ag na páirtithe as focail atá comhionann nó cosúil leo siúd a úsáidtear sa chonradh;

(d) gnáthaimh a mheasfadh páirtithe sa chás céanna a bheith infheidhme go ginearálta;

(e) cleachtais atá bunaithe ag na páirtithe eatarthu féin;

(f) an bhrí is gnách a thuiscint as focail sa réimse gníomhaíochta lena mbaineann;

(g) cineál agus cuspóir an chonartha; agus

(h) meon macánta agus cóirdhéileáil.

Airteagal 60
Tagairt do chonradh ina iomláine

Is i bhfianaise an chonartha ina iomláine a léireofar focail a úsáidtear i gconradh.

Airteagal 61
Neamhréireachtaí teanga

I gcás ina bhfuil dhá leagan teanga nó níos mó ann de dhoiciméad conartha agus nach bhfuil sé luaite le haon ceann acu go bhfuil údarás aige, agus má tá neamhréireacht ann idir na leaganacha sin, glacfar leis gurb é an leagan inar tarraingíodh an conradh suas ar dtús an leagan údarásach.

Airteagal 62
Tosaíocht a thabhairt do théarmaí conartha a caibidlíodh ar leithligh

Má tá neamhréireacht ann, tá forlámhas ag téarmaí conartha a caibidlíodh ar leithligh ar théarmaí nár caibidlíodh ar leithligh de réir bhrí Airteagal 7.

Airteagal 63
Tosaíocht a thabhairt do léiriú lena dtugtar éifeacht do théarmaí conartha

Tá forlámhas ag léiriú lena dtugtar éifeacht do na téarmaí conartha ar léiriú nach ndéanann sin.

Airteagal 64
Léiriú i bhfabhar tomhaltóirí

1. I gcás ina bhfuil amhras ann i dtaobh brí téarma conartha idir trádálaí agus tomhaltóir, beidh forlámhas ag an léiriú is fabhraí don tomhaltóir, ach amháin más é an tomhaltóir a sholáthair an téarma.

2. Ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 65
Léiriú i gcoinne soláthraí téarma conartha

Más rud é, i gcás conartha nach dtagann faoi réim Airteagal 64, go bhfuil amhras ann i dtaobh brí téarma conartha nár caibidlíodh ar leithligh de réir bhrí Airteagal 7, beidh forlámhas ag léiriú atá i gcoinne an pháirtí a sholáthair an téarma.

Caibidil 7 Ábhair agus Éifeachtaí

Airteagal 66
Téarmaí conartha

Is ó na nithe seo a leanas a dhíorthaítear téarmaí an chonartha;

(a) comhaontú na bpáirtithe, faoi réir aon rialacha sainordaitheacha de chuid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh;

(b) aon ghnáthamh nó aon chleachtas atá ina cheangal orthu de bhua Airteagal 67;

(c) aon riail de chuid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh a bhfuil feidhm aici in éagmais comhaontú dá mhalairt idir na páirtithe; agus

(d) aon téarma conartha is intuigthe de bhua Airteagal 68.

Airteagal 67
Gnáthaimh agus cleachtais i gconarthaí idir trádálaithe

1. I gconradh idir trádálaithe, tá na páirtithe faoi cheangal ag aon ghnáthamh a chomhaontaigh siad ba cheart a bheith infheidhme agus ag aon chleachtas a bhunaigh siad eatarthu féin.

2. Aon ghnáthamh a mheasfaí a bheith infheidhme de ghnáth ag trádálaithe sa chás céanna leis na páirtithe, tá an gnáthamh sin ina cheangal ar na páirtithe.

3. Níl gnáthaimh ná cleachtais ina gceangal ar na páirtithe má tá siad ar neamhréir le téarmaí conartha a caibidlíodh ar leithligh nó ar neamhréir le haon rialacha sainordaitheacha de chuid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh.

Airteagal 68
Téarmaí conartha a fhéadfar a thabhairt a bheith intuigthe

1. Nuair is gá foráil a dhéanamh maidir le hábhar nach rialaítear go sainráite le comhaontú na bpáirtithe ná le haon ghnáthamh, cleachtas ná riail de chuid an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh, féadfar téarma conartha breise a thabhairt a bheith intuigthe, ag féachaint go háirithe do na nithe seo a leanas:

   (a) cineál agus cuspóir an chonartha;

   (b) na himthosca inar tugadh an conradh i gcrích; agus

   (c) meon macánta agus cóirdhéileáil.

2. Aon téarma is intuigthe faoi mhír 1, úsáidfear é chun éifeacht a thabhairt, a mhéid is féidir, don rud ba dhóchúla a bheadh comhaontaithe idir na páirtithe dá mbeadh foráil déanta acu maidir leis an ábhar sin.

3. Níl feidhm ag mír 1 más rud é gur fhág na páirtithe ábhar éigin gan rialáil d'aon ghnó, ar an tuiscint go mbainfeadh an riosca le ceann acu.

Airteagal 69
Téarmaí conartha atá díorthaithe ó ráitis réamhchonarthacha áirithe

1. I gcás ina ndéanann an trádálaí ráiteas leis an bpáirtí eile nó go poiblí, sula dtugtar an conradh i gcrích, maidir le saintréithe a bhfuil le soláthar ag an trádálaí sin faoin gconradh, áireofar an ráiteas sin már théarma conartha seachas sna cásanna seo a leanas:

(a) má bhí an páirtí eile ar an eolas nuair a tugadh an conradh i gcrích go raibh an ráiteas mícheart nó nach bhféadfaí seasamh air mar théarma conartha, nó dá bhféadfaí le réasún a bheith ag súil go raibh an páirtí eile ar an eolas faoi sin; nó

(b) más rud é nár fhéad tionchar a bheith ag an ráiteas ar chinneadh an pháirtí eile an conradh a thabhairt i gcrích.

2. Chun críocha mhír 1, meastar gur ón trádálaí féin atá aon ráiteas a dhéanann duine a bhíonn ag gabháil d'fhógraíocht nó do mhargaíocht don trádálaí.

3. I gcás inar tomhaltóir é an páirtí eile, meastar, chun críocha mhír 1, gur ón trádálaí féin atá aon ráiteas poiblí a dhéanann táirgeoir nó duine eile nó a dhéantar thar ceann táirgeora nó duine eile ag tús an phróisis as a ndearnadh an conradh, ach amháin mura raibh an trádálaí ar an eolas faoi sin tráth a tugadh an conradh i gcrích agus nach bhféadfaí a bheith ag súil go raibh sé ar an eolas faoi.

4. I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh, ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 70

An dualgas an páirtí eile a chur ar an eolas maidir le téarmaí conartha nár caibidlíodh ar leithligh

1. Aon téarmaí conartha arna soláthar ag páirtí amháin agus nár caibidlíodh ar leithligh de réir bhrí Airteagal 7, ní fhéadfar iad a agairt in aghaidh páirtí eile ach amháin má bhí an páirtí eile ar an eolas fúthu, nó má rinne an páirtí a bhfuil na téarmaí á soláthar aige bearta réasúnta chun aird an pháirtí eile a tharraingt orthu, roimh an gconradh a thabhairt i gcrích nó tráth a tugadh i gcrích é.

2. Chun críocha an Airteagail seo, i gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir, ní leor díreach tagairt a dhéanamh do théarmaí conartha i ndoiciméad conartha chun aird an tomhaltóra a tharraingt orthu go leordhóthanach, fiú má shíníonn an tomhaltóir an doiciméad.

3. Ní fhéadfaidh na páirtithe feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 71

Téarmaí breise i gconarthaí idir trádálaí agus tomhaltóir

1. I gconradh idir trádálaí agus tomhaltóir, aon téarma a chuireann d'oibleagáid ar an tomhaltóir aon íocaíocht a íoc sa bhreis ar an luach saothair atá ina phríomhoibleagáid chonarthach ag an trádálaí, go háirithe i gcás inar tugadh an téarma isteach trí roghanna réamhshocraithe a úsáid a bhfuil ar an tomhaltóir diúltú dóibh chun an íocaíocht bhreise a sheachaint, níl an téarma sin ceangailteach ar an tomhaltóir ach amháin má chomhthoiligh an tomhaltóir go sainráite leis an íocaíocht bhreise sula raibh an tomhaltóir faoi cheangal ag an gconradh. Má íocann an tomhaltóir an íocaíocht bhreise, féadfaidh sé í a fháil ar ais.

2. Ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 72
Clásail chumaisc

1. I gcás ina bhfuil téarma i gconradh i scríbhinn á rá go bhfuil téarmaí uile an chonartha ar fáil sa doiciméad (clásal cumaisc), ní cuid den chonradh iad aon ráitis, gnóthais ná comhaontuithe a rinneadh roimhe sin agus nach bhfuil sa doiciméad.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt sa chonradh, ní chuireann clásal cumaisc cosc ar ráiteas a rinne páirtithe roimhe sin a úsáid chun an conradh a léiriú.

3. I gcás conartha idir trádálaí agus tomhaltóir, níl an tomhaltóir faoi cheangal ag clásal cumaisc.

4. Ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 73
Praghas a chinneadh

I gcás nach féidir méid an phraghais is iníoctha faoi chonradh a chinneadh ar dhóigh eile, is ionann an praghas is iníoctha, in éagmais aon chomhartha dá mhalairt, agus an praghas is gnách a ghearradh in imthosca den tsamhail chéanna tráth a thugtar an conradh i gcrích nó, mura bhfuil praghas den sórt sin ar fáil, is ionann é agus praghas réasúnta.

Airteagal 74
Cinneadh aontaobhach páirtí

1. I gcás ina bhfuil an praghas nó aon téarma conartha eile le cinneadh ag páirtí amháin agus go ndéanann an páirtí sin cinneadh atá an-mhíréasúnta, cuirfear ina ionad an praghas is gnách a ghearradh nó an téarma is gnách a úsáid in imthosca den tsamhail chéanna tráth a thugtar an conradh i gcrích nó, mura bhfuil praghas den sórt sin ar fáil, cuirfear praghas réasúnta nó téarma réasúnta ina ionad.

2. Ní fhéadfaidh na páirtithe feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 75
Cinneadh tríú páirtí

1. I gcás ina bhfuil an praghas nó aon téarma conartha eile le cinneadh ag tríú páirtí agus nach féidir leis é a dhéanamh nó nach ndéanfaidh sé é, féadfaidh cúirt duine eile a cheapadh lena chinneadh, mura bhfuil sin ar neamhréir le téarmaí an chonartha.

2. I gcás ina bhfuil an praghas nó aon téarma conartha eile le cinneadh ag tríú páirtí agus go ndéanann an tríú páirtí sin cinneadh atá an-mhíréasúnta, cuirfear ina ionad an

praghas is gnách a ghearradh nó an téarma is gnách a úsáid in imthosca den tsamhail chéanna tráth a thugtar an conradh i gcrích nó, mura bhfuil praghas den sórt sin ar fáil, cuirfear praghas réasúnta nó téarma réasúnta ina ionad.

3. Chun críche mhír 1 áirítear binse eadrána faoi bhrí 'cúirt'.

4. I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú mhír 2 a eisiamh, ná maolú ar a héifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 76
Teanga

Maidir leis an teanga atá le húsáid i gcumarsáid a bhaineann leis an gconradh nó leis na cearta nó na hoibleagáidí a éiríonn as, mura féidir an teanga sin a chinneadh ar dhóigh eile is í an teanga a úsáidtear chun an conradh a thabhairt i gcrích is ceart a úsáid.

Airteagal 77
Conarthaí faid éiginnte

1. I gcás oibleagáid chonarthach a chomhlíonadh go leanúnach nó go leantach, mura bhfuil sé sonraithe sna téarmaí conartha cathain a thiocfaidh deireadh leis an ngaol conarthach nó mura ndéantar foráil ann maidir leis an gconradh a fhoirceannadh trí fhógra a thabhairt chuige sin, féadfaidh ceachtar den dá pháirtí an conradh a fhoirceannadh trí thréimhse réasúnta fógra a thabhairt nach faide ná dhá mhí.

2. I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh, ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 78
Téarmaí conartha i bhfabhar tríú páirtithe

1. Féadfaidh na páirtithe sa chonradh, trí bhíthin an chonartha, ceart a thabhairt do thríú páirtí. Ní gá gurb ann don tríú páirtí ná go mbeidh sé sainaitheanta tráth a thugtar an conradh i gcrích ach ní mór dó a bheith so-aitheanta.

2. Cinntear leis an gconradh cineál agus ábhar cheart an tríú páirtí. Féadfaidh an ceart a bheith i bhfoirm eisiamh nó teorannú ar dhliteanas an tríú páirtí i leith ceann de na páirtithe sa chonradh.

3. I gcás ina bhfuil sé de cheangal ar cheann de na páirtithe sa chonradh oibleagáid a chomhlíonadh don tríú páirtí faoin gconradh:

   (a) tá na cearta céanna maidir le comhlíonadh agus leigheasanna ar neamh-chomhlíonadh ag an tríú páirtí agus a bheadh aige dá mbeadh sé de cheangal ar an bpáirtí sa chonradh oibleagáid a chomhlíonadh faoi chonradh leis an tríú páirtí; agus

(b) féadfaidh an páirtí sa chonradh a bhfuil ceangal air gach cosaint a d'fhéadfadh sé a dhearbhú i gcoinne an pháirtí eile sa chonradh, féadfaidh sé iad sin a dhearbhú i gcoinne an tríú páirtí.

4. Aon cheart a thugtar do thríú páirtí, féadfaidh sé é a dhiúltú trí fhógra a thabhairt do cheachtar de na páirtithe sa chonradh má dhéantar amhlaidh sula nglactar leis an gceart go sainráite nó go hintuigthe. Nuair a dhéantar diúltú den sórt sin, déileáiltear leis an gceart ar nós nár fhabhraigh sé riamh chuig an tríú páirtí.

5. Féadfaidh na páirtithe sa chonradh an téarma conartha lena dtugtar an ceart a bhaint den chonradh nó a mhodhnú má dhéantar amhlaidh sula dtugann ceachtar acu fógra don tríú páirtí go bhfuil an ceart tugtha.

Caibidil 8 Téarmaí éagóracha conartha

ROINN 1 FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 79
Éifeachtaí dlíthiúla téarmaí éagóracha conartha

1. Aon téarma conartha arna sholáthar ag páirtí amháin agus atá éagórach de réir Roinn 2 agus Roinn 3 den Chaibidil seo, ní bheidh an téarma sin ina cheangal ar an bpáirtí eile.

2. I gcás inar féidir an conradh a choinneáil in éagmais an téarma éagóraigh conartha, beidh na téarmaí eile fós ina gceangal.

Airteagal 80
Eisiaimh ón tástáil le haghaidh éagóra

1. Níl feidhm ag Roinn 2 ná ag Roinn 3 maidir le téarmaí conartha a bhaineann le rialacha an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh a mbeadh feidhm acu mura mbeadh an t-ábhar á rialú ag na téarmaí.

2. Níl feidhm ag Roinn 2 maidir le sainmhíniú phríomhábhar an chonartha ná maidir lena oiriúnaí atá an praghas atá le híoc fad agus atá an dualgas trédhearcachta comhlíonta ag an trádálaí i gcomhréir le hAirteagal 82.

3. Níl feidhm ag Roinn 3 maidir le sainmhíniú phríomhábhar an chonartha ná maidir lena oiriúnaí atá an praghas atá le híoc.

Airteagal 81
Cur i bhfeidhm sainordaitheach fhorálacha na Caibidle seo

Ní fhéadfaidh na páirtithe feidhmiú na Caibidle seo a eisiamh ná maolú ar a héifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

ROINN 2 TÉARMAÍ ÉAGÓRACHA I gCONARTHAÍ IDIR TRÁDÁLAÍ AGUS TOMHALTÓIR

Airteagal 82

An dualgas trédhearcachta maidir le téarmaí conartha nár caibidlíodh ar leithligh

I gcás ina soláthraíonn trádálaí téarmaí conartha nár caibidlíodh ar leithligh leis an tomhaltóir de réir bhrí Airteagal 7, tá de dhualgas ar an trádálaí a áirithiú go ndéantar iad a dhréachtú agus a chur in iúl i dteanga shoiléir shothuigthe.

Airteagal 83

An bhrí atá le "éagórach" i gconarthaí idir trádálaí agus tomhaltóir

1. I gconradh idir trádálaí agus tomhaltóir, aon téarma conartha a sholáthraíonn an trádálaí agus nár caibidlíodh ar leithligh de réir bhrí Airteagal 7, is téarma conartha éagórach é sin chun críocha na Roinne seo má chruthaíonn sé éagothroime shuntasach maidir le cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe faoin gconradh, chun aimhleasa an tomhaltóra, contrártha le meon macánta agus cóirdhéileáil.

2. Agus measúnú á dhéanamh ar a éagóraí atá téarma chun críocha na Roinne seo, tabharfar aird ar na nithe seo a leanas:

   (a) má chomhlíon an trádálaí an dualgas trédhearcachta atá leagtha amach in Airteagal 82;

   (b) an cineál ní a sholáthrófar faoin gconradh;

   (c) na himthosca faoina dtugtar an conradh i gcrích;

   (d) na téarmaí conartha eile; agus

   (e) téarmaí aon chonartha eile ar a bhfuil an conradh ag brath.

Airteagal 84

Téarmaí conartha atá éagórach i gcónaí

Téarma éagórach atá i dtéarma conartha i gcónaí chun críocha na Roinne seo más é seo a leanas is cuspóir dó nó is éifeacht leis:

(a) dliteanas an trádálaí a eisiamh nó a chur faoi theorainn i leith bhás an tomhaltóra nó i leith díobhála pearsanta don tomhaltóir a tharla de bharr ghnímh nó neamhghnímh de chuid an trádálaí nó de bharr gnímh nó neamhghnímh duine éigin atá ag gníomhú thar ceann an trádálaí;

(b) dliteanas an trádálaí a eisiamh nó a chur faoi theorainn i leith aon chaillteanais nó damáiste don tomhaltóir a tharla d'aon ghnó nó de bharr mórfhaillí;

(c) teorainn a chur le hoibleagáid an trádálaí a bheith faoi cheangal ag na ceangaltais a ghabh a ghníomhairí údaraithe orthu féin nó na ceangaltais sin a chur faoi réir comhlíonadh coinníll shonraigh, ar coinníoll é a bhfuil a chomhlíonadh ag brath ar an trádálaí, agus airsean amháin;

(d) ceart an tomhaltóra caingean dlí a thionscnamh nó aon leigheas dlí eile a fheidhmiú, a eisiamh, nó a bhac, go háirithe tríd an tomhaltóir a chur faoi cheanglas díospóidí a thabhairt go heisiach chuig córas eadrána nach ndéantar foráil ina leith de ghnáth i bhforálacha dlíthiúla a bhfuil feidhm acu maidir le conarthaí idir trádálaí agus tomhaltóir;

(e) maidir le gach díospóid a thagann chun cinn faoin gconradh, dlínse eisiach a thabhairt do chúirt san áit a bhfuil an trádálaí lonnaithe ach amháin más ionann an chúirt sin agus an chúirt san áit a bhfuil sainchónaí ar an tomhaltóir;

(f) an ceart eisiach a thabhairt don trádálaí cinneadh an bhfuil na hearraí, an t-ábhar digiteach nó na seirbhísí gaolmhara i gcomhréir leis an gconradh nó an ceart eisiach a thabhairt dó aon téarma conartha a léiriú;

(g) foráil a dhéanamh go bhfuil an tomhaltóir faoi cheangal ag an gconradh nuair nach bhfuil an trádálaí faoina cheangal;

(h) ceangal a chur ar an tomhaltóir modh níos foirmiúla a úsáid chun an conradh a fhoirceannadh de réir bhrí Airteagal 8 ná an modh a úsáideadh chun an conradh a thabhairt i gcrích;

(i) tréimhse fógra níos giorra a thabhairt don trádálaí chun an conradh a fhoirceannadh ná an tréimhse a cheanglaítear ar an tomhaltóir;

(j) oibleagáid a chur ar an tomhaltóir íoc as earraí, ábhar digiteach nó seirbhísí gaolmhara nár seachadadh, nár soláthraíodh nó nár tugadh ar chor ar bith;

(k) cinneadh go bhfuil forlámhas ag téarmaí conartha nár caibidlíodh ar leithligh de réir bhrí Airteagal 7 ar théarmaí a caibidlíodh ar leithligh nó go dtugtar tosaíocht dóibh ar théarmaí a caibidlíodh ar leithligh.

Airteagal 85

Téarmaí conartha a mheastar a bheith éagórach

Meastar go bhfuil téarma conartha éagórach chun críocha na Roinne seo más é seo a leanas is cuspóir dó nó is éifeacht leis:

(a) srian a chur leis an bhfianaise atá ar fáil don tomhaltóir nó dualgas cruthúnais a chur ar an tomhaltóir ar dualgas é ba cheart ó thaobh dlí a bheith ar an trádálaí;

(b) na leigheasanna a eisiamh nó a chur faoi theorainn go míchuí ar leigheasanna iad atá ar fáil don tomhaltóir i gcoinne an trádálaí nó i gcoinne tríú páirtí i gcás nach gcomhlíonann an trádálaí oibleagáidí faoin gconradh;

(c) an ceart chun éilimh a d'fhéadfadh a bheith ag an tomhaltóir i gcoinne an trádálaí a fhritháireamh i gcoinne an méid a d'fhéadfadh a bheith dlite don trádálaí ón tomhaltóir, an ceart sin a eisiamh nó a chur faoi theorainn go míchuí;

(d) cead a thabhairt do thrádálaí airgead a d'íoc an tomhaltóir a choinneáil má chinneann an tomhaltóir nach dtabharfar an conradh i gcrích nó nach gcomhlíonfar oibleagáidí faoi, gan foráil a dhéanamh go dtabharfadh an trádálaí suim choibhéiseach don tomhaltóir mar chúiteamh ina mhalairt de chás;

(e) ceangal a chur ar aon tomhaltóir nach gcomhlíonann a oibleagáidí faoin gconradh méid atá go díréireach ard a íoc mar dhamáistí nó mar íocaíocht shonraithe as neamh-chomhlíonadh;

(f) ceart a thabhairt do thrádálaí tarraingt siar ón gconradh nó an conradh a fhoirceannadh de réir bhrí Airteagal 8 ar bhonn lánroghnach gan an ceart céanna a thabhairt don tomhaltóir, nó ceart a thabhairt do thrádálaí airgead a íocadh as seirbhísí gaolmhara nár soláthraíodh go fóill a choinneáil i gcás ina dtarraingíonn an trádálaí siar ón gconradh nó ina ndéantar an conradh a fhoirceannadh;

(g) trádálaí a chumasú conradh faid éiginnte a fhoirceannadh gan fógra réasúnta a thabhairt, seachas i gcás ina bhfuil cúiseanna tromchúiseacha ann é sin a dhéanamh;

(h) conradh faid chinnte a fhadú go huathoibríoch mura gcuireann an tomhaltóir a mhalairt in iúl, i gcásanna ina ndéantar foráil le téarmaí an chonartha maidir le sprioc chun fógra a thabhairt atá míréasúnta luath;

(i) trádálaí a chumasú téarmaí conartha a athrú go haontaobhach gan cúis bhailí a bheith sonraithe sa chonradh; ní dhéanann sin difear do théarmaí conartha faoina bhforchoimeádann trádálaí an ceart na téarmaí a bhaineann le conradh faid éiginnte a athrú go haontaobhach, ar choinníoll go mbeidh de cheangal ar an trádálaí é sin a chur in iúl don tomhaltóir le fógra réasúnta, agus go mbeidh cead ag an tomaltóir an conradh a fhoirceannadh gan aon chostas a ghearradh ar an tomhaltóir;

(j) trádálaí a chumasú aon saintréithe de chuid na n-earraí, an ábhair dhigitigh nó na seirbhísí gaolmhara atá le soláthar a athrú go haontaobhach gan cúis bhailí nó aon tréithe eile den chomhlíonadh a athrú amhlaidh;

(k) foráil a dhéanamh go gcinnfear praghas na n-earraí, an ábhair dhigitigh nó na seirbhísí gaolmhara tráth a sheachadtar nó a sholáthraítear iad, nó cead a thabhairt do thrádálaí an praghas a ardú gan cead a thabhairt don tomhaltóir tarraingt siar má tá an praghas ardaithe sin ró-ard i ndáil leis an bpraghas a comhaontaíodh tráth a tugadh an conradh i gcrích; ní dhéanann sin difear do chlásail innéacsaithe praghsanna, nuair is dleathach sin, ar choinníoll go ndéantar tuairisc shainráite ar an modh athraithe praghsanna;

(l) oibleagáid a chur ar thomhaltóir na hoibleagáidí ar fad faoin gconradh a chomhlíonadh i gcás ina mainníonn an trádálaí a oibleagáidí féin a chomhlíonadh;

(m) cead a thabhairt do thrádálaí a chearta agus a oibleagáidí faoin gconradh a aistriú gan toiliú an tomhaltóra, ach amháin más chuig fochuideachta atá á rialú ag an trádálaí a aistrítear iad nó má dhéantar sin de thoradh cumaisc nó idirbhirt dhleathaigh

cuideachta den chineál céanna agus nach dócha go mbeidh drochthionchar ag aistriú den chineál sin ar aon cheart de chuid an tomhaltóra;

(n) cead a thabhairt do thrádálaí, i gcás nach bhfuil ar ordaíodh ar fáil, coibhéis a sholáthar gan an tomhaltóir a chur ar an eolas go sainráite roimh ré faoin bhféidearthacht sin agus faoin dóigh nach mór don trádálaí íoc as an gcostas a bhaineann lena bhfuil faighte ag an tomhaltóir faoin gconradh a thabhairt ar ais má fheidhmíonn an tomhaltóir an ceart diúltú do chomhlíonadh an chonartha;

(o) cead a thabhairt do thrádálaí tréimhse atá i bhfad rófhada nó atá sonraithe go huireasach a leagan amach chun glacadh le tairiscint nó chun tairisicint a dhiúltú;

(p) cead a thabhairt do thrádálaí tréimhse atá rófhada ar fad nó atá sonraithe go huireasach a leagan amach chun na hoibleagáidí faoin gconradh a chomhlíonadh;

(q) na leigheasanna atá ar fáil don tomhaltóir i gcoinne an trádálaí a eisiamh nó a chur faoi theorainn go míchuí nó na cosaintí atá ar fáil don tomhaltóir i gcoinne éileamh ón trádálaí a eisiamh nó a chur faoi theorainn go míchuí;

(r) oibleagáidí a chomhlíonann an trádálaí faoin gconradh nó éifeachtaí tairbheacha eile a bhaineann leis an gconradh don tomhaltóir a chur faoi réir foirmiúlachtaí áirithe nach bhfuil ceangailteach ó thaobh an dlí agus atá míréasúnta;

(s) réamhíocaíochtaí iomarcacha nó ráthaíochtaí iomarcacha maidir le comhlíonadh oibleagáidí a chur de cheangal ar an tomhaltóir;

(t) an tomhaltóir a chosc gan chall ar sholáthairtí nó deisiúcháin a fháil ó fhoinsí tríú páirtí;

(u) an conradh a chuachadh gan chall le conradh eile leis an trádálaí, le fochuideachta de chuid an trádálaí, nó le tríú páirtí, ar bhealach nach bhféadfadh an tomhaltóir le réasún a bheith ag súil leis;

(v) dualgas iomarcach a chur ar an tomhaltóir chun conradh faid éiginnte a fhoirceannadh;

(w) maidir le conradh chun earraí, ábhar digiteach nó seirbhísí gaolmhara a sholáthar go leanúnach, tréimhse tosaigh an chonartha, nó aon tréimhse athnuachana, a bheith níos faide ná aon bhliain amháin, ach amháin má fhéadfaidh an tomhaltóir an conradh a fhoirceannadh am ar bith le tréimhse foirceanta nach faide ná 30 lá.

ROINN 3 TÉARMAÍ ÉAGÓRACHA I gCONARTHAÍ IDIR TRÁDÁLAITHE

Airteagal 86

An bhrí atá le "éagórach" i gconarthaí idir trádálaithe

1. I gconradh idir trádálaithe, téarma éagórach is ea é téarma conartha chun críocha na Roinne seo sa chás seo amháin:

(a) más cuid de théarmaí nár caibidlíodh ar leithligh é de réir bhrí Airteagal 7; agus

(b) más de chineál é go gclaontar go mór ó dhea-chleachtas tráchtála nuair a úsáidtear é, contrártha le meon macánta agus cóirdhéileáil.

2. Agus measúnú á dhéanamh ar a éagóraí atá téarma chun críocha na Roinne seo, tabharfar aird ar na nithe seo a leanas:

(a) an cineál ní a sholáthrófar faoin gconradh;

(b) na himthosca faoina dtugtar an conradh i gcrích;

(c) na téarmaí conartha eile; agus

(d) téarmaí aon chonartha eile ar a bhfuil an conradh ag brath.

Cuid IV Oibleagáidí agus leigheasanna páirtithe i gconradh díola nó i gconradh chun ábhar digiteach a sholáthar

Caibidil 9 Forálacha ginearálta

Airteagal 87
Neamh-chomhlíonadh agus neamh-chomhlíonadh bunúsach

1. Is éard is neamh-chomhlíonadh oibleagáide ann, mainneachtain i dtaobh an oibleagáid a chomhlíonadh, cibé acu a scaoiltear leis an mainneachtain nó nach scaoiltear, agus áirítear leis na nithe seo a leanas:

   (a) earraí nach seachadtar nó moill ar sheachadadh earraí;

   (b) ábhar digiteach nach soláthraítear nó moill ar sholáthar ábhair dhigitigh;

   (c) earraí a sheachadtar nach bhfuil i gcomhréir leis an gconradh;

   (d) ábhar digiteach a sholáthraítear nach bhfuil i gcomhréir leis an gconradh;

   (e) praghas nach n-íoctar nó moill ar íoc an phraghais; agus

   (f) aon chomhlíonadh airbheartaithe eile nach bhfuil i gcomhréir leis an gconradh.

2. I gcás nach gcomhlíonann páirtí amháin oibleagáid, is neamh-chomhlíonadh bunúsach é sna cásanna seo a leanas:

   (a) má bhaineann sé den pháirtí eile an méid a raibh an páirtí sin i dteideal a bheith ag súil leis faoin gconradh, ach amháin i gcás nár thuar an páirtí neamh-chomlíontach, nó nach bhféadfaí a bheith ag súil gur thuar sé, an toradh sin tráth a tugadh an conradh i gcrích; nó

   (b) más neamh-chomhlíonadh é a léiríonn nach bhféadfaí brath ar chomhlíonadh an pháirtí neamh-chomhlíontaigh sa todhchaí.

Airteagal 88
Neamh-chomhlíonadh a scaoiltear leis

1. I gcás nach gcomhlíonann páirtí oibleagáid, scaoilfear leis más é is cúis leis an neamh-chomhlíonadh bac nach bhfuil aon neart ag an bpáirtí sin air agus mura bhféadfaí a bheith ag súil leis an mbac sin a bheith curtha san áireamh ag an bpáirtí tráth a tugadh an conradh i gcrích, nó a bheith ag súil leis an mbac nó le hiarmhairtí an bhaic a bheith seachanta nó sáraithe.

2. I gcás baic shealadaigh, scaoiltear leis an neamh-chomhlíonadh fad is a mhaireann an bac. Más é neamh-chomhlíonadh bunúsach an toradh ar an moill, áfach, féadfaidh an páirtí eile caitheamh leis mar neamh-chomhlíonadh.

3. Tá sé de dhualgas ar an bpáirtí nach bhfuil in ann an oibleagáid a chomhlíonadh a áirithiú go bhfaigheann an páirtí eile fógra faoin mbac agus faoi thionchar an bhaic ar chomhlíonadh laistigh de thréimhse réasúnta ón uair a bheidh an chéad pháirtí ar an eolas, nó a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis an gcéad pháirtí a bheith ar an eolas, faoi na himthosca sin. Beidh an páirtí eile i dteideal damáistí i ngeall ar aon chaillteanas de thoradh shárú an dualgais sin.

Airteagal 89
Athrú sna himthosca

1. Ní foláir do pháirtí a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh fiú amháin má tá an comhlíonadh dochraideach de thoradh go bhfuil méadú tagtha ar chostas an chomhlíonta nó de bharr go bhfuil laghdú tagtha ar an méid atá le fáil ar ais.

I gcás ina mbíonn comhlíonadh ró-dhochraideach toisc athrú eisceachtúil a theacht ar na himthosca, tá dualgas ar na páirtithe dul i mbun caibidlíochtaí d'fhonn an conradh a oiriúnú nó a fhoirceannadh.

2. Mura dtagann na páirtithe ar chomhaontú laistigh de thréimhse réasúnta, féadfaidh an chúirt an méid seo a leanas a dhéanamh, ar iarrtas ó cheachtar den dá pháirtí:

   (a) an conradh a oiriúnú chun go mbeidh sé i gcomhréir leis an méid a mbeadh comhaontaithe go réasúnach ag na páirtithe tráth a aontaíodh an conradh dá mbeidís tar éis an t-athrú sna himthosca a chur san áireamh; nó

   (b) an conradh a fhoirceannadh de réir bhrí Airteagal 8 ar dháta agus ar théarmaí a bheidh le cinneadh ag an gcúirt.

3. Beidh feidhm ag mír 1 agus ag mír 2 sna cásanna seo amháin:

   (a) má tháinig athrú ar na himthosca tar éis an conradh a thabhairt i gcrích;

   (b) murar thug an páirtí a bhí ag brath ar an athrú ar na himthosca san áireamh an uair sin, agus mura bhféadfaí a bheith ag súil leis a thabhairt san áireamh, féidearthacht nó scála an athruithe sin sna himthosca; agus

   (c) mura ghlac an páirtí éagóirithe leis an mbaol, agus mura féidir a mheas go réasúnach gur ghlac sé leis, go dtiocfadh athrú sna himthosca.

4. Chun críche mhír 2 agus mhír 3, áirítear binse eadrána faoi bhrí 'cúirt'.

Airteagal 90
Síneadh a chur le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le híocaíocht agus earraí nó ábhar digiteach nár glacadh leo

1. Ach amháin má fhoráiltear a mhalairt, beidh feidhm ag na rialacha maidir leis an gceannaitheoir an praghas a íoc, arna leagan síos i gCaibidil 12, agus oiriúnuithe iomchuí déanta ar íocaíochtaí eile.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 97 agus oiriúnuithe iomchuí déanta maidir le cásanna eile ina bhfágtar earraí nó ábhar digiteach i seilbh duine toisc nár ghlac duine eile leo nuair a bhí ceangal air é sin a dhéanamh.

Caibidil 10 Oibleagáidí an díoltóra

ROINN 1 FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 91
Príomhoibleagáidí an díoltóra

Ní foláir do dhíoltóir na n-earraí nó soláthróir an ábhair dhigitigh (dá ngairtear 'an díoltóir' sa chuid seo):

(a) na hearraí a sheachadadh nó an t-ábhar digiteach a sholáthar;

(b) úinéireacht na n-earraí a aistriú, lena n-áirítear an meán inláimhsithe ar a sholáthraítear an t-ábhar digiteach;

(c) a áirithiú go bhfuil na hearraí nó an t-ábhar digiteach i gcomhréir leis an gconradh;

(d) a áirithiú go bhfuil an ceart ag an gceannaitheoir an t-ábhar digiteach a úsáid i gcomhréir leis an gconradh; agus

(e) na doiciméid a sheachadadh atá in ionannas na n-earraí sin nó a bhaineann leo nó leis an ábhar digiteach, de réir mar a bheidh i gceanglais an chonartha.

Airteagal 92
Comhlíonadh tríú páirtí

1. Féadfaidh díoltóir comhlíonadh a chur de chúram ar dhuine eile, ach amháin má cheanglaítear comhlíonadh pearsanta an díoltóra i dtéarmaí an chonartha.

2. Díoltóir a thugann cúram an chomhlíonta do dhuine eile, leanfaidh sé de bheith freagrach as an gcomhlíonadh.

3. I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú mhír 2 a eisiamh, ná maolú ar a héifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

ROINN 2 SEACHADADH

Airteagal 93
Áit seachadta

1. I gcás nach féidir an áit seachadta a chinneadh ar dhóigh eile is í an áit seachadta:

   (a) áit chónaithe an tomhaltóra tráth a thugtar an conradh i gcrích i gcás conartha díola le tomhaltóirí nó conradh chun ábhar digiteach a sholáthar, ar cianchonradh nó conradh seacháitribh é, nó i gcás gur conradh é ina nglacann an díoltóir ar láimh na hearraí a chur á n-iompar chuig an gceannaitheoir;

   (b) i ngach cás eile,

      (i) an pointe bailithe is cóngaraí don chéad iompróir i gcás ina mbíonn iompróir nó roinnt iompróirí ag iompar earraí mar chuid den chonradh díola;

      (ii) áit ghnó an díoltóra tráth a thugtar an conradh i gcrích i gcás nach bhfuil iompar ina chuid den chonradh.

2. Má tá níos mó ná áit ghnó amháin ag an díoltóir, is é an áit ghnó chun críocha phointe (b) de mhír 1 an áit is mó a bhfuil baint aici leis an oibleagáid seachadta.

Airteagal 94
Modh seachadta

1. Mura gcomhaontaítear a mhalairt, is é an díoltóir a chomhlíonfaidh an oibleagáid seachadta sna cásanna seo a leanas:

   (a) i gcás conartha díola le tomhaltóirí nó conradh chun ábhar digiteach a sholáthar ar cianchonradh nó conradh seacháitribh é nó i gcás gur conradh é ina nglacann an díoltóir ar láimh na hearraí a chur á n-iompar chuig an gceannaitheoir, trí sheilbh nó rialú na n-earraí nó an ábhair dhigitigh a aistriú chuig an tomhaltóir;

   (b) i gcásanna eile ina n-iompraíonn an t-iompróir na hearraí mar chuid den chonradh, trí na hearraí a thabhairt don chéad iompróir le haistriú chuig an gceannaitheoir agus trí aon doiciméad is gá a thabhairt don cheannaitheoir chun go mbeidh sé ar a chumas na hearraí a thógáil ón iompróir a bhfuil na hearraí ina sheilbh aige; nó

   (c) i gcásanna nach dtagann faoi (a) ná (b), trí na hearraí nó an t-ábhar digiteach a chur ar fáil don díoltóir, nó má chomhaontaítear nach gá don díoltóir ach na doiciméid atá in ionannas na n-earraí a sheachadadh, trí na doiciméid a chur ar fáil don díoltóir.

2. I bpointe (a) agus i bpointe (c) de mhír 1, áirítear le haon tagairt don tomhaltóir nó don cheannaitheoir tríú páirtí, seachas an t-iompróir, a luann an tomhaltóir nó an ceannaitheoir i gcomhréir leis an gconradh.

Airteagal 95
Am seachadta

1. Nuair nach féidir an t-am seachadta a chinneadh ar dhóigh eile, ní foláir na hearraí nó an t-ábhar digiteach a sheachadadh gan moill mhíchuí tar éis an conradh a thabhairt i gcrích.

2. I gcás conarthaí idir trádálaí agus tomhaltóir, mura mbeidh a mhalairt comhaontaithe ag na páirtithe, ní foláir don trádálaí na hearraí nó an t-ábhar digiteach a sheachadadh tráth nach déanaí ná 30 lá ón lá ar a dtugtar an conradh i gcrích.

Airteagal 96
Oibleagáidí an díoltóra maidir le hearraí a iompar

1. I gcás ina gceanglaíonn an conradh ar an díoltóir na hearraí a chur á n-iompar, ní foláir don díoltóir na conarthaí is gá a thabhairt i gcrích maidir le hiompar chuig an áit atá socraithe, trí mhodh iompair is iomchuí sna himthosca sin agus i gcomhréir leis na gnáth-théarmaí a bhaineann le hiompar den sórt sin.

2. I gcás ina ndéanann an díoltóir, i gcomhréir leis an gconradh, na hearraí a thabhairt d'iompróir agus nach n-aithnítear na hearraí go soiléir le marcanna orthu, le doiciméid loingseoireachta nó ar shlí eile, mar na hearraí atá le soláthar faoin gconradh, ní foláir don díoltóir fógra a thabhairt don cheannaitheoir faoin gcoinsíneacht ina sonrófar na hearraí.

3. I gcás nach gceanglaíonn an conradh ar an díoltóir árachas a fháil i ndáil le hiompar na n-earraí, ní foláir don díoltóir, ar iarratas ón gceannaitheoir, an fhaisnéis ar fad is gá atá ar fáil a sholáthar don cheannaitheoir chun a chur ar chumas an cheannaitheora an t-árachas sin a fháil.

Airteagal 97
Earraí nó ábhar digiteach nach nglacann an ceannaitheoir leo

1. Maidir le díoltóir a bhfágtar na hearraí nó an t-ábhar digiteach ina sheilbh toisc nár ghlac an ceannaitheoir leis an seachadadh nuair a bhí sé de cheangal air, ní foláir don díoltóir sin bearta réasúnta a dhéanamh chun na hearraí sin a chosaint agus a chaomhnú.

2. Scaoiltear an díoltóir ón oibleagáid seachadta sna cásanna seo a leanas:

   (a) má fhágann an díoltóir na hearraí nó an t-ábhar digiteach le tríú páirtí a choinneoidh iad ar théarmaí réasúnta go dtí go bhfaighidh sé ordú ón gceannaitheoir, agus má thugtar fógra don cheannaitheoir ina leith sin; nó

   (b) má dhíolann an díoltóir na hearraí nó an t-ábhar digiteach ar théarmaí réasúnta tar éis fógra a thabhairt don cheannaitheoir, agus má íocann sé na glanfháltais leis an gceannaitheoir.

3. Tá an díoltóir i dteideal aisíocaíochta nó aon chostais a thabhaítear go réasúnta as an díolachán a choinneáil.

Airteagal 98
An éifeacht atá le riosca a chur ar aghaidh

Is le Caibidil 14 a rialaítear an éifeacht atá ag seachadadh ar an riosca a chur ar aghaidh.

ROINN 3 COMHRÉIREACHT NA nEARRAÍ AGUS AN ÁBHAIR DHIGITIGH

Airteagal 99
Comhréireacht leis an gconradh

1. Chun go mbeidh siad i gcomhréir leis an gconradh, ní foláir do na hearraí nó don ábhar digiteach na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

   (a) méid, cáilíocht agus tuairisc na n-earraí agus an ábhair dhigitigh a bheith ag teacht le ceanglais an chonartha;

   (b) iad a bheith coinnithe nó pacáistithe ar an mbealach a cheanglaítear leis an gconradh; agus

   (c) iad a sholáthar in éineacht le haon ghabhálais, treoracha suiteála nó aon treoracha eile a cheanglaítear leis an gconradh.

2. Chun go mbeidh siad i gcomhréir leis an gconradh, ní foláir do na hearraí nó don ábhar digiteach ceanglais Airteagal 100, Airteagal 101 agus Airteagal 102 a chomhlíonadh, sa mhéid nach mbeidh a mhalairt comhaontaithe ag na páirtithe.

3. I gcás conartha díola le tomhaltóirí, aon chomhaontú ar maolú é ó cheanglais Airteagal 100, Airteagal 102 agus Airteagal 103 chun aimhleasa an tomhaltóra, ní bheidh sé bailí ach amháin má bhí eolas ag an tomhaltóir ar riocht shonrach na n-earraí nó an ábhair dhigitigh tráth a tugadh i gcrích an conradh agus má ghlac sé go raibh na hearraí nó an t-ábhar digiteach i gcomhréir leis an gconradh nuair a tugadh i gcrích é.

4. I gcás conartha díola le tomhaltóirí, ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú mhír 3 a eisiamh ná maolú ar a héifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 100
Critéir maidir le comhréireacht na n-earraí agus an ábhair dhigitigh

Ní foláir na hearraí nó an t-ábhar digiteach:

(a) a bheith oiriúnach chun críche ar leith a cuireadh in iúl don díoltóir tráth a tugadh an conradh i gcrích, ach amháin i gcás inar léir nach raibh an ceannaitheoir ag brath ar scil agus breithiúnas an díoltóra, nó go raibh sé míréasúnta ag an gceannaitheoir bheith ag brath air sin;

(b) a bheith oiriúnach chun críocha a d'úsáidfí earraí nó ábhar digiteach den chineál sin de ghnáth;

(c) cailíochtaí na n-earraí nó an ábhair dhigitigh a thaispeáin an díoltóir don cheannaitheoir mar shampla nó mar shamhail a bheith acu;

(d) a bheith coinnithe nó pacáistithe ar an mbealach is gnách d'earraí dá samhail nó, i gcás nach ann dá leithéid, ar bhealach ar leor é chun na hearraí a chaomhnú agus a chosaint;

(e) a bheith á soláthar lena leithéid de ghabhálais, de threoracha suiteála nó de threoracha eile a mbeadh an ceannaitheoir ag súil go réasúnta lena bhfáil;

(f) na cáilíochtaí agus na hinniúlachtaí comhlíonta a luaitear in aon ráiteas réamhchonarthach, ar cuid é de théarmaí an chonartha de bhua Airteagal 69, a bheith acu; agus

(g) na cáilíochtaí agus na hinniúlachtaí comhlíonta a mbeadh an ceannaitheoir ag súil leo a bheith acu. Nuair a dhéanfar cinneadh maidir leis an méid is féidir leis an tomhaltóir a bheith ag súil le bheith san ábhar digiteach, ní foláir aird a thabhairt ar cé acu a soláthraíodh an t-ábhar digiteach mar mhalairt ar íocaíocht praghais nó nár soláthraíodh.

Airteagal 101
Suiteáil mhícheart faoi chonradh díola le tomhaltóirí

1. I gcás ina ndéantar earraí nó ábhar digiteach arna soláthar faoi chonradh díola le tomhaltóirí a shuiteáil go mícheart, meastar gur neamh-chomhréireacht na n-earraí nó an ábhair dhigitigh aon neamh-chomhréireacht atá mar thoradh ar an tsuiteáil mhícheart sna cásanna seo a leanas:

   (a) más é an díoltóir a rinne na hearraí nó an t-ábhar digiteach a shuiteáil, nó má rinneadh faoina fhreagracht é; nó

   (b) más é an tomhaltóir a bhí ceaptha na hearraí nó an t-ábhar digiteach a shuiteáil agus más easnamh sna treoracha suiteála ba chúis leis an tsuiteáil mhícheart.

2. Ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 102
Cearta nó éilimh tríú páirtí

1. Ní foláir na hearraí bheith saor ó aon cheart agus ní foláir an t-ábhar digiteach bheith saor ó aon cheart nó ó aon éileamh tríú páirtí nach léir gan bunús a bheith leis.

2. Maidir le cearta nó éilimh atá bunaithe ar mhaoin intleachtúil, faoi réir mhír 3 agus mhír 4, ní foláir na hearraí sin bheith saor ó aon cheart agus ní foláir an t-ábhar digiteach bheith saor ó aon cheart nó ó aon éileamh tríú páirtí nach léir gan bunús a bheith leis:

   (a) faoi dhlí an stáit ina n-úsáidfear na hearraí nó an t-ábhar digiteach de réir an chonartha nó, in éagmais comhaontaithe den chineál sin, faoi dhlí an stáit ina

bhfuil gnó an cheannaitheora nó i gcás conarthaí idir trádálaí agus tomhaltóir, an stát ina bhfuil áit chónaithe an tomhaltóra a luann sé tráth a thugtar an conradh i gcrích; agus

(b) a raibh an díoltóir ar an eolas faoi nó a d'fhéadfaí a bheith ag súil é a bheith ar an eolas faoi tráth a tugadh an conradh i gcrích.

3. I gcás conarthaí idir gnóthais, ní bheidh feidhm ag mír 2 i gcás ina raibh an ceannaitheoir ar an eolas, nó i gcás ina bhféadfaí a bheith ag súil é a bheith ar an eolas, faoi na cearta nó na héilimh atá bunaithe ar mhaoin intleachtúil tráth a tugadh an conradh i gcrích.

4. I gcás conarthaí idir trádálaí agus tomhaltóir, ní bheidh feidhm ag mír 2 i gcás ina raibh an tomhaltóir ar an eolas faoi na cearta nó na héilimh atá bunaithe ar mhaoin intleachtúil tráth a tugadh an conradh i gcrích.

5. I gcás conarthaí idir trádálaí agus tomhaltóir, ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh, ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 103
Teorainn le comhréireacht ábhair dhigitigh

Ní mheastar nach bhfuil ábhar digiteach i gcomhréir leis an gconradh de bhrí go bhfuil ábhar digiteach nuashonraithe ar fáil tar éis an conradh a thabhairt i gcrích, agus de bhrí sin amháin.

Airteagal 104
Eolas an cheannaitheora ar easpa comhréireachta i gconradh idir trádálaithe

I gcás conartha idir trádálaithe, níl an díoltóir faoi dhliteanas easpa comhréireachta na n-earraí más rud, tráth a tugadh an conradh i gcrích, go raibh an ceannaitheoir ar an eolas faoin easpa comhréireachta nó nach bhféadfadh sé gan a bheith ar an eolas faoi.

Airteagal 105
Am ábhartha chun comhréireacht a shuíomh

1. Tá an díoltóir faoi dhliteanas aon easpa comhréireachta atá ann tráth a chuirtear an riosca ar aghaidh chuig an gceannaitheoir faoi Chaibidil 14.

2. I gcás conartha díola le tomhaltóirí, glactar leis i gcás aon easpa comhréireachta a thagann chun solais laistigh de shé mhí ón uair a aistrítear an riosca chuig an gceannaitheoir, go raibh an easpa comhréireachta ann an uair sin ach amháin má thagann sé sin salach ar chineál na n-earraí nó an ábhair dhigitigh i gceist nó ar an gcineál easpa comhréireachta.

3. I gcás arna rialú le pointe (a) d'Airteagal 101(1), féadfar aon tagairt i mír 1 nó i mír 2 den Airteagal sin don uair a aistrítear an riosca chuig an gceannaitheoir a léamh mar thagairt don uair atá an tsuiteáil curtha i gcrích. I gcás arna rialú le pointe (b)

d'Airteagal 101(1), féadfar é a léamh mar thagairt don uair a bhí dóthain ama ag an tomhaltóir don tsuiteáil.

4. I gcás inar gá don trádálaí an t-ábhar digiteach a nuashonrú níos déanaí, ní foláir don trádálaí a áirithiú go mbeidh an t-ábhar digiteach i gcomhréir i gcónaí leis an gconradh fad is atá an conradh i bhfeidhm.

5. I gcás conartha idir trádálaí agus tomhaltóir, ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh, ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Caibidil 11 Leigheasanna an cheannaitheora

ROINN 1 FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 106
Forbhreathnú ar leigheasanna an cheannaitheora

1. I gcás nach gcomhlíonann díoltóir oibleagáid, féadfaidh an ceannaitheoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) comhlíonadh, lena n-áirítear sainchomhlíonadh, deisiú nó athsholáthar na n-earraí nó an ábhair dhigitigh a cheangal, faoi Roinn 3 den Chaibidil seo;

   (b) comhlíonadh an cheannaitheora féin a choinneáil siar faoi Roinn 4 den Chaibidil seo;

   (c) an conradh a fhoirceannadh faoi Roinn 5 den Chaibidil seo agus aisíocaíocht aon phraghais a íocadh cheana a éileamh, faoi Chaibidil 17;

   (d) an praghas a laghdú faoi Roinn 6 den Chaibidil seo; agus

   (e) damáistí a éileamh faoi Chaibidil 16.

2. Más trádálaí an ceannaitheoir:

   (a) beidh cearta an cheannaitheora aon leigheas a fheidhmiú, seachas comhlíonadh a choinneáil siar, faoi réir leigheas an díoltóra mar atá leagtha amach i Roinn 2 den Chaibidil seo; agus

   (b) (b) beidh cearta an cheannaitheora i dtaobh bheith ag brath ar easpa comhréireachta faoi réir na gceanglas scrúdúcháin agus na gceanglas um fhógra a thabhairt atá leagtha amach i Roinn 7 den Chaibidil seo.

3. Más tomhaltóir an ceannaitheoir:

   (c) (a) níl cearta an cheannaitheora faoi réir leigheas an díoltóra; agus

(d) (b) ní bheidh feidhm ag na ceanglais scrúdúcháin ná ag na ceanglais um fhógra a thabhairt atá leagtha amach i Roinn 7 den Chaibidil seo.

4. Má scaoiltear le neamh-chomhlíonadh an díoltóra, féadfaidh an ceannaitheoir dul i muinín aon cheann de na leigheasanna dá dtagraítear i mír 1, seachas na leigheasanna sin a cheanglaíonn comhlíonadh agus damáistí.

5. Ní féidir leis an gceannaitheoir dul i muinín aon cheann de na leigheasanna dá dtagraítear i mír 1, sa mhéid gurbh é an ceannaitheoir ba chúis le neamh-chomhlíonadh an díoltóra.

6. Féadfar leigheasanna nach bhfuil comhoiriúnach a chruinniú.

Airteagal 107
Leigheasanna a theorannú i gcás ábhair dhigitigh nár soláthraíodh mar mhalairt ar phraghas a íoc

I gcás nach soláthraítear ábhar digiteach mar mhalairt ar phraghas a íoc, ní fhéadfaidh an ceannaitheoir dul i muinín na leigheasanna dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) d'Airteagal 106(1). Ní fhéadfaidh an ceannaitheoir damáistí a éileamh faoi phointe (e) d'Airteagal 106(1) ach i leith caillteanas nó damáiste a rinneadh do sheilbh an cheannaitheora arbh é easpa comhréireachta an ábhair dhigitigh a soláthraíodh, lena n-áirítear earraí crua, earraí boga agus sonraí, ba chúis leis, seachas i gcás aon ghnóthachan nach bhfuair an ceannaitheoir de dheasca an damáiste sin.

Airteagal 108
Cineál sainordaitheach

I gcás conartha idir trádálaí agus tomhaltóir, ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú na Caibidle seo a eisiamh, ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú, sula gcuirfidh an tomhaltóir an easpa comhréireachta in iúl don trádálaí.

ROINN 2 LEIGHEAS AN DÍOLTÓRA

Airteagal 109
Leigheas an díoltóra

1. Díoltóir a rinne tairiscint an oibleagáid a chomhlíonadh go luath, agus a dtugtar fógra dó nach bhfuil an comhlíonadh i gcomhréir leis an gconradh, féadfaidh sé tairiscint nua atá comhréireach a dhéanamh más féidir sin a dhéanamh laistigh den tréimhse a cheadaítear le haghaidh comhlíonadh.

2. I gcásanna nach bhfuil cumhdaithe faoi mhír 1, féadfaidh díoltóir a rinne tairiscint an oibleagáid a chomhlíonadh ach nach raibh an comhlíonadh i gcomhréir leis an gconradh, tairiscint a dhéanamh é a leigheas ar a chostas féin nuair a fhaigheann sé fógra faoin easpa comhréireachta.

3. Ní chuirfidh fógra faoi fhoirceannadh bac le tairiscint leighis.

4. Ní fhéadfaidh an díoltóir tairiscint leighis a dhiúltú ach sna cásanna seo:

(e) (a) mura féidir an leigheas a chur i bhfeidhm gan mhoill agus gan ciotaí go mór don cheannaitheoir;

(f) (b) má chreideann an ceannaitheoir nach bhféadfaí brath ar chomhlíonadh an díoltóra sa todhchaí; nó

(g) (c) dá mbeadh neamh-chomhlíonadh bunúsach mar thoradh ar mhoill ar an gcomhlíonadh.

5. Beidh tréimhse réasúnta ag an díoltóir an leigheas a chur i bhfeidhm.

6. Féadfaidh an ceannaitheoir comhlíonadh a choinneáil siar agus é ag feitheamh ar leigheas, ach cearta sin an cheannaitheora nach bhfuil ag teacht le tréimhse a thabhairt don díoltóir leigheas a chur i bhfeidhm, cuirtear ar fionraí iad go dtí go bhfuil an tréimhse sin imithe in éag.

7. Beag beann ar an leigheas, coinníonn an ceannaitheoir an ceart damáistí a éileamh de thoradh moille agus de thoradh aon dochair arb é an leigheas is cúis leis nó aon dochair nach dtoirmeascann an leigheas.

ROINN 3 COMHLÍONADH A CHEANGAL

Airteagal 110
Comhlíonadh oibleagáidí an díoltóra a cheangal

1. Tá an ceannaitheoir i dteideal chomhlíonadh oibleagáidí an díoltóra a cheangal.

2. Ar áireamh sa chomhlíonadh a fhéadfar a cheangal, tá leigheas saor is aisce a dhéanamh ar chomhlíonadh nach bhfuil i gcomhréir leis an gconradh.

3. Ní féidir comhlíonadh a cheangal sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina mbeadh comhlíonadh dodhéanta nó ina mbeadh sé neamhdhleathach; nó

(b) i gcás ina mbeadh ualach nó costas an chomhlíonta ar neamhréir leis an sochar a bhainfeadh an ceannaitheoir as.

Airteagal 111
Rogha an tomhaltóra idir deisiú agus athsholáthar

1. Nuair is gá don trádálaí, i gconradh díola le tomhaltóirí, easpa comhréireachta a leigheas faoi Airteagal 110(2), féadfaidh an tomhaltóir rogha a dhéanamh idir deisiú agus athsholáthar ach amháin dá mbeadh rogha amháin acu neamhdhleathach nó dodhéanta nó, i gcomparáid leis an rogha eile atá ar fáil, go gcuirfeadh sé costais dhíréireacha ar an díoltóir, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(a) an luach a bheadh ar na hearraí mura mbeadh aon easpa comhréireachta ann;

(b) tábhacht na heaspa comhréireachta; agus

(c) an bhféadfaí an leigheas malartach a chur i gcrích gan aon mhíchaoithiúlacht shuntasach don tomhaltóir.

2. I gcás ina gceanglaíonn an tomhaltóir an easpa comhréireachta a leigheas trí dheisiú nó athsholáthar de bhun mhír 1, ní fhéadfaidh an tomhaltóir dul i muinín leigheasanna eile ach amháin mura bhfuil an deisiú nó an t-athsholáthar curtha i gcrích ag an trádálaí laistigh de thréimhse réasúnta nach faide ná 30 lá. Mar sin féin, féadfaidh an tomhaltóir comhlíonadh a choinneáil siar le linn an ama sin.

Airteagal 112
An ítim athsholáthraithe a thabhairt ar ais

1. I gcás ina leigheasann an díoltóir an easpa comhréireachta le hathsholáthar, tá sé de cheart agus d'oibleagáid ag an díoltóir an ítim athsholáthraithe a thógáil ar ais ar chostas an díoltóra.

2. Níl an díoltóir faoi dhliteanas íoc as úsáid a bhaintear as an ítim athsholáthraithe sa tréimhse roimh an athsholáthar.

ROINN 4 COMHLÍONADH OIBLEAGÁIDÍ AN DÍOLTÓRA A CHOINNEÁIL SIAR

Airteagal 113
An ceart comhlíonadh a choinneáil siar

1. Tá sé de cheart ag ceannaitheoir a bhfuil oibleagáid le comhlíonadh aige ag an am céanna leis an díoltóir, nó ina dhiaidh, comhlíonadh a choinneáil siar go dtí go ndéanann an díoltóir tairiscint an oibleagáid a chomhlíonadh nó go dtí go bhfuil an oibleagáid comhlíonta ag an díoltóir.

2. Féadfaidh ceannaitheoir a bhfuil oibleagáidí le comhlíonadh aige roimh an díoltóir agus a chreideann le réasún nach gcomhlíonfaidh an díoltóir na hoibleagáidí nuair a bheidh sé in am don chomhlíonadh, féadfaidh sé comhlíonadh a choinneáil siar fad a chreideann sé sin.

3. An comhlíonadh is féidir a choinneáil siar faoin Airteagal seo, is é iomlán nó cuid den chomhlíonadh a mhéid a thugann an neamh-chomhlíonadh údar leis. I gcás ina bhfuil oibleagáidí an díoltóra le comhlíonadh i gcodanna éagsúla, nó gur féidir iad a roinnt ar bhealach eile, ní fhéadfaidh an ceannaitheoir chomhlíonadh a choinneáil siar ach amháin i ndáil leis an gcuid sin nach bhfuil comhlíonta, ach amháin má thugann neamh-chomhlíonadh an díoltóra údar le comhlíonadh iomlán an cheannaitheora a choinneáil siar.

ROINN 5 FOIRCEANNADH

Airteagal 114
Foirceannadh de thoradh neamh-chomhlíonadh

1. Féadfaidh ceannaitheoir an conradh a fhoirceannadh de réir bhrí Airteagal 8 más neamh-chomhlíonadh bunúsach é neamh-chomhlíonadh an díoltóra de réir Airteagal 87(2).

2. I gconradh díola le tomhaltóirí agus i gconradh chun ábhar digiteach a sholáthar idir trádálaí agus tomhaltóir, nuair is ann do neamh-chomhlíonadh toisc nach bhfuil na hearraí i gcomhréir leis an gconradh, féadfaidh an tomhaltóir an conradh a fhoirceannadh ach amháin más neamh-chomhréireacht neamhshuntasach é.

Airteagal 115
Foirceannadh i gcás moille ar sheachadadh tar éis fógra a thabhairt lena socraítear am breise le haghaidh comhlíonadh

1. Féadfaidh ceannaitheoir an conradh a fhoirceannadh i gcás moill ar sheachadadh, nach moill bhunúsach ann féin é má thugann an ceannaitheoir fógra lena socrófar tréimhse bhreise ar tréimhse réasúnta é maidir le comhlíonadh, agus mura gcomhlíonann an díoltóir an conradh sa tréimhse sin.

2. Glactar leis go bhfuil fad réasúnta sa tréimhse bhreise dá dtagraítear i mír 1 mura gcuireann an díoltóir ina coinne gan moill mhíchuí.

3. I gcás ina ndéantar foráil san fhógra an conradh a fhoirceannadh go huathoibríoch mura gcomhlíonann an díoltóir é laistigh den tréimhse arna socrú san fhógra, déanfar an foirceannadh tar éis na tréimhse sin gan a thuilleadh fógra a thabhairt.

Airteagal 116
Foirceannadh de thoradh neamh-chomhlíonadh a bhfuiltear ag súil leis

Féadfaidh ceannaitheoir an conradh a fhoirceannadh sula mbeidh sé in am an conradh a chomhlíonadh má tá fógra tugtha ag an díoltóir, nó más léir ar bhealach eile nach gcomhlíonfar é agus má thugann an neamh-chomhlíonadh údar le foirceannadh.

Airteagal 117
Raon feidhme an chearta chun foirceannadh

1. Nuair atá oibleagáidí an díoltóra faoin gconradh le comhlíonadh i gcodanna ar leith nó nuair is féidir iad a roinnt ar bhealach eile, agus má tá foras le foirceannadh faoin Roinn seo de chuid ar féidir cuid den phraghas a leithdháileadh uirthi, ní fhéadfaidh an díoltóir an foirceannadh a dhéanamh ach i dtaobh na coda sin.

2. Níl feidhm ag mír 1 i gcás nach féidir a bheith ag súil go nglacfaidh an ceannaitheoir le comhlíonadh na gcodanna eile nó má thugann an neamh-chomhlíonadh údar le foirceannadh an chonartha ina iomláine.

3. Nuair nach féidir oibleagáidí an díoltóra faoin gconradh a roinnt nó nuair nach féidir cuid den phraghas a leithdháileadh, ní fhéadfaidh an ceannaitheoir foirceannadh a dhéanamh ach amháin má thugann an neamh-chomhlíonadh údar le foirceannadh an chonartha ina iomláine.

Airteagal 118
Fógra faoi fhoirceannadh

Déantar an ceart chun foirceannadh faoin Roinn seo a fheidhmiú trí fhógra a thabhairt don díoltóir.

Airteagal 119
An ceart chun foirceannadh a chailleadh

1. Cailleann an ceannaitheoir an ceart chun foirceannadh faoin Roinn seo mura dtugtar fógra faoi fhoirceannadh laistigh de thréimhse réasúnta ón uair a bhí an ceart ann an chéad uair, nó ón uair a bhí an ceannaitheoir ar an eolas, nó a d'fhéadfaí a bheith ag súil lena bheith ar an eolas, faoin neamh-chomhlíonadh, cibé ceann acu sin is déanaí.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1:

   (a) nuair is tomhaltóir an ceannaitheoir; nó

   (b) nuair nach ndearnadh tairiscint ar bith ar oibleagáid a chomhlíonadh.

ROINN 6 AN PRAGHAS A LAGHDÚ

Airteagal 120
An ceart chun an praghas a laghdú

1. Féadfaidh ceannaitheoir a ghlacann le chomhlíonadh nach bhfuil i gcomhréir leis an gconradh an praghas a laghdú. Beidh an laghdú i gcomhréir leis an laghdú ar luach an méid a fuarthas sa chomhlíonadh tráth a rinneadh é, i gcomparáid le luach an méid a gheofaí le comhlíonadh comhréireach.

2. Féadfaidh ceannaitheoir atá i dteideal an praghas a laghdú faoi mhír 1 agus a bhfuil suim íoctha aige cheana atá níos mó ná an praghas laghdaithe, féadfaidh sé an farasbarr a fháil ar ais ón díoltóir.

3. I gcás ceannaitheora a laghdaíonn an praghas, ní féidir leis damáistí a fháil i leith an chaillteanais a cúitíodh leis an laghdú, ach beidh sé i dteideal damáistí i leith caillteanais ar bith eile a bheidh ann.

ROINN 7 CEANGLAIS SCRÚDÚCHÁIN AGUS CEANGLAIS UM FHÓGRA A THABHAIRT I gCONRADH IDIR TRÁDÁLAITHE

Airteagal 121
Earraí i gconarthaí idir trádálaithe a scrúdú

1. I gcás conartha idir trádálaithe, táthar ag súil go scrúdóidh an ceannaitheoir na hearraí, nó go gcuirfidh sé socrú a scrúdú iad, laistigh den tréimhse is giorra is féidir, ar tréimhse í nach faide ná 14 lá ón dáta a sheachadtar na hearraí, nó ón dáta a sholáthraítear an t-ábhar digiteach nó seirbhísí gaolmhara.

2. Más cuid den chonradh é na hearraí a iompar, féadfar an scrúdú a chur ar athló go dtí go mbeidh ceann scríbe bainte amach ag na hearraí.

3. Má dhéantar na hearraí a atreorú le linn idirthurais, nó má athsheolann an ceannaitheoir iad sula mbíonn deis réasúnta ag an gceannaitheoir iad a scrúdú, agus má bhí an díoltóir ar an eolas nuair a cuireadh an conradh i gcrích go bhféadfaí na hearraí a atreorú nó a athsheoladh, nó go bhféadfaí a bheith ag súil an díoltóir a bheith ar an eolas go bhféadfadh sé sin titim amach, féadfar an scrúdú a chur ar athló go dtí go mbeidh an ceann scríbe nua bainte amach ag na hearraí.

Airteagal 122
Fógra maidir le heaspa comhréireachta i gconarthaí seirbhíse idir trádálaithe a cheangal

1. I gcás conartha idir trádálaithe, ní fhéadfaidh an ceannaitheoir a bheith ag brath ar easpa comhréireachta mura dtugann an ceannaitheoir fógra don díoltóir laistigh de thréimhse réasúnta ina sonrófar an cineál easpa comhréireachta atá i gceist.

Cuirfear tús leis an tréimhse sin ón uair a sholáthraítear na hearraí nó ón uair a thugann an ceannaitheoir easpa comhréireachta faoi deara, nó ón uair a d'fhéadfaí a bheith ag súil go dtabharfaidh sé faoi deara é, cibé acu is déanaí.

2. Cailleann an ceannaitheoir an ceart chun a bheith ag brath ar easpa comhréireachta mura dtugann an ceannaitheoir fógra don díoltóir maidir leis an easpa comhréireachta laistigh de dhá bhliain ón uair a tugadh na hearraí don cheannaitheoir i gcomhréir leis an gconradh.

3. Má chomhaontaíonn na páirtithe nach mór na hearraí a bheith oiriúnach chun críche áirithe nó chun a ngnáthchríche le linn tréimhse socraithe, ní rachaidh an tréimhse le haghaidh fógra a thabhairt faoi mhír 2 in éag roimh dheireadh na tréimhse comhaontaithe.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir leis na héilimh ná na cearta tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 102.

5. Ní gá don cheannaitheoir fógra a thabhairt don díoltóir nár seachadadh na hearraí ar fad má tá cúis ag an gceannaitheoir a chreidiúint go seachadfar an chuid eile de na hearraí.

6. Níl an díoltóir i dteideal brath ar an Airteagal seo má bhaineann an easpa comhréireachta le fíricí a bhí ar eolas ag an díoltóir, nó a d'fhéadfaí a bheith ag súil iad a bheith ar eolas ag an díoltóir, agus nár nocht sé don cheannaitheoir.

Caibidil 12 Oibleagáidí an cheannaitheora

ROINN 1 FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 123
Príomhoibleagáidí an cheannaitheora

1. Ní foláir don cheannaitheoir:

   (a) an praghas a íoc;

   (b) glacadh le seachadadh na n-earraí nó an ábhair dhigitigh; agus

   (c) glacadh le doiciméid atá in ionannas na n-earraí sin nó a bhaineann leo nó leis an ábhar digiteach, de réir mar a bheidh i gceanglas an chonartha.

2. Ní bheidh feidhm ag pointe (a) de mhír 1 maidir le conarthaí chun ábhar digiteach a sholáthar i gcás nach soláthraítear an t-ábhar digiteach mar mhalairt ar phraghas a íoc.

ROINN 2 AN PRAGHAS A ÍOC

Airteagal 124
Modhanna íocaíochta

1. Déanfar íocaíocht trí bhíthin an mhodha íocaíochta atá luaite i dtéarmaí an chonartha nó, mura luaitear a leithéid, trí mhodh ar bith a úsáidtear sa ghnó de ghnáth ag an áit íoctha, agus an cineál idirbhirt á chur san áireamh.

2. Meastar go nglacann díoltóir le seic nó le hordú íocaíochta eile nó le gealltanas íocaíochta ar choinníoll go n-urramófar iad. Féadfaidh an díoltóir an bhunoibleagáid íocaíochta a fhorghníomhú i gcás nach n-urramaítear an t-ordú nó an gealltanas.

3. Cuirtear bunoibleagáid an cheannaitheora ar ceal má ghlacann an díoltóir le gealltanas íocaíochta ó thríú páirtí a bhfuil socrú déanta ag an díoltóir leis cheana féin glacadh le gealltanas an tríú páirtí mar mhodh íocaíochta.

4. I gcás conartha idir trádálaí agus tomhaltóir, níl an tomhaltóir faoi dhliteanas, i ndáil leis an dóigh a úsáidtear modh áirithe íocaíochta, táillí ar mó iad ná an costas a sheasann an trádálaí as an modh sin a úsáid.

Airteagal 125
Áit íoctha

1. I gcás nach féidir cinneadh a dhéanamh maidir leis an áit íoctha, is í an áit íoctha áit ghnó an díoltóra tráth a thugtar an conradh i gcrích.

2. Má tá níos mó ná áit ghnó amháin ag an díoltóir, is í an áit íoctha áit ghnó an díoltóra a bhfuil an bhaint is mó aici leis an oibleagáid íocaíochta.

Airteagal 126
Am na híocaíochta

1. Beidh íocaíocht an phraghais dlite tráth an tseachadta.

2. Féadfaidh an díoltóir tairiscint íocaíocht a dhéanamh sula mbíonn sé dlite a dhiúltiú má tá leas dlisteanach aige a leithéid a dhéanamh.

Airteagal 127
Íocaíocht tríú páirtí

1. Féadfaidh ceannaitheoir an cúram íocaíochta a thabhairt do dhuine eile. Aon cheannaitheoir a thugann an cúram íocaíochta do dhuine eile, beidh sé freagrach as an íocaíocht i gcónaí.

2. Ní féidir le díoltóir íocaíocht tríú páirtí a dhiúltú sna cásanna seo a leanas:

   (d) (a) má ghníomhaíonn an tríú páirtí le haontú an cheannaitheora; nó

   (e) (b) má tá leas dlisteanach ag an tríú páirtí an íocaíocht a dhéanamh agus má mhainníonn an ceannaitheoir an íocaíocht a dhéanamh, nó má tá sé soiléir nach n-íocfaidh an ceannaitheoir tráth a bheidh an íocaíocht dlite.

3. Má dhéanann tríú páirtí íocaíocht i gcomhréir le mír 1 nó mír 2, scaoiltear an ceannaitheoir ó dhliteanas don díoltóir.

4. I gcás ina nglacann an díoltóir le híocaíocht ó thríú páirtí in imthosca nach bhfuil cumhdaithe ag mír 1 agus mír 2, scaoiltear an ceannaitheoir ó dhliteanas don díoltóir, ach tá an díoltóir faoi dhliteanas i leith ceannaitheora maidir le haon chaillteanas atá mar thoradh ar an íocaíocht sin a ghlacadh.

Airteagal 128
Íocaíocht a chur i leith oibleagáide

1. I gcás ina mbíonn ar cheannaitheoir roinnt íocaíochtaí a dhéanamh leis an díoltóir, agus nach leor an íocaíocht a dhéantar chun iad ar fad a chumhdach, féadfaidh an ceannaitheoir fógra a thabhairt don díoltóir, tráth na híocaíochta, maidir le cé acu oibleagáid a bhfuil an íocaíocht le cur ina leith.

2. Mura dtugann an ceannaitheoir fógra faoi mhír 1, féadfaidh an díoltóir, trí fhógra a thabhairt don cheannaitheoir laistigh de thréimhse réasúnta, an íocaíocht a chur i leith ceann de na hoibleagáidí.

3. Ní bheidh éifeacht ag íocaíocht faoi mhír 2 má dhéantar é a chur i leith oibleagáid nach bhfuil le comhlíonadh fós nó a bhfuil agóid fúithi.

4. Mura gcuireann ceachtar den dá pháirtí íocaíocht éifeachtach i leith oibleagáide, déanfar í a chur i leith na hoibleagáide sin a chomhlíonann ceann amháin de na critéir seo a leanas san ord atá luaite:

   (a) an oibleagáid atá le comhlíonadh nó an chéad oibleagáid a bheidh le comhlíonadh;

   (b) an oibleagáid a mbaineann an t-urrús is lú léi, nó nach bhfuil aon urrús ag baint léi;

   (c) an oibleagáid is mó ualach ar an gceannaitheoir;

   (d) an chéad oibleagáid a tháinig chun cinn.

   Mura bhfuil feidhm ag aon cheann de na critéir sin, déanfar an íocaíocht a chur go comhréireach i leith na n-oibleagáidí ar fad.

5. Faoi mhír 2, mír 3 agus mír 4, ní fhéadfar an íocaíocht a chur i leith oibleagáid nach féidir a fhorghníomhú de dheasca rúraidh ach amháin murab ann d'aon oibleagáid eile a bhféadfaí an íocaíocht a leithdháileadh uirthi, i gcomhréir leis na míreanna sin.

6. Maidir le hoibleagáid ar leith, beidh íocaíocht ón gceannaitheoir le cur i leith na hoibleagáide sin maidir le costais ar an gcéad dul síos, ar ús ar an dara dul síos, agus ar phrionsabal ar an tríú dul síos, ach amháin má dhéanann an díoltóir leithdháileadh difriúil.

ROINN 3 GLACADH LE SEACHADADH

Airteagal 129
Glacadh le seachadadh

Is mar seo a leanas a chomhlíonann an ceannaitheoir an oibleagáid i dtaobh glacadh le seachadadh:

(a) trí na gníomhaíochtaí ar fad a dhéanamh a d'fhéadfaí a bheith ag súil leo chun go mbeidh ar chumas an díoltóra an oibleagáid seachadta a chomhlíonadh; agus

(b) glacadh leis na hearraí, nó na doiciméid atá in ionannas na n-earraí sin nó a bhaineann leo nó leis an ábhar digiteach, de réir mar a bheidh i gceanglais an chonartha.

Airteagal 130
Seachadadh luath agus an chainníocht mhícheart a sheachadadh

1. Má sheachadann an díoltóir na hearraí nó má sholáthraíonn sé an t-ábhar digiteach roimh an am atá socraithe, ní foláir don cheannaitheoir glacadh leis an seachadadh ach amháin más le leas dlisteanach an cheannaitheora diúltú leis.

2. Má sheachadann an díoltóir cainníocht níos lú earraí nó ábhair dhigitigh ná mar a fhoráiltear sa chonradh, ní foláir don cheannaitheoir glacadh leis an seachadadh ach amháin má tá leas dlisteanach ag an gceannaitheoir diúltú glacadh leis.

3. Má sheachadann an díoltóir cainníocht níos mó earraí nó abhair dhigitigh ná mar a fhoráiltear sa chonradh, féadfaidh an ceannaitheoir an farasbarr a choinneáil nó a dhiúltú.

4. Má choinníonn an ceannaitheoir an farasbarr, glactar leis gur soláthraíodh é faoin gconradh agus ní foláir íoc as ag an ráta conarthach.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 4 i gconradh díola le tomhaltóirí má tá cúis réasúnta ag an gceannaitheoir le creidiúint gur sheachaid an díoltóir an farasbarr d'aon ghnó agus nár bhotún é, agus go raibh fhios aige nár ordaíodh é.

6. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le conarthaí chun ábhar digiteach a sholáthar i gcás nach soláthraítear an t-ábhar digiteach mar mhalairt ar phraghas a íoc.

Caibidil 13 Leigheasanna an díoltóra

ROINN 1 FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 131
Forbhreathnú ar leigheasanna an díoltóra

1. I gcás nach gcomhlíonann ceannaitheoir oibleagáid, féadfaidh an díoltóir an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) comhlíonadh a cheangal faoi Roinn 2 den Chaibidil seo;

   (b) comhlíonadh an díoltóra féin a choinneáil siar faoi Roinn 3 den Chaibidil seo;

   (c) an conradh a fhoirceannadh faoi Roinn 4 den Chaibidil seo; agus

   (d) ús a éileamh ar an bpraghas nó ar na damáistí faoi Chaibidil 16.

2. Má scaoiltear le neamh-chomhlíonadh an cheannaitheora, féadfaidh an díoltóir dul i muinín aon cheann de na leigheasanna dá dtagraítear i mír 1, seachas na leigheasanna sin a cheanglaíonn comhlíonadh agus damáistí.

3. Ní fhéadfaidh an ceannaitheoir dul i muinín aon cheann de na leigheasanna dá dtagraítear i mír 1, sa mhéid gurbh é an díoltóir ba chúis le neamh-chomhlíonadh an cheannaitheora.

4. Féadfar leigheasanna nach bhfuil neamhréititheach a chruinniú.

ROINN 2 COMHLÍONADH A CHEANGAL

Airteagal 132
Comhlíonadh oibleagáidí an díoltóra a cheangal

1. Tá an díoltóir i dteideal íocaíocht an phraghais a fháil arais nuair atá sé dlite, agus comhlíonadh aon oibleagáide eile arna gabháil air féin ag an gceannaitheoir a cheangal.

2. I gcás nach bhfuil glactha ag an gceannaitheoir leis na hearraí nó leis an ábhar digiteach agus inar léir nach mbeidh an ceannaitheoir sásta glacadh le comhlíonadh, féadfaidh an díoltóir a cheangal ar an gceannaitheoir, mar sin féin, glacadh leis an seachadadh agus féadfaidh sé an praghas a aisghabháil, ach amháin i gcás ina bhféadfadh an díoltóir idirbheart ionadach réasúnta a dhéanamh gan iarracht shuntasach nó costas suntasach.

ROINN 3 COMHLÍONADH OIBLEAGÁIDÍ AN DÍOLTÓRA A CHOINNEÁIL SIAR

Airteagal 133
An ceart comhlíonadh a choinneáil siar

1. Aon díoltóir a bhfuil oibleagáidí le comhlíonadh aige ag an am céanna leis an gceannaitheoir, nó ina dhiaidh, tá sé de cheart aige comhlíonadh a choinneáil siar go dtí go ndéanann an ceannaitheoir tairiscint an oibleagáid a chomhlíonadh nó go dtí go mbeidh na hoibleagáidí comhlíonta ag an gceannaitheoir.

2. Féadfaidh díoltóir a bhfuil oibleagáidí le comhlíonadh aige roimh an gceannaitheoir agus a chreideann le réasún nach gcomhlíonfaidh an ceannaitheoir na hoibleagáidí nuair a bheidh sé in am don chomhlíonadh, féadfaidh sé comhlíonadh a choinneáil siar fad a chreideann sé sin. Mar sin féin, cailltear an ceart comhlíonadh a choinneáil siar má thugann an ceannaitheoir dearbhú leordhóthanach maidir leis an gcomhlíonadh atá le déanamh nó má sholáthraíonn sé urrús leordhóthanach.

3. An comhlíonadh is féidir a choinneáil siar faoin Airteagal seo, is é iomlán nó cuid den chomhlíonadh a mhéid a thugann an neamh-chomhlíonadh údar leis. I gcás ina bhfuil oibleagáidí an cheannaitheora le comhlíonadh ina gcodanna ar leith, nó inar féidir iad a roinnt ar bhealach eile, ní fhéadfaidh an díoltóir comhlíonadh a choinneáil siar ach amháin i ndáil leis an gcuid sin nach bhfuil comhlíonta, ach amháin má thugann neamh-chomhlíonadh an cheannaitheora údar le neamh-chomhlíonadh iomlán an díoltóra a choinneáil siar.

ROINN 4 FOIRCEANNADH

Airteagal 134
Foirceannadh de thoradh neamh-chomhlíonadh bunúsach

Féadfaidh díoltóir an conradh a fhoirceannadh de réir Airteagal 8 más neamh-chomhlíonadh bunúsach é neamh-chomhlíonadh an cheannaitheora de réir bhrí Airteagal 87(2).

Airteagal 135
Foirceannadh i gcás moille tar éis fógra a thabhairt lena socraítear am breise le haghaidh comhlíonadh

1. Féadfaidh díoltóir an conradh a fhoirceannadh i gcás moill ar chomhlíonadh, nach moill bhunúsach ann féin é má thugann an díoltóir fógra lena socrófar tréimhse bhreise ar tréimhse réasúnta é maidir le comhlíonadh, agus mura gcomhlíonann an ceannaitheoir an conradh sa tréimhse sin.

2. Glactar leis go bhfuil an tréimhse fada a dóthain mura gcuireann an ceannaitheoir ina coinne gan moill mhíchuí. I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir, ní thiocfaidh deireadh leis an am breise le haghaidh comhlíonadh roimh dheireadh na tréimhse 30 lá dá dtagraítear in Airteagal 167(2).

3. I gcás ina ndéantar foráil san fhógra an conradh a fhoirceannadh go huathoibríoch mura gcomhlíonann an ceannaitheoir é laistigh den tréimhse arna socrú san fhógra, déanfar an foirceannadh tar éis na tréimhse sin gan a thuilleadh fógra a thabhairt.

4. I gcás conartha díola le tomhaltóirí, ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh ná maolú ar a héifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 136
Foirceannadh de thoradh neamh-chomhlíonadh a bhfuiltear ag súil leis

Féadfaidh díoltóir an conradh a fhoirceannadh sula mbeidh sé in am an conradh a chomhlíonadh má tá fógra tugtha ag an gceannaitheoir, nó más léir, ar bhealach eile. nach gcomhlíonfar é agus gur neamh-chomhlíonadh bunúsach a bheadh ann.

Airteagal 137
Raon feidhme an chearta chun foirceannadh

1. Nuair atá oibleagáidí an díoltóra faoin gconradh le comhlíonadh ina gcodanna ar leith nó nuair is féidir iad a roinnt ar bhealach eile, agus má tá foras le foirceannadh faoin Roinn seo a dhéanamh ar chuid a fhreagraíonn do chuid inroinnte d'oibleagáidí an díoltóra, ní fhéadfaidh an díoltóir an foirceannadh a dhéanamh ach i dtaobh na coda sin.

2. Níl feidhm ag mír 1 más neamh-chomhlíonadh bunúsach atá ann i ndáil leis an gconradh ina iomláine.

3. I gcás nach bhfuil oibleagáidí an cheannaitheora faoin gconradh le comhlíonadh ina gcodanna ar leith, ní fhéadfaidh an díoltóir foirceannadh a dhéanamh ach amháin más neamh-chomhlíonadh bunúsach atá ann maidir leis an gconradh ina iomláine.

Airteagal 138
Fógra faoi fhoirceannadh

Déantar an ceart chun conradh a fhoirceannadh faoin Roinn seo a fheidhmiú trí fhógra a thabhairt don cheannaitheoir.

Airteagal 139
An ceart chun foirceannadh a chailleadh

1. I gcás ina ndéantar tairiscint ar an oibleagáid a chomhlíonadh go déanach, nó i gcás nach bhfuil an tairiscint an oibleagáid a chomhlíonadh i gcomhréir leis an gconradh, cailleann an díoltóir an ceart chun foirceannadh faoin Roinn seo ach amháin má thugtar fógra faoi fhoirceannadh laistigh de thréimhse réasúnta ón uair a bheidh an díoltóir ar an eolas, nó a d'fhéadfaí a bheith ag súil lena bheith ar an eolas, faoin tairiscint nó faoin easpa comhréireachta.

2. Cailleann díoltóir an ceart chun foirceannadh le fógra faoi Airteagal 136 ach amháin má thugann an díoltóir fógra faoi fhoirceannadh laistigh de thréimhse réasúnta ón uair a éiríonn an ceart.

3. I gcás nach n-íocann an ceannaitheoir an praghas nó i gcás nach bhfuil sé tar éis an conradh a chomhlíonadh ar bhealach bunúsach eile, coinníonn an díoltóir an ceart chun foirceannadh.

Caibidil 14 An riosca a chur ar aghaidh

ROINN 1 FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 140
An éifeacht atá le riosca a chur ar aghaidh

Ní hionann na hearraí nó an t-ábhar digiteach a chailleadh nó damáiste a dhéanamh dóibh tar éis an riosca a chur ar aghaidh chuig an gceannaitheoir agus an ceannaitheoir a scaoileadh ón oibleagáid maidir leis an bpraghas a íoc, ach amháin más toradh é an caillteanas nó an damáiste ar ghníomh nó neamhghníomh de chuid an díoltóra.

Airteagal 141
Earraí nó ábhar digiteach atá le haithint don chonradh

Ní chuirfear an riosca ar aghaidh chuig an gceannaitheoir go dtí go n-aithneofar na hearraí nó an t-ábhar digiteach go soiléir mar na hearraí nó an t-ábhar digiteach atá le soláthar faoin gconradh, cibé acu leis an mbun-chomhaontú, leis an bhfógra a thugtar don cheannaitheoir nó ar bhealach eile a dhéanfar é.

ROINN 2 RIOSCA A CHUR AR AGAHDIH I gCONARTHAÍ DÍOLA LE TOMHALTÓIRÍ

Airteagal 142
Riosca a chur ar aghaidh i gconarthaí díola le tomhaltóirí

1. I gconradh díola le tomhaltóirí, cuirtear an riosca ar aghaidh tráth a fhaigheann an tomhaltóir nó tríú páirtí arna ainmniú ag an tomhaltóir, seachas an t-iompróir, seilbh ar na hearraí nó ar an meán inláimhsithe ar a soláthraítear an t-ábhar digiteach.

2. I gcás conartha chun ábhar digiteach nach soláthraítear ar mheán inláimhsithe a sholáthar, cuirtear an riosca ar aghaidh tráth a bheidh an t-ábhar digiteach faoi rialú an tomhaltóra nó an tríú páirtí arna ainmniú ag an tomhaltóir chun na críche sin.

3. Ach amháin más cianchonradh nó conradh seacháitribh an conradh, ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 i gcás nach gcomhlíonann an tomhaltóir an oibleagáid maidir le glacadh leis na hearraí nó leis an ábhar digiteach agus i gcás nach scaoiltear leis an neamh-chomhlíonadh faoi Airteagal 88. Sa chás sin, chuirtear an riosca ar aghaidh tráth a bheadh na hearraí ina seilbh ag an tomhaltóir, nó ag an tríú páirtí arna ainmniú ag an tomhaltóir, nó tráth a bheadh an t-ábhar digiteach faoina rialú acu, dá mbeadh an oibleagáid maidir le glacadh leo comhlíonta.

4. I gcás ina ndéanann an tomhaltóir na hearraí a chur á n-iompar nó an ábhar digiteach a sholáthraítear ar mheán inláimhsithe a chur á iompar agus nach dtairgeann an trádálaí an rogha sin, cuirtear an riosca ar aghaidh tráth a thugtar don iompróir na hearraí nó an t-ábhar digiteach a sholáthraítear ar mheán inláimhsithe, gan dochar do chearta an tomhaltóra i gcoinne an iompróra.

5. Ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

ROINN 3 AN RIOSCA A CHUR AR AGHAIDH I gCÁS CONARTHAÍ IDIR TRÁDÁLAITHE

Airteagal 143
An uair a chuirtear an riosca ar aghaidh

1. I gcás conartha idir trádálaithe, cuirtear an riosca ar aghaidh tráth a ghlacann an ceannaitheoir le seachadadh na n-earraí nó an ábhair dhigitigh nó na doiciméad atá in ionannas na n-earraí sin.

2. Tá mír 1 faoi réir Airteagal 144, Airteagal 145 agus Airteagal 146.

Airteagal 144
Earraí a chuirtear ar fáil don cheannaitheoir

1. Má chuirtear na hearraí nó an t-ábhar digiteach ar fáil don cheannaitheoir agus má tá an ceannaitheoir ar an eolas faoi, cuirtear an riosca ar aghaidh chuig an gceannaitheoir tráth ba cheart bheith glactha leis na hearraí nó leis an ábhar digiteach, ach amháin má bhí an ceannaitheoir i dteideal glacadh le seachadadh a choinneáil siar de bhun Airteagal 113.

2. Má chuirtear na hearraí nó an t-ábhar digiteach ar fáil don cheannaitheoir in áit éigin seachas áit ghnó an díoltóra, cuirtear an riosca ar aghaidh tráth atá an seachadadh le teacht, agus tá an ceannaitheoir ar an eolas go bhfuil na hearraí nó an t-ábhar digiteach á gcur ar fáil don cheannaitheoir ag an áit sin.

Airteagal 145
Na hearraí a iompar

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le conradh díolacháin a bhaineann le hearraí a iompar.

2. Mura bhfuil sé de cheangal ar an díoltóir na hearraí a thabhairt ar aghaidh ag áit áirithe, cuirtear an riosca ar aghaidh chuig an gceannaitheoir tráth a thugtar na hearraí don chéad iompróir chun iad a chur ar aghaidh chuig an gceannaitheoir i gcomhréir leis an gconradh.

3. Má tá sé de cheangal ar an díoltóir na hearraí a thabhairt ar aghaidh chuig iompróir ag áit áirithe, ní chuirfear an riosca ar aghaidh chuig an gceannaitheoir go dtí go dtabharfar na hearraí don iompróir ag an áit sin.

4. Cé go bhfuil an díoltóir údaraithe na doiciméid a rialaíonn cineál na n-earraí a choinneáil, ní dhéanann sé sin difear don riosca a chur ar aghaidh.

Airteagal 146

Earraí a dhíoltar le linn idirthurais

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le conradh díolacháin a bhaineann le hearraí a dhíoltar le linn idirthurais.

2. Cuirtear an riosca ar aghaidh chuig an gceannaitheoir tráth a thugtar na hearraí don chéad iompróir. Mar sin féin, in himthosca áirithe, cuirtear an riosca ar aghaidh chuig an gceannaitheoir tráth a thugtar an conradh i gcrích.

3. Más amhlaidh atá a fhios ag an díoltóir tráth a tugadh an conradh i gcrích, nó dá bhféadfaí a bheith ag súil go mbeadh a fhios aige, gur cailleadh na hearraí nó go ndearnadh damáiste dóibh agus mura nocht sé an méid sin don cheannaitheoir, is faoi riosca an díoltóra atá an caillteanas nó an damáiste.

Cuid V Oibleagáidí agus leigheasanna na bpáirtithe maidir le conradh seirbhíse gaolmhaire

Caibidil 15 Oibleagáidí agus leigheasanna na bpáirtithe

ROINN 1 RIALACHA ÁIRITHE GINEARÁLTA A CHUR I bhFEIDHM AR CHONARTHAÍ DÍOLA

Airteagal 147
Rialacha áirithe ginearálta a chur i bhfeidhm ar chonarthaí díola

1. Beidh feidhm ag na rialacha i gCaibidil 9 chun críocha na Coda seo.

2. I gcás ina ndéantar conradh díola nó conradh chun ábhar digiteach a sholáthar a fhoirceannadh, déantar aon chonradh seirbhíse gaolmhaire a fhoirceannadh freisin.

ROINN 2 OIBLEAGÁIDÍ AN tSOLÁTHRÓRA SEIRBHÍSE

Airteagal 148
An oibleagáid toradh a bhaint amach agus an oibleagáid cúraim agus scile

1. Ní foláir don soláthróir seirbhíse aon toradh sonrach a cheanglaítear leis an gconradh a bhaint amach.

2. In éagmais aon oibleagáide conarthaí sonraí nó intuigthe maidir le toradh sonrach a bhaint amach, ní foláir don soláthróir seirbhíse an tseirbhís ghaolmhar a chomhlíonadh leis an gcúram agus an scil lena ndéanfadh soláthróir seirbhíse réasúnta é, agus i gcomhréir le haon rialacha dlíthiúla reachtacha nó ceangailteacha is infheidhme maidir leis an tseirbhís ghaolmhar.

3. Agus an cúram agus an scil réasúnta a theastaíonn ón soláthróir seirbhíse á chinneadh, ní foláir féachaint do na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

   (a) cineál, méid, minicíocht agus intuarthacht na rioscaí a bhaineann le comhlíonadh na seirbhíse gaolmhaire don chustaiméir;

   (b) i gcás damáiste a bheith déanta, costais aon réamhchúraimí a bheadh tar éis an damáiste sin nó damáiste dá samhail a chosc; agus

   (c) an méid ama atá ar fáil chun an tseirbhís ghaolmhar a chomhlíonadh.

4. I gcás conartha idir trádálaí agus tomhaltóir, nuair is cuid den tseirbhís ghaolmhar suiteáil na n-earraí ní foláir na hearraí arna suiteáil a bheith i gcomhréir leis an gconradh faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 101.

5. I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú mhír 2 a eisiamh, ná maolú ar a héifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 149
Oibleagáid damáiste a chosc

Ní foláir don soláthróir seirbhíse réamhchúraimí réasúnta a ghlacadh chun aon damáiste do na hearraí nó don ábhar digiteach a chosc, nó aon ghortú fisiciúil nó aon chaillteanas nó damáiste eile a chosc le linn chomhlíonadh na seirbhíse gaolmhaire nó mar thoradh ar an gcomhlíonadh sin.

Airteagal 150
Comhlíonadh tríú páirtí

1. Féadfaidh soláthróir seirbhíse comhlíonadh a chur de chúram ar dhuine eile, ach amháin má cheanglaítear comhlíonadh pearsanta an tsoláthróra seirbhíse.

2. Soláthróir seirbhíse a thugann cúram an chomhlíonta do dhuine eile, leanfaidh sé de bheith freagrach as an gcomhlíonadh.

3. I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú mhír 2 a eisiamh, ná maolú ar a héifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Airteagal 151
Oibleagáid sonrasc a sholáthar

I gcás ina bhfuil praghas ar leith iníoctha i leith na seirbhíse gaolmhaire agus nach cnapshuim arna comhaontú tráth a tugadh i gcrích an chonartha an praghas, ní foláir don soláthróir seirbhíse sonrasc a sholáthar don chustaiméir ina míneofar, ar bhealach soiléir intuigthe, an chaoi a ríomhadh an praghas.

Airteagal 152
An oibleagáid rabhadh a thabhairt maidir le costas gan choinne nó costas neamheacnamaíoch

1. Sna cásanna seo a leanas, ní foláir don soláthróir seirbhíse rabhadh a thabhairt don chustaiméir agus toiliú an chustaiméara a fháil le leanúint ar aghaidh:

   (a) i gcás ina mbeadh costas na seirbhíse gaolmhaire níos mó ná an costas a luaigh an soláthróir seirbhíse don chustaiméir roimhe sin; nó

   (b) i gcás ina mbeadh an tseirbhís ghaolmhar níos costasaí ná luach na n-earraí nó an ábhair dhigitigh tar éis an tseirbhís ghaolmhar a sholáthar, a mhéid go bhfuil an méid sin ar eolas ag an soláthróir seirbhíse.

2. Aon soláthróir seirbhíse nach bhfaigheann toiliú an chustaiméara i gcomhréir le mír 1, níl sé i dteideal praghas níos mó nó an costas a luadh cheana nó, de reir an cháis, praghas níos mó ná luach na n-earraí nó an ábhair dhigitigh tar éis an tseirbhís ghaolmhar a sholáthar.

ROINN 3 OIBLEAGÁIDÍ AN CHUSTAIMÉARA

Airteagal 153
An praghas a íoc

1. Ní foláir don chustaiméir aon phraghas a íoc is iníoctha as an tseirbhís ghaolmhar i gcomhréir leis an gconradh.

2. Beidh an praghas iníoctha nuair a chuirfear an tseirbhís ghaolmhar i gcrích agus nuair a chuirfear cuspóir na seirbhíse gaolmhaire ar fáil don chustaiméir.

Airteagal 154
Rochtain a sholáthar

Nuair is gá don soláthróir seirbhíse rochtain a fháil ar áitribh an chustaiméara chun an tseirbhís ghaolmhar a chomhlíonadh, ní foláir don chustaiméir an rochtain sin a sholáthar ag tráthanna réasúnta.

ROINN 4 LEIGHEASANNA

Airteagal 155
Leigheasanna an chustaiméara

1. I gcás nach gcomhlíonann soláthróir seirbhíse oibleagáid, tá na leigheasanna céanna ag an gcustaiméir, maille leis na hoiriúnuithe atá leagtha amach san Airteagal seo, dá bhforáiltear don cheannaitheoir i gCaibidil 11, eadhon:

   (a) comhlíonadh sonrach a cheangal;

   (b) comhlíonadh an chustaiméara féin a choinneáil siar;

   (c) an conradh a fhoirceannadh;

   (d) an praghas a laghdú; agus

   (e) damáistí a éileamh.

2. Gan dochar do mhír 3, tá leigheasanna an chustaiméara faoi réir cheart chun leigheas an tsoláthróra seirbhíse, is cuma cé acu tomhaltóir an custaiméir nó nach ea.

3. I gcás suiteála míchirte faoi chonradh díola le tomhaltóirí dá dtagraítear in Airteagal 101, níl leigheasanna an chustaiméara faoi réir cheart chun leigheas an tsoláthróra seirbhíse.

4. Más tomhaltóir an custaiméir tá sé de cheart aige an conradh a fhoirceannadh de thoradh aon neamh-chomhréireachta sa tseirbhís ghaolmhar arna soláthar ach amháin i gcás inar neamh-chomhréireacht neamhshuntasach é.

5. Beidh feidhm ag Caibidil 11 agus na hoiriúnuithe is gá déanta uirthi, go háirithe:

(a) maidir le ceart chun leigheas an tsoláthróra seirbhíse, níor cheart an tréimhse réasúnta faoi Airteagal 109(5) bheith níos faide ná 30 lá i gcás conarthaí idir trádálaí agus tomhaltóir;

(b) maidir le comhlíonadh neamh-chomhréireach a leigheas, ní bheidh feidhm ag Airteagal 111 ná ag Airteagal 112; agus

(c) beidh feidhm ag Airteagal 156 seachas ag Airteagal 122.

Airteagal 156

Fógra maidir le heaspa comhréireachta i gconarthaí seirbhíse gaolmhaire idir trádálaithe a cheangal

1. I gcás conartha seirbhíse idir trádálaithe, ní fhéadfaidh an custaiméir easpa comhréireachta a éileamh mura dtugann an custaiméir fógra don soláthróir seirbhíse laistigh de thréimhse réasúnta ina sonrófar an cineál easpa comhréireachta.

2. Cuirfear tús leis an tréimhse ón uair a chuirtear an tseirbhís ghaolmhar i gcrích nó ón uair a thugann an custaiméir easpa comhréireachta faoi deara, nó ón uair atáthar ag súil go dtabharfaidh sé faoi deara é, cibé acu is déanaí.

3. Níl an soláthróir seirbhíse i dteideal dul i muinín an Airteagail seo má bhaineann an easpa comhréireachta le fíricí a bhí ar eolas ag an soláthróir seirbhíse, nó a d'fhéadfaí a bheith ag súil iad a bheith ar eolas aige, agus nár nocht sé don chustaiméir.

Airteagal 157

Leigheasanna an tsoláthróra seirbhíse

4. I gcás nach gcomhlíonann an custaiméir a oibleagáidí, tá na leigheasanna céanna ag an soláthróir seirbhíse, maille leis na hoiriúnuithe atá leagtha amach i mír 2, dá bhforáiltear don díoltóir i gCaibidil 13, eadhon:

(a) comhlíonadh a cheangal;

(b) comhlíonadh an tsoláthróra seirbhíse féin a choinneáil siar;

(c) an conradh a fhoirceannadh; agus

(d) ús a éileamh ar an bpraghas nó ar na damáistí.

5. Beidh feidhm ag Caibidil 13 leis na hoiriúnuithe is gá. Go háirithe, beidh feidhm ag Airteagal 158 seachas ag Airteagal 132(2);

Airteagal 158

Ceart an chustaiméara comhlíonadh a dhiúltú

1. Féadfaidh an custaiméir fógra a thabhairt don soláthróir seirbhíse am ar bith nach bhfuil gá le comhlíonadh an seirbhíse gaolmhaire nó nach bhfuil gá le tuilleadh comhlíonta di.

2. I gcás ina dtugtar fógra faoi mhír 1:

   (a) ní bheidh sé de cheart ag an soláthróir seirbhíse ná d'oibleagáid air an tseirbhís a sholáthar a thuilleadh; agus

   (b) beidh an custaiméir, mura bhfuil aon fhoras le foirceannadh in aon fhoráil eile, faoi dhliteanas an praghas a íoc lúide na costais a spáráil an soláthróir seirbhíse, nó a d'fhéadfaí a bheith ag súil a spáráil sé, toisc nár cuireadh an comhlíonadh i gcrích.

3. I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh, ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Cuid VI Damáistí agus ús

Caibidil 16 Damáistí agus ús

ROINN 1 DAMÁISTÍ

Airteagal 159
Ceart chun damáistí

1. Tá an creidiúnaí i dteideal damáistí de dheasca caillteanas atá mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh oibleagáide an fhéichiúnaí, ach amháin má scaoiltear leis an neamh-chomhlíonadh.

2. Áirítear leis an gcaillteanas ar féidir damáistí a aisghabháil ina leith, caillteanas todhchaí a bhféadfadh an féichiúnaí a bheith ag súil leis.

Airteagal 160
Tomhas ginearálta ar dhamáistí

Nuair a dhéanfar tomhas ginearálta ar dhamáistí de dheasca caillteanais atá mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh oibleagáidí, is leor an tsuim sin chun go mbeidh an creidiúnaí sa staid chéanna is a bheadh sé dá mbeadh an oibleagáid comhlíonta go cuí nó, nuair nach bhfuil an méid sin indéanta, go mbeidh sé sa staid nach mór chéanna. Cumhdaíonn na damáistí sin caillteanas a bhain don chreidiúnaí agus gnóthachan nach bhfuair an creidiúnaí.

Airteagal 161
Intuarthacht caillteanais

Níl an féichiúnaí faoi dhliteanas caillteanais ach amháin an caillteanas sin a thuar an féichiúnaí, nó a d'fhéadfaí a bheith ag súil gur thuar sé, tráth a tugadh an conradh i gcrích ar caillteanas mar thoradh ar an neamh-chomhlíonadh é.

Airteagal 162
Caillteanas is inchurtha i leith an chreidiúnaí

Níl an féichiúnaí faoi dhliteanas aon chaillteanais a bhain don chreidiúnaí sa mhéid gur chuir an creidiúnaí leis an neamh-chomhlíonadh nó lena éifeachtaí.

Airteagal 163
Caillteanas a laghdú

1. Níl an féichiúnaí faoi dhliteanas aon chaillteanais a bhain don chreidiúnaí sa mhéid go bhféadfadh an creidiúnaí an caillteanas a laghdú trí bhearta réasúnta a dhéanamh.

2. Tá an creidiúnaí i dteideal aon chostas a aisghabháil a tabhaíodh go réasúnta agus iarracht á déanamh an caillteanas a laghdú.

Airteagal 164
Idirbheart ionadach

I gcás creidiúnaí a rinne conradh a fhoirceannadh ina iomláine nó i bpáirt, agus a bhfuil idirbheart ionadach déanta aige laistigh de thréimhse réasúnta agus ar bhealach réasúnta, féadfaidh sé, a mhéid atá sé i dteideal damáistí, an difríocht idir luach an méid a bheadh iníoctha faoin gconradh foirceanta agus luach an méid is iníoctha faoin idirbheart ionadach a aisghabháil, mar aon le damáistí i dtaobh aon chaillteanais eile.

Airteagal 165
Praghas reatha

I gcás ina ndearna creidiúnaí an conradh a fhoirceannadh agus nach bhfuil idirbheart ionadach déanta aige, ach go bhfuil praghas reatha ar an gcomhlíonadh, féadfaidh an creidiúnaí, a mhéid atá sé i dteideal damáistí, an difríocht idir an praghas conartha agus an praghas reatha tráth an fhoirceanta a aisghabháil, mar aon le damáistí i dtaobh aon chaillteanais eile.

ROINN 2 ÚS AR ÍOCAÍOCHTAÍ DÉANACHA: FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 166
Ús ar íocaíochtaí déanacha

1. I gcás ina mbíonn moill ar shuim airgid a íoc, tá an creidiúnaí i dteideal ús ar an tsuim sin ón uair atá an íocaíocht dlite go dtí an uair a dhéantar an íocaíocht ag an ráta atá sonraithe i mír 2, gan fógra a thabhairt.

2. Is éard atá i ráta úis íocaíochta a bhfuil moill uirthi:

(c) (a) i gcás inarb é gnátháit chónaithe an chreidiúnaí Ballstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige nó tríú tír, an ráta atá curtha i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar an bpríomhghníomhaíocht athmhaoinithe is déanaí a rinne siad roimh an gcéad lá den leathbhliain i dtrácht, nó an ráta úis imeallach atá mar thoradh ar na nósanna imeachta tairisceana a mbaineann ráta athraitheach leo le haghaidh na bpríomhghníomhaíochtaí athmhaoinithe is déanaí de chuid an Bhainc Ceannais Eorpaigh, móide dhá phointe céatadáin;

(d) (b) i gcás inarb é gnátháit chónaithe an chreidiúnaí Ballstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige, an ráta coibhéiseach arna leagan síos ag banc ceannais náisiúnta an Bhallstáit sin, móide dhá phointe céatadáin.

3. Féadfaidh an creidiúnaí damáistí a aisghabháil i dtaobh aon chaillteanais eile.

Airteagal 167
Ús nuair is tomhaltóir an féichiúnaí

1. Nuair is tomhaltóir an féichiúnaí, beidh an t-ús de thoradh moille ar íocaíocht dlite ag an ráta dá bhforáiltear in Airteagal 166 i gcás nach scaoiltear le neamh-chomhlíonadh.

2. Ní thiocfaidh an t-ús i bhfeidhm go dtí 30 lá tar éis don chreidiúnaí fógra a thabhairt don fhéichiúnaí ina sonrófar an oibleagáid ús a íoc agus ráta an úis sin. Féadfar fógra a thabhairt roimh an dáta ar a mbeidh an íocaíocht dlite.

3. Aon téarma den chonradh lena socraítear ráta úis atá níos airde ná an ráta dá bhforáiltear in Airteagal 166, nó lena socraítear fabhrú níos luaithe ná an t-am atá sonraithe i mír 2 den Airteagal sin, níl sé ceangailteach sa mhéid go mbeadh sé sin míchothrom de réir Airteagal 83.

4. Ní féidir ús de thoradh moille ar íocaíocht a chur leis an gcaipiteal chun ús a sholáthar.

5. Ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

ROINN 3 ÍOCAÍOCHTAÍ DÉANACHA TRÁDÁLAITHE

Airteagal 168
Ráta úis agus fabhrú

1. I gcás ina gcuireann trádálaí moill ar íocaíocht praghais atá dlite faoi chonradh chun earraí a sheachadadh nó chun ábhar digiteach nó seirbhísí gaolmhara a sholáthar, gan é a scaoileadh de bhua Airteagal 88, beidh an t-ús dlite ag an ráta atá sonraithe i mír 5 den Airteagal sin.

2. Tiocfaidh an t-ús i bhfeidhm ag an ráta atá sonraithe i mír 5 ar an lá tar éis an dáta nó tar éis dheireadh na tréimhse le haghaidh íocaíochta dá bhforáiltear sa chonradh. Murab ann don dáta nó don tréimhse sin, tiocfaidh an t-ús ag an ráta sin i bhfeidhm:

   (a) 30 lá tar éis an dáta ar a bhfaigheann an féichiúnaí an sonrasc nó iarraidh choibhéiseach ar íocaíocht; nó

   (b) 30 lá tar éis an dáta ar a bhfaightear na hearraí, an t-ábhar digiteach nó na seirbhísí gaolmhara, más dáta níos luaithe nó dáta neamhchinnte an dáta dá bhforáiltear i bpointe (a), nó mura léir an bhfuil sonrasc nó iarraidh choibhéiseach ar íocaíocht faighte ag an bhféichiúnaí.

3. I gcás ina mbeidh comhréireacht earraí, ábhair dhigitigh nó seirbhísí gaolmhara leis an gconradh le fionnadh trí ghlacadh leo nó trí scrúdú a dhéanamh orthu, cuirtear tús leis an tréimhse 30 lá dá bhforáiltear i bpointe (b) de mhír 2 ar an dáta glactha nó ar an dáta ar a gcuirtear an nós imeachta scrúdúcháin i gcrích. Ní féidir le huastréimhse an nós imeachta scrúdúcháin a bheith níos faide ná 30 lá ón dáta ar a seachadtar na hearraí nó ar a soláthraítear an t-ábhar digiteach nó na seirbhísí gaolmhara, ach

amháin má chomhaontaíonn na páirtithe a mhalairt agus mura bhfuil an comhaontú sin míchothrom de réir Airteagal 170.

4. Ní féidir leis an tréimhse le haghaidh íocaíochta arna cinneadh faoi mhír 2 dul thar 60 lá, ach amháin má chomhaontaíonn na páirtithe a mhalairt agus mura bhfuil an comhaontú míchothrom de réir Airteagal 170.

5. Is éard atá i ráta úis íocaíochta a bhfuil moill uirthi:

(c) (a) i gcás inarb é gnátháit chónaithe an chreidiúnaí Ballstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige nó tríú tír, an ráta úis atá curtha i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar an bpríomhgníomhaíocht athmhaoinithe is déanaí a rinne siad roimh an gcéad lá den leathbhliain i dtrácht, nó an ráta úis imeallach atá mar thoradh ar na nósanna imeachta tairisceana a mbaineann ráta athraitheach leo le haghaidh na bpríomhghníomhaíochtaí athmhaoinithe is déanaí de chuid an Bhainc Ceannais Eorpaigh, móide ocht bpointe céatadáin;

(d) (b) i gcás inarb é gnátháit chónaithe an chreidiúnaí Ballstát nach bhfuil an euro mar airgeadra aige, an ráta coibhéiseach arna leagan síos ag banc ceannais náisiúnta an Bhallstáit sin, móide ocht bpointe céatadáin.

6. Féadfaidh an creidiúnaí damáistí a aisghabháil i dtaobh aon chaillteanais eile.

Airteagal 169
Cúiteamh as costais aisghabhála

1. I gcás ina bhfuil an t-ús iníoctha i gcomhréir le hAirteagal 168, tá an creidiúnaí i dteideal suim sheasta EUR 40, ar a laghad, a fháil ón bhféichiúnaí, nó suim choibhéiseach san airgeadra a comhaontaíodh don phraghas conartha mar chúiteamh as costais aisghabhála an chreidiúnaí.

2. Tá an creidiúnaí i dteideal cúiteamh réasúnta a fháil ón bhféichiúnaí as aon chostas aisghabhála atá níos mó ná an tsuim sheasta dá dtagraítear i mír 1 agus a tabhaíodh de bharr íocaíocht dhéanach an fhéichiúnaí.

Airteagal 170
Téarmaí míchothroma conartha a bhaineann le hús de bharr íocaíochta déanaí

1. Aon téarma conartha a bhaineann leis an dáta nó an tréimhse le haghaidh íocaíochta, leis an ráta úis de bharr íocaíochta déanaí nó leis an gcúiteamh as costais aisghabhála, ní bheidh sé ceangailteach sa mhéid go bhfuil an téarma sin míchothrom. Bíonn téarma míchothrom má chlaonann sé go mór ó dhea-chleachtas tráchtála, contrártha le meon macánta agus cóirdhéileáil, ag cur san áireamh imthosca ar fad an cháis, lena n-áirítear cineál na n-earraí, an ábhair dhigitigh nó na seirbhíse gaolmhaire.

2. Chun críche mhír 1, meastar gur téarma conartha míchothrom téarma a dhéanann foráil maidir le ham nó tréimhse le haghaidh íocaíochta nó ráta úis nach bhfuil chomh fabhrach don chreidiúnaí is atá an t-am, an tréimhse nó an ráta atá sonraithe

in Airteagal 167 agus Airteagal 168, nó téarma a dhéanann foráil maidir le méid an chúitimh as costais aisghabhála atá níos lú ná an méid atá sonraithe in Airteagal 169.

3. Chun críche mhír 1, aon téarma conartha a eisiann ús de bharr íocaíochta déanaí nó cúiteamh as costais aisghabhála, míchothrom i gcónaí.

Airteagal 171
Cineál sainordaitheach

Ní fhéadfaidh na páirtithe feidhmiú na Roinne seo a eisiamh ná maolú ar a héifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Cuid VII Tabhairt ar ais

Caibidil 17 Tabhairt ar ais

Airteagal 172
Tabhairt ar ais de thoradh neamhniú nó foirceannadh

1. Nuair a dhéanann páirtí amháin an conradh a neamhniú nó a fhoirceannadh, ní foláir don dá pháirtí an méid a fuair an páirtí sin ("an faighteoir") ón bpáirtí eile a thabhairt ar ais.

2. Maidir leis an oibleagáid an méid a fuarthas a thabhairt ar ais, áirítear leis aon torthaí nádúrtha agus dlíthiúla a tháinig ón méid a fuarthas.

3. Nuair a dhéantar conradh comhlíonta a fhoirceannadh ina thráthchodanna nó ina chodanna, ní cheanglaítear go dtabharfar ar ais an méid a fuarthas maidir le haon tráthchuid ná aon chuid i gcás inar gcomhlíonadh na hoibleagáidí ar an dá thaobh ina n-iomláine, nó i gcás ina bhfuil an praghas ar an méid a rinneadh iníoctha faoi Airteagal 8(2), ach amháin má fhágann cineál an chonartha nach maith ar bith do cheann amháin de na conarthaí páirt-chomhlíonadh.

Airteagal 173
Íocaíocht an luacha airgeadaíochta

1. I gcás nach féidir an méid a fuarthas, lena n-áirítear torthaí nuair is ábhartha, a thabhairt ar ais nó, i gcás ábhair dhigitigh, cé acu a soláthraíodh ar mheán inláimhsithe é nó nár soláthraíodh, ní foláir don fhaighteoir an luach airgeadaíochta a íoc. I gcás inar féidir an méid a fuarthas a thabhairt ar ais, ach go mbeadh iarracht mhíréasúnta nó costas míréasúnta mar thoradh air, féadfaidh an faighteoir rogha a dhéanamh an luach airgeadaíochta a íoc, ar chuntar nach ndéanfadh sin dochar do leasanna dílseanaigh an pháirtí eile.

2. Is é luach airgeadaíochta earraí an luach a bheadh acu ar an dáta ar a bhfuil an luach airgeadaíochta le híoc dá mbeidís coinnithe ag an bhfaighteoir gan scriosadh gan damáiste go dtí an dáta sin.

3. I gcás ina ndéanann custaiméir conradh seirbhíse gaolmhaire a neamhniú nó a fhoirceannadh tar éis an tseirbhís ghaolmhar sin a chomhlíonadh ina hiomláine nó i bpáirt, is é luach airgeadaíochta an méid a fuarthas an méid a shábháil an custaiméir tríd an tseirbhís ghaolmhar a fháil.

4. I gcás ábhair dhigitigh, is é luach airgeadaíochta an méid a fuarthas an méid a shábháil an tomhaltóir trí úsáid a bhaint as an ábhar digiteach.

5. I gcás ina bhfuair an faighteoir ionadaí in airgead nó i gcomhchineál mar mhalairt ar earraí nó ar ábhar digiteach nuair a bhí an faighteoir ar an eolas, nó nuair a d'fhéadfaí bheith ag súil é a bheith ar an eolas, faoin bhforas le neamhniú nó le foirceannadh,

féadfaidh an páirtí eile rogha a dhéanamh an t-ionadaí nó luach airgeadaíochta an ionadaí a éileamh. Féadfaidh faighteoir a fuair ionadaí in airgead nó i gcomhchineál mar mhalairt ar earraí nó ar ábhar digiteach nuair nach raibh an faighteoir ar an eolas, nó nuair nach bhféadfaí bheith ag súil é a bheith ar an eolas, faoin bhforas le neamhniú nó le foirceannadh, rogha a dhéanamh an t-ionadaí nó luach airgeadaíochta an ionadaí a thabhairt ar ais.

6. I gcás ábhair dhigitigh nach soláthraítear mar mhalairt ar phraghas a íoc, ní thabharfar rud ar bith ar ais.

Airteagal 174
Íocaíocht as úsáid agus ús ar airgead a fuarthas

1. I gcás faighteora a d'úsáid na hearraí, ní mór dó luach airgeadaíochta na húsáide sin a íoc leis an bpáirtí eile le haghaidh tréimhse ar bith:

   (a) a raibh an faighteoir mar fhoras le neamhniú nó foirceannadh lena linn;

   (b) a raibh an faighteoir, roimh thús na tréimhse sin, ar an eolas faoin bhforas le neamhniú nó le foirceannadh lena linn; nó

   (c) ag féachaint do chineál na n-earraí atá ann, cineál agus méid na húsáide agus an fáil atá ar leigheasanna seachas foirceannadh, ní bheadh sé cothrom ligean don fhaighteoir saorúsáid a bhaint as na hearraí don tréimhse sin.

2. Faighteoir a bhfuil sé d'oibleagáid air airgead a thabhairt ar ais, ní foláir dó ús a íoc ag an ráta atá luaite in Airteagal 166, sna cásanna seo a leanas:

   (a) i gcás ina bhfuil sé d'oibleagáid ar an bpáirtí eile íoc as an úsáid; nó

   (b) i gcás ina raibh an faighteoir ina chúis leis an gconradh a neamhniú de dheasca calaoise, bagairtí agus dúshaothraithe éagóraigh.

3. Chun críocha na Caibidle seo, níl sé d'oibleagáid ar an bhfaighteoir íoc as úsáid na n-earraí a fhaightear nó an t-ús a íoc ar airgead a fuarthas in imthosca eile seachas iad sin atá leagtha amach i mír 1 agus mír 2.

Airteagal 175
Cúiteamh as caiteachas

1. I gcás ina bhfuil caiteachas tabhaithe ag faighteoir ar earraí nó ar ábhar digiteach, tá an faighteoir i dteideal cúitimh sa mhéid go ndeachaigh an caiteachas chun leasa an pháirtí eile, chomh fada is a rinneadh an caiteachas nuair nach raibh an faighteoir ar an eolas, nó nach bhféadfaí ag súil é a bheith ar an eolas, faoin bhforas le neamhniú nó le foirceannadh.

2. Maidir le faighteoir a bhí ar an eolas, nó a bheifí ag súil é a bheith ar an eolas, faoin bhforas le neamhniú nó le foirceannadh, níl sé i dteideal cúitimh ach as an gcaiteachas a bhí de dhith chun na hearraí nó an t-ábhar digiteach a chosaint ó

chaillteanas nó ó thitim sa luach, ar choinníoll nach raibh deis ag an bhfaighteoir comhairle a lorg ón bpáirtí eile.

Airteagal 176
Modhnú cothrom

Féadfar aon oibleagáid maidir le tabhairt ar ais nó íocaíocht faoin gCaibidil seo a mhodhnú sa mhéid go mbeadh comhlíonadh na hoibleagáide sin an-mhíchothrom, ag cur san áireamh go háirithe nach raibh an páirtí ina chúis leis an bhforas le neamhniú nó foirceannadh, nó nach raibh eolas aige air sin.

Airteagal 177
Cineál sainordaitheach

I gcaidreamh idir trádálaí agus tomhaltóir ní fhéadfaidh na páirtithe, chun aimhleasa an tomhaltóra, feidhmiú na Caibidle seo a eisiamh, ná maolú ar a héifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

Cuid VIII Rúradh

Caibidil 18 Rúradh

ROINN 1 FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 178
Cearta atá faoi réir rúraidh

Tá ceart chun comhlíonadh oibleagáide a fhorghníomhú, agus aon cheart coimhdeach a ghabhann leis an gceart sin, faoi réir rúraidh faoin am a rachaidh an tréimhse in éag i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

ROINN 2 TRÉIMHSÍ RÚRAIDH AGUS A dTOSACH FEIDHME

Airteagal 179
Tréimhsí rúraidh

1. Is é dhá bhliain an tréimhse ghairid rúraidh.

2. Is é deich mbliana nó, i gcás ceart chun damáistí de dheasca gortaithe pearsanta, tríocha bliain an tréimhse fhada rúraidh.

Airteagal 180
Tosach feidhme

1. Cuirfear tús leis an tréimhse ghairid rúraidh ón uair a bheidh an creidiúnaí ar an eolas, nó a d'fhéadfaí a bheith ag súil é a bheith ar an eolas, faoi na fíricí arb iad an bunús ar a bhfeidhmeofar an ceart.

2. Cuirfear tús leis an tréimhse fhada rúraidh ón uair a bheidh ar an bhféichiúnaí an oibleagáid a chomhlíonadh nó, i gcás ceart chun damáistí, ó uair na gníomhaíochta is bunús leis an gceart.

3. I gcás ina bhfuil sé d’oibleagáid ar an bhféichiúnaí rud a dhéanamh go leanúnach, nó gan é a dhéanamh, meastar go bhfuil ceart ar leithligh ag an gcreidiúnaí gach uair nach gcomhlíontar an oibleagáid.

ROINN 3 NA TRÉIMHSÍ RÚRAIDH A SHÍNEADH

Airteagal 181
Fionraí i gcás imeachtaí breithiúnacha agus eile

1. Cuirtear an dá thréimhse rúraidh ar fionraí ón uair a chuirtear tús le himeachtaí breithiúnacha chun an ceart a dhearbhú.

2. Ní thiocfaidh deireadh leis an bhfionraí go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach, nó go dtí go mbeidh an cás réitithe ar bhealach eile. I gcás ina gcuirtear deireadh leis na himeachtaí laistigh de na sé mhí dheireanacha den tréimhse rúraidh gan cinneadh a dhéanamh maidir lena dtuillteanas, ní rachaidh an tréimhse rúraidh in éag sula mbeidh sé mhí caite ón tráth a cuireadh na himeachtaí i gcrích.

3. Beidh feidhm ag mír 1 agus mír 2, agus oiriúnuithe iomchuí déanta orthu, maidir le himeachtaí eadrána, le himeachtaí idirghabhála, le himeachtaí ina gcuirtear an cás atá idir dhá pháirtí faoi bhráid tríú páirtí le haghaidh cinnidh cheangailtigh agus le haon imeachtaí eile a thionscnaítear ar mhaithe le teacht ar chinneadh maidir leis an gceart, nó chun dócmhainneacht a neamhniú.

4. Próiséas struchtúrtha atá san idirghabháil, is cuma cad a thugtar air nó cén chaoi a ndéantar tagairt dó, ar próiseas é ina ndéanann dhá pháirtí nó níos mó atá i mbun díospóide teacht ar chomhaontú eatarthu féin, ar bhonn deonach, chun an díospóid a réiteach le cúnamh an idirghabhálaí. Féadfaidh na páirtithe tús a chur leis an bpróiséas, féadfaidh cúirt é a ordú nó a mholadh, nó féadfar é a fhorordú trí bhíthin an dlí náisiúnta. Cuirtear deireadh leis an idirghabháil le comhaontú na bpáirtithe nó le dearbhú an idirghabhálaí nó le dearbhú páirtí amháin.

Airteagal 182
An dáta éaga a chur siar i gcás caibidlíochta

Má théann na páirtithe i mbun caibidlíochta faoin gceart, nó faoi na himthosca is cúis le héileamh a bhaineann leis an gceart, ní rachaidh ceachtar tréimhse rúraidh in éag laistigh de bhliain ón tráth a dhéantar an chumarsáid dheireanach sa chaibidlíocht nó ón uair a chuireann páirtí amháin in iúl don pháirtí eile nach dteastaíonn uaidh leanúint leis an gcaibidlíocht.

Airteagal 183
An dáta éaga a chur siar i gcás neamhinniúlachta

Mura bhfuil ionadaí ag duine atá faoi réir neamhinniúlachta, ní rachaidh ceachtar tréimhse rúraidh maidir le ceart an duine sin in éag laistigh de bhliain bliana tar éis deireadh a theacht leis an neamhinniúlacht sin, nó tar éis ionadaí a cheapadh.

ROINN 4 NA TRÉIMHSÍ RÚRAIDH A ATHNUACHAN

Airteagal 184
Athnuachan de thoradh aitheantas a fháil

Má dhéanann an féichiúnaí an ceart a aithint maidir leis an gcreidiúnaí, trí chuid den fhiach a íoc, tríd an ús a íoc, trí urrús a thabhairt, trí fhritháireamh nó ar bhealach ar bith eile, cuirfear tús le tréimhse ghairid rúraidh nua.

ROINN 5 ÉIFEACHTAÍ RÚRAIDH

Airteagal 185
Éifeachtaí rúraidh

1. Nuair a rachaidh an tréimhse rúraidh ábhartha in éag beidh an féichiúnaí i dteideal comhlíonadh na hoibleagáide i dtrácht a dhiúltú agus caillfidh an creidiúnaí na leigheasanna ar fad ar neamh-chomhlíonadh, seachas comhlíonadh a choinneáil siar.

2. Ní fhéadfar an méid a d'íoc nó a d'aistrigh an féichiúnaí agus an oibleagáid á comhlíonadh aige a aisghabháil toisc an tréimhse rúraidh a bheith imithe in éag tráth a cuireadh an comhlíonadh i gcrích.

3. Ní rachaidh an tréimhse rúraidh maidir le ceart chun ús a íoc, ná cearta coimhdeacha eile, in éag roimh an tréimhse a bhaineann leis an bpríomhcheart.

ROINN 6 MODHNÚ TRÍ THEACHT AR CHOMHAONTÚ

Airteagal 186
Comhaontuithe maidir le rúradh

1. Féadfar rialacha na Caibidle seo a mhodhnú trí theacht ar chomhaontú idir na páirtithe, go háirithe trí na tréimhsí rúraidh a ghiorrú nó a fhadú.

2. Ní fhéadfar an tréimhse ghairid rúraidh a ghiorrú go dtí níos lú ná bliain amháin, ná a shíneadh go dtí níos mó ná deich mbliana.

3. Ní fhéadfar an tréimhse fhada rúraidh a ghiorrú go dtí níos lú ná bliain amháin, ná a shíneadh go dtí níos mó ná tríocha bliain.

4. Ní fhéadfaidh na páirtithe feidhmiú an Airteagail seo a eisiamh ná maolú ar a éifeachtaí ná na héifeachtaí sin a athrú.

5. I gcás conartha idir trádálaí agus tomhaltóir, ní fhéadfar an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm chun aimhleasa an tomhaltóra.

Foscríbhinn 1

Treoracha samplacha maidir le tarraingt siar

Ceart chun tarraingt siar

Tá sé de cheart agat tarraingt siar ón gconradh seo laistigh de 14 lá gan cúis a thabhairt.

Tiocfaidh deireadh leis an tréimhse tarraingthe siar 14 lá tar éis an chéad lá.

Chun an ceart chun tarraingt siar a fheidhmiú, ní foláir duit sinn a chur ar an eolas (2) faoi do chinneadh tarraingt siar ón gconradh seo i ráiteas soiléir (e.g. i litir a sheolfar tríd an bpost, le facs nó le ríomhphost). Féadfaidh tú an fhoirm shamplach tarraingthe siar atá i gceangal leis seo a úsáid, ach níl dualgas ort í a úsáid. 3

Chun sprioc na tarraingthe siar a chomhlíonadh, is leor duit, sula dtéann an tréimhse tarraingthe siar in éag, an ráiteas a chur isteach maidir le do cheart chun tarraingt siar a fheidhmiú.

Éifeachtaí na tarraingthe siar

Má tharraingíonn tú siar ón gconradh seo, déanfaimid na híocaíochtaí ar fad a rinne tú a aisíoc, lena n-áirítear na costais seachadta (seachas na costais fhorlíontacha a bhaineann leis an rogha a rinne tú maidir leis an modh seachadta amach ón gcineál seachadta chaighdeánaigh is saoire a thairgimid), gan moill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná 14 lá ón lá ar a gcuirtear do chinneadh tarraingthe siar ón gconradh seo in iúl dúinn. Déanfaimid an t-aisíoc sin leis an modh íocaíochta céanna a d'úsáid tusa don bhun-idirbheart, ach amháin má tá a mhalairt comhaontaithe go sainráite agat; pé ar bith, ní ghearrfar aon táillí ort as an aisíoc sin. 4

5

6

Treoracha maidir le cur i gcrích:

1 Cuir ceann amháin de na téacsanna seo a leanas isteach anseo idir uaschamóga:

a) i gcás conartha seirbhíse gaolmhaire nó conradh chun uisce, gás nó leictreachas a sholáthar, nuair nach gcuirtear méid teoranta ná cainníocht sheasta daoibh ar díol nó i gcás conartha chun téamh dúiche nó ábhar digiteach nach soláthraítear ar mheán inláimhsithe a sholáthar: “nuair a thugtar an conradh i gcrích.”:

b) i gcás conartha díolacháin: "tráth a ghlacann tusa, nó tríú páirtí seachas an t-iompróir arna ainmniú agat, seilbh ar na hearraí.";

c) i gcás conartha a bhaineann le hearraí éagsúla a d’ordaigh an tomhaltóir in aon ordú amháin agus a seachadadh ar leithligh: "tráth a ghlacann tusa, nó tríú páirtí seachas an t-iompróir arna ainmniú agat, seilbh ar an earra deireanach.";

d) i gcás conartha a bhaineann le seachadadh earra ina bhfuil míreanna nó píosaí éagsúla: "tráth a ghlacann tusa, nó tríú páirtí seachas an t-iompróir agus arna ainmniú agat, seilbh ar an mír dheireanach nó ar an bpíosa deireanach.";

e) i gcás conartha le haghaidh seachadta rialta earraí laistigh de thréimhse shonraithe ama: "tráth a ghlacann tusa, nó tríú páirtí seachas an t-iompróir agus arna ainmniú agat, seilbh ar an gcéad earra.";

2 Cuir isteach d'ainm, do sheoladh poist agus, nuair is ann dóibh, d'uimhir ghutháin, d'uimhir facs agus do sheoladh ríomhphoist.

3 Má tá tú chun an rogha a thabhairt don tomhaltóir an fhaisnéis a líonadh agus a chur isteach go leictreonach ar do láithreán gréasáin maidir lena tharraingt siar ón gconradh, cuir isteach an méid seo a leanas: "Féadfaidh tú freisin an fhoirm shamplach tarraingthe siar nó aon ráiteas soiléir eile a líonadh agus a chur isteach ar ár láithreán gréasáin [cuir isteach an seoladh idirlín]. Má thograíonn tú sin a dhéanamh, cuirfimid admháil chugat go bhfuarthas an t-iarratas ar tharraingt siar ar mheán buanfasach (e.g. le ríomhphost) gan mhoill."

4 I gcás conarthaí díolacháin nach bhfuil tairiscint iontu na hearraí a bhailiú i gcás tarraingt siar, cuir isteach an méid seo a leanas: "Féadfaimid an t-aisíoc a choinneáil siar go dtí go bhfaighimid na hearraí ar ais nó go dtí go mbeidh fianaise curtha ar fáil agat gur seoladh na hearraí ar ais chugainn, cibé acu is luaithe."

5 Má fuair an tomhaltóir earraí faoin gconradh, cuir isteach an méid seo a leanas:

a cuir isteach:

– "Baileoimid na hearraí."; nó

– "Seolfaidh tú ar ais chugainn na hearraí nó tabharfaidh tú dúinn iad nó do ____[cuir isteach ainm agus seoladh poist, nuair is infheidhme, an duine arna údarú agat chun na hearraí a fháil] gan moill mhíchuí agus i ngach cás tráth nach déanaí ná 14 lá ón lá a chuireann tú an tarraingt siar ón gconradh in iúl dúinn. Meastar go gcomhlíontar an spriocdháta má sheolann tú na hearraí ar ais sula n-imíonn an tréimhse 14 lá in éag."

b cuir isteach:

– "Orainn a bheidh costas na hearraí a chur ar ais."; nó

– "Ortsa a bheidh costas díreach na hearraí a chur ar ais."; nó

– Más rud e, i gcás cianchonartha, nach ndéanann tú tairiscint costas na hearraí a chur ar ais a íoc, agus nach féidir an cineál sin earraí a chur ar ais tríd an bpost: "Ortsa a bheidh costas díreach na hearraí a chur ar ais, ___ EUR [cuir isteach an méid]."; nó mura féidir costas na hearraí a chur ar ais a ríomh go réasúnta maith roimh ré: "Ortsa a bheidh costas díreach na hearraí a chur ar ais. Meastar an costas a bheith thart ar ___ EUR[cuir isteach an méid] ar a mhéad"; nó

– Más rud é, i gcás conartha seacháitribh, nach féidir na cineálacha sin earraí a chur ar ais tríd an bpost agus má seachadadh ar theach an tomhaltóra iad tráth a tugadh an conradh i gcrích: "Rachaimid faoi choinne na n-earraí ar ár gcostas féin."

c	"Ní bheidh tú ach faoi dhliteanas luach laghdaithe na n-earraí atá mar thoradh ar a láimhseáil, seachas an láimhseáil a bhí de dhíth chun cineál, tréithe agus feidhmiú na n-earraí a chinneadh."

6	I gcás conartha chun seirbhísí gaolmhara a sholáthar, cuir isteach an méid seo a leanas: "Má d'iarr tú tús a chur le comhlíonadh na seirbhísí gaolmhara le linn na tréimhse tarraingthe siar, íocfaidh tú suim linn atá i gcomhréir leis an méid a soláthraíodh go dtí go mbeidh sé curtha in iúl agat gur tharraing tú siar ón gconradh seo, i gcomparáid le cumhdach iomlán an chonartha".

Foscríbhinn 2

Foirm shamplach tarraingthe siar

(ná déantar an fhoirm seo a líonadh agus a chur ar ais ach amháin má theastaíonn uait tarraingt siar ón gconradh)

– Do [Ainm an trádálaí, a sheoladh poist agus, nuair atá sé ar fáil, a uimhir facs agus a sheoladh ríomhphoist le cur isteach anseo ag an trádálaí]:

– Tugaim/Tugaimid* fógra anseo go bhfuil mé/go bhfuilimid* ag tarraingt siar ó mo chonradh/ónár gconradh* díolacháin maidir leis na hearraí/maidir leis an tseirbhís ghaolmhar seo thíos* a sholáthar

– Arna ordú an*/Arna fháil an*

– Ainm an tomhaltóra/ainmneacha na dtomhaltóirí

– Seoladh an tomhaltóra/na dtomhaltóirí

– Síniú an tomhaltóra/na dtomhaltóirí (más ar pháipéar atá an fhoirm seo á líonadh)

– Dáta:

* Scrios de réir mar is cuí.

IARSCRÍBHINN II
FÓGRA CAIGHDEÁNACH FAISNÉISE

Beidh an conradh atá á thabhairt i gcrích agat faoi rialú an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh, ar córas malartach é den dlí náisiúnta conarthach atá ar fáil do thomhaltóirí atá i mbun idirbheart trasteorann. Is ionann na comhrialacha sin ar fud an Aontais Eorpaigh, agus ceapadh iad chun leibhéal ard cosanta a sholáthar do thomhaltóirí.

Ní bheidh feidhm ag na rialacha sin ach amháin má aontaíonn tú go bhfuil an conradh faoi rialú an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh.

B'fhéidir gur aontaigh tú freisin le conradh ar an bhfón nó ar bhealach eile (e.g. téacstheachtaireacht) agus nach bhfuair tú an fógra seo roimh ré, dá bhrí sin. Más amhlaidh atá, ní bheidh an conradh bailí go dtí go mbeidh an fógra sin faighte agat agus do thoiliú curtha in iúl agat.

Déantar cur síos ar do bhunchearta thíos.

AN DLÍ COITEANN DÍOLACHÁIN EORPACH: ACHOIMRE AR PHRÍOMCHEARTA AN TOMHALTÓRA

Na cearta atá agat sula síníonn tú an conradh

Caithfidh an trádálaí an **fhaisnéis thábhachtach maidir leis an gconradh** a thabhairt duit, mar shampla maidir leis an táirge agus an praghas, lena n-áirítear na cánacha agus na táillí ar fad, agus sonraí teagmhála an trádálaí. Ní foláir an fhaisnéis sin a bheith níos mionsonraithe má cheannaíonn tú rud éigin in áit seachas i siopa an trádálaí nó mura mbuaileann tú leis an trádálaí tú féin in aon chor, mar shampla má cheannaíonn tú rud ar líne nó ar an bhfón. Beidh tú i dteideal damáistí mura bhfuil an fhaisnéis sin iomlán nó má tá sí míchruinn.

Na cearta atá agat tar éis duit an conradh a shíniú

I bhformhór na gcásanna tá 14 lá agat **tarraingt siar ón gceannach má cheannaigh tú na hearraí** in áit seachas i siopa an trádálaí nó mura bhuail tú leis an trádálaí go dtí an uair a rinneadh an ceannachán (mar shampla má cheannaigh tú rud ar líne nó ar an bhfón). Ní foláir don trádálaí faisnéis **agus foirm shamplach tarraigthe siar**[23] a sholáthar duit freisin. Mura bhfuil an méid sin déanta ag an trádálaí, féadfaidh tú an conradh a chur ar ceal laistigh de bhliain amháin.

Cad is féidir leat a dhéanamh nuair atá na táirgí lochtach nó nuair nach seachadtar iad de réir mar a cinneadh? Tá tú i dteideal rogha a dhéanamh idir: 1) seachadadh 2) athsholáthar nó 3) deisiú an táirge 4) laghdú ar an bpraghas a iarraidh 5) féadfaidh tú an conradh a chur ar ceal, an táirge a thabhairt ar ais agus aisíocaíocht a fháil seachas más locht an-bheag atá ann 6) féadfaidh tú damáistí a éileamh as an gcaillteanas. Ní gá duit an praghas a íoc go dtí go mbeidh an táirge faighte agat gan locht.

Más rud é nach bhfuil *seirbhís* ghaolmhar comhlíonta ag an trádálaí faoi mar a gealladh sa chonradh, tá cearta cosúla agat. Tar éis duit gearán a dhéanamh leis an trádálaí, áfach, bíonn sé de cheart aige de ghnáth iarracht a dhéanamh i dtús báire an jab a dhéanamh i gceart. Má

[23] Nasc le cur isteach anseo.

theipeann ar an trádálaí athuair, ansin beidh rogha agat idir 1) iarraidh ar an trádálaí arís an tseirbhís ghaolmhar a sholáthar 2) gan an praghas a íoc go dtí go ndéanfar an tseirbhís ghaolmhar a sholáthar i gceart 3) laghdú ar an bpraghas a iarraidh nó 4) damáistí a éileamh. 5) Féadfaidh tú freisin an conradh a chur ar ceal agus aisíocaíocht a fháil, ach amháin más teip an-bheag atá ann i leith an tseirbhís ghaolmhar a sholáthar. **An tréimhse chun do chearta a éileamh nuair atá táirgí lochtach nó mura seachadtar iad de réir mar a cinneadh:** Tá dhá bhliain agat do chearta a éileamh ón uair a thuigeann tú, nó ón uair ba cheart duit a thuiscint, nach ndearna an trádálaí rud faoi mar a bhí comhaontaithe sa chonradh. I gcás ina dtagann na fadhbanna seo chun cinn go han-déanach, is é an nóiméad deireanach is féidir leat éileamh den chineál sin a dhéanamh, 10 mbliana ón uair a bhí ar an trádálaí na hearraí a sheachadadh, nó an t-ábhar digiteach nó an tseirbhís ghaolmhar a sholáthar.

Cosaint i gcoinne téarmaí éagóracha: Ní bheidh téarmaí caighdeánacha conartha trádálaí ar téarmaí éagóracha iad ceangailteach ort ó thaobh dlí.

Níl i liosta seo na gceart ach achoimre agus ní liosta cuimsitheach é ná níl na sonraí ar fad ann. Féadfaidh tú téacs iomlán an Dlí Choitinn Díolacháin Eorpaigh a cheadú anseo. Léigh do chonradh go cúramach.

I gcás díospóide, féadfaidh tú comhairle dlí a lorg